

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I Gníomhartha reachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán ⁽¹⁾ 1
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir leis an gclár staidrimh Eorpach 2013-17 ⁽²⁾ 12
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 100/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí ⁽¹⁾ 30

Pragas: EUR 3

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE⁽²⁾ Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE agus maidir leis an Eilvéis

* Faoin tagairt L 39 a foilsíodh ábhar an eagrán seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) Uimh. 98/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Eanáir 2013

maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialach na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Is réamhtheachtaithe pléascán substaintí nó meascáin áirithe agus is féidir úsáid a bhaint astu chun pléascáin a mhonarú go haindleathach. I bPlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Slándáil Pléascán a Fheabhsú a ghlac an Chomhairle an 18 Aibreán 2008, iarradh ar an gCoimisiún buanchoiste um réamhtheachtaithe a bhunú chun bearta a bhreithniú agus moltaí a ullmhú i ndáil le rialáil na réamhtheachtaithe pléascán atá ar fáil ar an margadh, agus a n-éifeachtaí costais is tairbhe á gcur san áireamh.
- (2) Shainaitin an Buanchoiste um Réamhtheachtaithe, buanchoiste a bhunaigh an Coimisiún in 2008, réamhtheachtaithe pléascán éagsúla ar dóigh go n-úsáidí iad chun ionsaithe scimhlitheoireachta a dhéanamh agus mhol sé gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh ar leibhéal an Aontais.
- (3) Tá dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin glactha cheana féin ag roinnt Ballstát maidir le réamhtheachtaithe pléascán áirithe a chur ar an margadh, a chur ar fáil agus seilbh a bheith orthu.
- (4) Maidir leis na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin sin, ar nithe iad atá éagsúil óna chéile agus ar dóigh dóibh bheith ina mbacainní ar thrádáil laistigh den Aontas, ba cheart iad a chomhchuíbhiú d'fhonn

saorghluaiseacht substaintí ceimiceacha agus meascán ceimiceach laistigh den mhargadh inmheánach a fheabhsú, d'fhonn aon saobhadh ar an iomaíocht a bhaint, a mhéid is féidir, agus ardleibhéal cosanta á áirithiú le haghaidh shábháilteacht an phobail i gcoitinne ag an am céanna. Ina theannta sin, táthar tar éis rialacha eile a leagan síos a bhaineann le substaintí áirithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais maidir le sábháilteacht na n-oibrithe agus le cosaint an chomhshaoil, ní dhéantar difear leis an Rialachán seo do na rialacha eile sin.

- (5) D'fhonn an leibhéal aonfhoirmeachta is airde a áirithiú le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha, is rialachán an ionstraim dlí is oiriúnaí chun margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán a rialáil.
- (6) Le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán ⁽³⁾, foráiltear go bhfuiltear chun substaintí agus meascáin a dhéantar a aicmiú mar shubstaintí guaiseacha nó mar mheascáin ghuaiseacha a lipéadú mar is ceart sula gcuirfead ar an margadh iad. Foráiltear leis freisin go bhfuil oibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear miondíoltóirí, chun substaintí den sórt sin a aicmiú agus a lipéadú nó go bhfuil siad chun brath ar an aicmiú a chumfaidh gníomhaí atá rompu sa slabhra soláthair. Dá bhrí sin, is iomchuí foráil a dhéanamh sa Rialachán seo, maidir leis na hoibreoirí eacnamaíocha ar fad, lena n-áirítear miondíoltóirí, a bhfuil sé beartaithe acu substaintí atá teoranta leis an Rialachán seo a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, go bhfuiltear chun a áirithiú go léirítear ar an bpacáistiú go bhfuil fáil, seilbh nó úsáid na substainte sin nó an mheascán sin ag daoine den phobal faoi réir srian.
- (7) D'fhonn cosaint a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta i gcoinne úsáid haindleathach na réamhtheachtaithe pléascán, ar cosaint í a bheadh coibhéseach leis an leibhéal atá beartaithe a bhaint amach leis an Rialachán

⁽¹⁾ IO C 84, 17.3.2011, lch. 25.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Samhain 2012 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 11 Nollaig 2012.

⁽³⁾ IO L 353, 31.12.2008, lch. 1.

seo ar leibhéal an Aontais, nó ar leibhéal is airde ná sin é, tá dlíthe, rialacháin nó bearta riaracháin i bhfeidhm cheana féin i roinnt Ballstát i ndáil le roinnt substaintí ar dóigh go n-úsáidí go haindleathach iad. Tá cuid de na substaintí sin liostaithe sa Rialachán seo cheana féin agus d'fhéadfadh sé go mbeadh srian ar chuid eile acu ar leibhéal an Aontais amach anseo. Toisc go mbeadh sé contrártha d'aidhmeanna an Rialacháin seo dá ndéanfaí an chosaint a laghdú trí bhearta ar leibhéal an Aontais, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le sásra trína bhféadfadh bearta náisiúnta den sórt sin fanacht i bhfeidhm (clásal cosanta).

- (8) Ba cheart go ndéanfaí níos deacra é pléascáin bhaile a mhonarú go haindleathach trí bhíthin luachanna teorann tíúchana a leagan síos le haghaidh réamhtheachtaithe pléascán áirithe ar féidir iad a mheas mar réamhtheachtaithe pléascán. Faoi bhun na luachanna teorann sin, áiríthear an tsaorchúrsaíocht faoi réir sásra cosanta; os cionn na luachanna teorann sin, ba cheart rochtain an phobail i gcoitinne ar na réamhtheachtaithe pléascán sin a shrianadh.
- (9) Níor cheart, dá bhrí sin, go mbeadh daoine den phobal i gcoitinne in ann na réamhtheachtaithe pléascán a fháil, a thabhairt isteach, a bheith ina seilbh acu ná a úsáid, ag tíúchaintí atá os cionn na luachanna teorann. Is iomchuí, áfach, a fhoráil go bhféadfadh daoine den phobal i gcoitinne réamhtheachtaithe pléascán den sórt sin a fháil, a thabhairt isteach, a bheith ina seilbh acu nó a úsáid, chun críocha dlísteana, más rud é go bhfuil ceadúnas acu chun déanamh amhlaidh, agus sa chás sin amháin.
- (10) Ina theannta sin, ó tharla go bhfuil córais chlárúcháin atá sean-bhunaithe ag roinnt Ballstát cheana féin, ar córais iad a úsáidtear chun roinnt de na substaintí, nó iad go léir, atá srianta leis an Rialachán seo, ar substaintí iad nach bhfuiltear le cur ar fáil do dhaoine den phobal i gcoitinne a rialú maidir lena gcur ar fáil ar an margadh, is iomchuí a fhoráil sa Rialachán seo do chóras clárúcháin a bheadh infheidhme maidir le roinnt de na substaintí sin nó maidir leo go léir.
- (11) Baineann daoine den phobal i gcoitinne leas go forleathan as sárocsaíd hidrigine, as nítrimeatán agus as aigéad nítreach chun críocha dlísteana. Ba cheart, dá bhrí sin, go bhféadfadh na Ballstáit a fhoráil do rochtain ar na substaintí sin faoi chuimsiú raon sonraithe tíúchaintí trí chóras clárúcháin a chur i bhfeidhm faoin Rialachán seo seachas faoi chóras ceadúnúcháin.
- (12) Ós ábhar an-sonrach atá sa Rialachán seo, féadtar a chuspóir a bhaint amach, fad a dhéanfar, i gcomhréir le príonsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, solúbthacht a thabhairt fós do na Ballstáit a chinneadh an ndéanfaid siad rochtain theoranta i gcomhréir leis an Rialachán seo do dhaoine den phobal i gcoitinne.
- (13) D'fhonn cuspóirí dlísteana sa slándála poiblí a chur ar aghaidh agus a áirithiú fós nach ndéanfar ach an saobhadh is lú is féidir ar fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le córas ceadúnúcháin ar i gcomhréir leis an gcóras sin a bheadh duine den phobal i gcoitinne, a gheobhadh substaint atá srianta leis an Rialachán seo, ar substaint í nach bhfuiltear chun a chur ar fáil do dhaoine den phobal i gcoitinne, nó meascán nó

substaint ina bhfuil an tsubstaint sin, i dtíúchan atá os cionn an luacha teorann, in ann an tsubstaint a thabhairt isteach ó Bhallstát eile nó ó thríú tír go Ballstát a cheadaíonn rochtain ar an tsubstaint sin i gcomhréir le haon cheann de na córais dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

- (14) Ionas go mbeidh cur chun feidhme na bhforálacha a bhaineann le tabhairt isteach réamhtheachtaithe pléascán éifeachtúil, spreagtar na Ballstáit chun na coinníollacha is infheidhme maidir le tabhairt isteach na substaintí atá srianta leis an Rialachán seo a chur i bhfios do na taistealaithe idirnáisiúnta. Ar an gcúis chéanna, spreagtar na Ballstáit freisin chun an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas i dtaobh na srianta sin a bheith infheidhme freisin maidir le coinsíneachtaí beaga a sheoltar chuig daoine príobháideacha nó maidir le coinsíneachtaí a ordaíonn tomhaltóirí deiridh go cianda.
- (15) Ag féachaint don tábhacht a bhaineann leis an ualach riaracháin atá ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a íoslághdú, d'fhéadfadh an fhaisnéis a chuireann na Ballstáit ar fáil don tionscal, go háirithe do FBManna, bheith an-úsáideach mar mheán chun comhlíonadh an Rialacháin seo a éascú.
- (16) Ós rud é go mbeadh sé díreireach toirmeasc a chur ar úsáid réamhtheachtaithe pléascán i ngníomhaíochtaí gairmiúla, níor cheart go mbeadh feidhm ag na srianta a bhaineann le réamhtheachtaithe pléascán a chur ar fáil, a thabhairt isteach, seilbh a bheith orthu agus iad a úsáid, ach amháin maidir leis an bpobal i gcoitinne. Mar sin féin, i bhfianaise aidhmeanna ginearálta an Rialacháin seo, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le sásra tuairiscithe lena gcumhdaítear na húsáideoirí gairmiúla ar fud an tslabhra sholáthair agus daoine den phobal i gcoitinne a bhfuil baint acu le hidirbhearta a bhfuiltear lena mheas gur idirbhearta amhrasacha iad mar gheall ar a gcineál nó a méid. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit pointí teagmhála náisiúnta a bhunú ionas go bhféadfaí tuairisc a thabhairt ar idirbhearta amhrasacha.
- (17) Maidir le hidirbhearta éagsúla i ndáil le réamhtheachtaithe pléascán, d'fhéadfaí a mheas gur idirbhearta amhrasacha iad agus gur idirbhearta is intuairiscithe iad dá bhrí sin. Is amhlaidh atá, mar shampla, i gcás, maidir le custaiméir ionchasach (gairmiúil nó neamhghairmiúil), go ndealraíonn sé go bhfuil sé neamhshoiléir maidir leis an úsáid atá beartaithe don tsubstaint, go ndealraíonn sé nach bhfuil cur amach aige ar an úsáid atá beartaithe nó nach féidir leis míniú dealraitheach a thabhairt air, ina bhfuil sé ar intinn aige/aici méid neamhchoitianta substaintí, tíúchan neamhchoitianta substaintí nó meascáin neamhchoitianta substaintí a cheannach, nach bhfuil sé toilteanach cruthúnas ar chéannacht nó ar áit chónaithe a chur ar fáil nó ina n-éilíonn sé modhanna neamhchoitianta íocaíochta a úsáid lena n-áirítear méideanna móra airgid thirim. Ba cheart go mbeadh oibreoirí eacnamaíochta in ann an ceart a fhorchoimeád dóibh féin diúltú d'idirbheart den sórt sin.
- (18) Ag féachaint d'aidhmeanna ginearálta an Rialacháin seo, spreagtar na húdaráis inniúla ceadúnúcháin chun an pointe teagmhála náisiúnta a chur ar an eolas má dhiúltaítear aon iarratas ar cheadúnas, i gcás ina bhfuil an diúltú bunaithe ar fhorais réasúnacha a bheith ann le hamhras a bheith orthu faoi dhlísteana na húsáide atá beartaithe nó faoina bhfuil beartaithe ag an úsáideoir. Ar

an gcuma chéanna, spreagtar na húdaráis inniúla ceadúnúcháin chun an pointe teagmhála náisiúnta a chur ar an eolas má chuirtear ceadúnas ar fionraí nó má dhéantar é a chúlghairm.

- (19) D'fhonn úsáid aindleathach ionchasach réamhtheachtaithe pléascán a chosc agus a bhrath, is inmhianaithe go ndéanfadh na pointí teagmhála náisiúnta taifid a choimeád ar na hidirbhearta amhrasacha a tuairiscíodh, agus go ndéanfadh na húdaráis náisiúnta inniúla na bearta is gá chun na himthosca nithiúla a imscrúdú, lena n-áirítear dílseacht na gníomhaíochta eacnamaíocha ábhartha a bhí ag úsáideoir ghairmiúil a bhí rannpháirteach in idirbheart amhrasach.
- (20) I gcás ina bhfuil sé indéanta, ba cheart luachanna teorann tiúchana a leagan síos, ar teorainneacha iad a mbeidh rochtain ar réamhtheachtaithe pléascán áirithe srianta os a gcionn, os a choinne sin thall, níor cheart a fhoráil ach do thuairisciú idirbhearta amhrasacha i gcás réamhtheachtaithe áirithe eile. Áirítear na nithe seo a leanas sna critéir chun na bearta a chinneadh ar cheart feidhm a bheith acu maidir leis na réamhtheachtaithe lena mbaineann: leibhéal na bagartha a bhaineann leis an réamhtheachtaí pléascán lena mbaineann, méid na trádála sa réamhtheachtaí pléascán lena mbaineann, agus an fhéidearthacht leibhéal tiúchana a bhunú, ar leibhéal é ar faoina bhun sin a mbeifí in ann an réamhtheachtaí pléascán a úsáid fós chun na gcríoch dlísteanach ar chucu a chuirtear ar fáil é. Ba cheart go leanfaí d'úsáid a bhaint as na critéir sin, chun treoir a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí breise a fhéadfar a dhéanamh i ndáil leis na réamhtheachtaithe pléascán nach gcumhdaítear faoi láthair le raon feidhme an Rialacháin seo.
- (21) Níl sé indéanta ar bhonn teicniúil luachanna teorann tiúchana a chur ar heicseimín i dtáibléid bhreosla. Ina theannta sin, tá go leor bealaí dlísteanacha le haigéad sulfarach, aicéatón, níotráit photaisiam, níotráit sóidiam, níotráit chailciam agus níotráit chailciam amóiniam a úsáid. Bheadh costais riaracháin agus chomhlíonta dhíríreacha ann do thomhaltóirí, d'údaráis phoiblí agus do ghnóthaí mar thoradh ar rialachán ar leibhéal an Aontais maidir le díol na substaintí sin leis an bpobal i gcoitinne a shrianadh. Mar sin féin, i bhfianaise aithmeanna an Rialacháin seo, ba cheart go nglacfaí bearta chun tuairisciú idirbhearta amhrasacha i ndáil le táibléid bhreosla heicsimín, agus i ndáil leis na réamhtheachtaithe eile sin nach bhfuil roghanna sábháilte agus oiriúnacha eile ann ina leith, a éascú.
- (22) Is bealach chun ábhair thosaigh a fháil chun pléascáin a mhonarú go hainleathach réamhtheachtaithe pléascán a ghoid. Dá bhrí sin, is iomchuí a fhoráil go dtuairisceofaí dá ngoidfí méid suntasach aon substaintí atá faoi réir bearta faoin Rialachán seo nó méid suntasach aon substaintí eile nó dá rachadh méid suntasach díobh ar iarraidh. D'fhonn rianú déantóirí na coire a éascú agus na húdaráis inniúla i mBallstáit eile a chur ar an eolas faoi bhagairtí a d'fhéadfaid a bheith ann, spreagtar na pointí teagmhála náisiúnta, más iomchuí, chun leas a bhaint as córas réamhrabhaidh Europól, i gcás inarb iomchuí.
- (23) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sárúithe ar an

Rialachán seo. Ba cheart go mbeadh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

- (24) De bhua Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) ⁽¹⁾, cuirtear cosc ar níotráit amóiniam, a bhféadfaí mí-úsáid a bhaint as go héasca mar réamhtheachtaí pléascán, a sholáthar do dhaoine den phobal i gcoitinne. Ceadáítear, áfach, níotráit amóiniam a sholáthar d'úsáideoirí gairmiúla ar leith, feirmeoirí go háirithe. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an soláthar sin faoi réir an tsásra tuarascála d'idirbhearta amhrasacha arna bhunú leis an Rialachán seo, toisc nach bhfuil aon cheanglas coibhéseach ann i Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.
- (25) Ceanglaítear leis an Rialachán seo sonraí pearsanta a phróiseáil agus a nochtadh do thríú páirtithe ina dhiaidh sin i gcás idirbheart amhrasach. Leanann cur isteach tromchúiseach ar na cearta bunúsacha chun saoil phríobháidigh agus ar an gceart chun cosanta ar shonraí pearsanta as an bpróiseáil sin agus as an nochtadh sin. Le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin ⁽²⁾, rialaítear próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar faoi chreat an Rialacháin seo. Dá réir sin, ba cheart a áirithiú go ndéanfar cosaint iomchuí ar an gceart bunúsach sonraí pearsanta daoine aonair, ar daoine aonair iad a ndéantar próiseáil ar a sonraí pearsanta agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm. Ba cheart, go háirithe, próiseáil na sonraí pearsanta a ghabhann le ceadúnú, le hidirbhearta a chlárú agus le tuairisc a thabhairt ar idirbhearta amhrasacha, a dhéanamh i gcomhréir le Treoir 95/46/CE lena n-áirítear prionsabail ghinearálta cosanta sonraí i dtaca le híoslaghdú sonraí, le cuspóir a theorannú, le comhréireacht agus le riachtanas agus leis an gceanglas atá ann aird chuí a thabhairt ar chearta an ábhair sonraí maidir le rochtain ar shonraí, sonraí a cheartú agus sonraí a scriosadh.
- (26) Is féidir leis an rogha substaintí a úsáideann sceimhlitheoirí agus coirpigh eile chun pléascáin bhaile a dhéanamh athrú go tapa. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé indéanta substaintí breise a thabhairt faoi réir an chórais a sholáthraítear leis an Rialachán seo, agus an méid sin a dhéanamh ar bhonn práinne i gcás inar gá sin.
- (27) D'fhonn freastal ar fhorbairtí maidir le mí-úsáid substaintí mar réamhtheachtaithe pléascán, agus ar choinníoll go ndéanfar comhairliúchán cuí leis na geallsealbhoirí ábhartha chun an tionchar suntasach a d'fhéadfaid a bheith aige ar oibreoirí eacnamaíocha a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligeang chuig an gCoimisiún i ndáil le leasú a dhéanamh ar na luachanna teorann tiúchana ar os a gcionn nach bhfuil substaintí áirithe le cur ar fáil don phobal i gcoitinne, agus chun substaintí breise a bhfuil idirbhearta amhrasacha maidir leo le tuairisciú a liostáil. Tá sé tábhachtach, go háirithe,

⁽¹⁾ IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.

go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmlichte a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar na doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

- (28) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh, ar bhonn leanúnach, ar liosta na substaintí nach bhfuiltear chun a chur ar fáil don phobal i gcoitinne os cionn luachanna teorann tíuchana áirithe agus ar an liosta substaintí a bhfuil idirbhearta amhrasacha i ndáil leo le tuairisciú. Ba cheart don Choimisiún, i gcás ina bhfuil bonn cirt leis an méid sin, tograí reachtacha a ullmhú, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, chun taifid nua a chur leis an seanliosta nó chun taifid a scriosadh as d'fhonn freastal ar fhorbairtí maidir le mí-úsáid substaintí mar réamhtheachtaithe pléascán.
- (29) D'fhonn aghaidh a thabhairt ar shubstaintí nach bhfuil srianta cheana féin de bhun an Rialacháin seo, ach a dtagann Ballstát ar fhorais réasúnacha ina leith le creidiúint go bhféadfaí iad a úsáid chun pléascáin a mhonarú go haindleadhach, ba cheart clásal cosanta a thabhairt isteach lena bhforálfar do nós imeachta leordhóthanach de chuid an Aontais.
- (30) Ina theannta sin, i bhfianaise na rioscaí sonracha a dtabharfar aghaidh orthu leis an Rialachán seo, is iomchuí a cheadú do na Ballstáit bearta cosanta a ghlacadh, i gcúinsí áirithe, maidir le substaintí atá srianta ag an Rialachán seo cheana féin.
- (31) I bhfianaise na gceanglas faoin Rialachán seo maidir le faisnéis atá le soláthar don Choimisiún agus do na Ballstáit, ba mhíchuí bearta cosanta nua den sórt sin a chur faoi réir an chórais atá leagtha síos i dTreoir 98/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 lena leagtar síos nós imeachta d'fhonn faisnéis a sholáthar i réimse na gcaighdeán agus na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise⁽¹⁾ gan féachaint an amhlaidh go ndéanann siad tagairt, nó nach ndéanann, do shubstaintí atá faoi réir bearta faoin Rialachán seo nó do shubstaintí nach bhfuil srianta amhlaidh.
- (32) I bhfianaise aidhmeanna an Rialacháin seo agus an tionchair a fhéadfaidh a bheith aige ar shlándáil na saoránach agus ar an margadh inmheánach, ba cheart don Choimisiún, agus feidhm á baint as an idirphlé leanúnach sa Bhuanchoiste um Réamhtheachtaithe, tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle lena ndéantar scrúdú ar aon fhadhb a thiocthaidh chun cinn mar thoradh ar an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus ar a inmhianaithe agus a indéanta atá sé a raon feidhme a leathnú, i ndáil le húsáideoirí gairmiúla a chumhdach agus i ndáil le forálacha a chur isteach sna forálacha maidir le tuairisciú idirbhearta amhrasacha, maidir le substaintí a ghabháil ar iarraidh nó a ghoid, ar substaintí iad, cé nach bhfuil siad faoi réir bearta leis an Rialachán seo, atá sainaitheanta mar shubstaintí a úsáideadh chun pléascáin a mhonarú go haindleadhach (réamhtheachtaithe pléascán neamhseidealta). Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún, agus

taithí ábhartha na mBallstát á cur san áireamh aige agus ag féachaint dó don chostas agus don tairbhe, tuarascáil a thíolacadh ina scrúdófar an mbeadh sé inmhianaithe agus indéanta an córas a neartú agus a chomhchuíbhiú tuilleadh, ag féachaint don bhagairt atá ann don tslándáil phoiblí. Mar chuid den athbhreithniú, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina scrúdófar an bhféadfaí na forálacha maidir le níotráit amóiniam a aistriú ó Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 isteach sa Rialachán seo.

- (33) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon rochtain an phobail i gcoitinne ar réamhtheachtaithe pléascán a theorannú, a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr dá bhrí sin, mar gheall ar fhairsinge an teorannaithe, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (34) De bhun Airteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin⁽²⁾, thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim⁽³⁾.
- (35) Urramaítear sa Rialachán seo na cearta bunúsacha mar aon leis na prionsabail a aithnítear, go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe cosaint sonraí pearsanta, an tsaoirse chun gnó a sheoladh, an ceart chun maoine agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe. Ba cheart do na Ballstáit an Rialachán seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus leis na prionsabail sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear rialacha comhchuíbhithe leis an Rialachán seo maidir le substaintí nó le meascáin a chur ar fáil, a thabhairt isteach, a bheith i seilbh duine agus a úsáid, ar substaintí nó meascáin iad a bhféadfaí mí-úsáid a bhaint astu chun pléascáin a mhonarú go haindleadhach, d'fhonn rochtain an phobail i gcoitinne orthu a theorannú agus tuairisciú iomchuí idirbhearta amhrasacha ar fud an tslabhra soláthair a áirithiú.

Tá an Rialachán seo gan dochar d'fhorálacha eile de dhlí an Aontais a bhaineann leis na substaintí a liostaítear sna hlarscríbhinní, ar forálacha is daingne iad.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Tá an Rialachán seo infheidhme maidir leis na substaintí atá liostaithe sna hlarscríbhinní agus maidir le meascáin agus le substaintí ina bhfuil siad.

⁽²⁾ IO L 8, 12.1.2001, lch. 1.

⁽³⁾ IO C 101, 1.4.2011, lch. 1.

⁽¹⁾ IO L 204, 21.7.1998, lch. 37.

2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na nithe seo:

- (a) earraí mar atá sainmhínithe in Airteagal 3(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006;
- (b) earraí piriteicniúla mar atá sainmhínithe in Airteagal 2(1) de Threoir 2007/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Bealtaine 2007 maidir le hearraí piriteicniúla a chur ar an margadh ⁽¹⁾, earraí piriteicniúla a bhfuil sé beartaithe ina leith, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, go n-úsáidfidh na fórsaí armtha, na húdaráis fhorfheidhmithe dlí nó an bhriogáid dóiteáin iad chun críche neamhthráchtála, earraí piriteicniúla a thagann faoi chuimsiú raon feidhme Threoir 96/98/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 1996 maidir le trealamh muirí ⁽²⁾, earraí piriteicniúla atá beartaithe d'úsáid sa tionscal aeraspáis nó caipíní forbhuailte atá beartaithe do bhréagáin;
- (c) táirgí míochaine i gcás ina gcuirtear ar fáil go dlisteanach iad do dhuine den phobal i gcoitinne ar bhonn oidis liachta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “substaint” substaint de réir bhrí phointe (1) d’Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006;
- (2) ciallaíonn “meascán” meascán de réir bhrí phointe (2) d’Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006;
- (3) ciallaíonn “earra” earra de réir bhrí phointe (3) d’Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006;
- (4) ciallaíonn “cur ar fáil” aon soláthar, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce;
- (5) ciallaíonn “tabhairt isteach” substaint a thabhairt isteach i gcrióch Ballstáit, bíodh sin ó Bhallstát eile nó ó thríú tír;
- (6) ciallaíonn “úsáid” aon phróiseáil, aon fhoirmlíú, aon stóráil, aon chóiriú, nó aon mheascadh, lena n-áirítear le linn earra a tháirgeadh, nó aon úsáid eile;
- (7) ciallaíonn “duine den phobal i gcoitinne” aon duine nádúrtha atá ag gníomhú chun críoch nach bhfuil bainteach lena cheird, lena ghnó nó lena ghairm;
- (8) ciallaíonn “idirbheart amhrasach” aon idirbheart a bhaineann leis na substaintí atá liostaithe sna hIarscríbhinní, nó meascáin nó substaintí ina bhfuil siad, lena n-áirítear idirbhearta a bhfuil úsáideoirí gairmiúla rannpháirteach iontu, i gcás ina bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann go bhfuil sé beartaithe pléascáin a mhonarú go haindeathach leis an tsubstaint nó leis an meascán;
- (9) ciallaíonn “oibreoir eacnamaíoch” aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó aon eintiteas poiblí nó aon ghrúpa daoine agus/nó comhlachtaí den sórt sin a sheachadann táirgí nó seirbhísí ar an margadh;
- (10) ciallaíonn “réamhtheachtaí pléascán atá srianta” substaint atá liostaithe in Iarscríbhinn I, i dtiúchán atá os cionn an luacha chomhfhreagraigh teorann a leagtar amach ann

agus áirítear leis meascán nó substaint eile ina bhfuil an tsubstaint liostaithe ag tiúchan is airde ná an luach comhfhreagraigh teorann.

Airteagal 4

Cur ar fáil, tabhairt isteach, seilbh agus úsáid

1. Maidir le réamhtheachtaithe pléascán atá srianta, ní chuirfear ar fáil iad do dhaoine den phobal i gcoitinne, ná ní thabharfaidh daoine den phobal i gcoitinne isteach iad, ná ní bheidh siad ina seilbh ag daoine den phobal i gcoitinne ná ní úsáidfidh daoine den phobal i gcoitinne iad.

2. D’ainneoin mhír 1, maidir le córas ceadúnúcháin lena gceadaítear réamhtheachtaithe pléascán atá srianta a chur ar fáil do dhaoine den phobal i gcoitinne nó a bheith ina seilbh acu nó á n-úsáid acu, féadfaidh Ballstát córas den sórt sin a choimeád ar bun, nó a bhunú, ar choinníoll go bhfaighidh, agus má iarrtar sin, go dtaispeánfaidh, an duine den phobal i gcoitinne ceadúnas chun iad a fháil, a bheith ina sheilbh aige nó a úsáid, ar ceadúnas é atá eisithe i gcomhréir le hAirteagal 7 ag údarás inniúil de chuid Ballstáit ina bhfuiltear chun an réamhtheachtaí pléascán sin atá srianta a fháil, a shealbhú nó á úsáid.

3. D’ainneoin mhír 1 agus mhír 2, féadfaidh Ballstát córas ceadúnúcháin a choimeád ar bun, nó a bhunú, lena gceadaítear na réamhtheachtaithe pléascán seo a leanas atá srianta a chur ar fáil do dhaoine den phobal i gcoitinne nó iad a bheith ina seilbh acu nó iad a úsáid má dhéanann an t-oibreoir eacnamaíoch a chuireann iad ar fáil gach idirbheart a chlárú i gcomhréir leis na socruithe mionsonraithe a leagtar síos in Airteagal 8:

- (a) sárocsáid hidrigine (CAS RN 7722-84-1) i dtiúchaintí os cionn an luacha teorann atá leagtha síos in Iarscríbhinn I, ach nach airde ná 35 % w/w;
- (b) nítrimeatán (CAS RN 75-52-5) i dtiúchaintí os cionn an luacha teorann atá leagtha síos in Iarscríbhinn I, ach nach airde ná 40 % w/w;
- (c) aigéad nítreach (CAS RN 7697-37-2) i dtiúchaintí os cionn an luacha teorann atá leagtha síos in Iarscríbhinn I, ach nach airde ná 10 % w/w.

4. Déanfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis na bearta uile a ghlacfaidh siad chun aon cheann de na córais dá bhforáiltear i mír 2 agus i mír 3 a chur chun feidhme. Leagfar amach go sonrach san fhógra sin na réamhtheachtaithe pléascán atá srianta agus a bhfuil foráil maidir le heisceacht ina leith déanta ag na Ballstáit.

5. Déanfaidh an Coimisiún liosta na mbearta a bhfuil fógra tugtha ag na Ballstáit ina leith a chur ar fáil go poiblí i gcomhréir le mír 4.

6. I gcás ina mbeidh sé beartaithe ag duine den phobal i gcoitinne réamhtheachtaí pléascán atá srianta a thabhairt isteach i gcrióch Bhallstáit, ar Ballstát é a mhaolaigh ó mhír 1 trí chóras ceadúnúcháin a chur i bhfeidhm i gcomhréir le mír 2 agus/nó trí chóras clárúcháin a chur i bhfeidhm i gcomhréir le mír 3 nó le hAirteagal 17, gheobhaidh an duine sin ceadúnas, ar ceadúnas é atá eisithe i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha síos in Airteagal 7 agus atá bailí sa Bhallstát sin, agus, taispeánfaidh sé é don údarás inniúil náisiúnta, má iarrtar sin.

⁽¹⁾ IO L 154, 14.6.2007, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 46, 17.2.1997, lch. 25.

7. Maidir le hoibreoir eacnamaíoch a chuireann réamhtheachtaí pléascán atá srianta ar fáil do dhuine den phobal i gcoitinne i gcomhréir le mír 2, déanfaidh sé a cheangal go dtaispeánfar an ceadúnas, nó más rud é go gcuirtear ar fáil é i gcomhréir le mír 3, go gcoinneofar taifead ar an idirbheart, i gcomhlíonadh an chórais atá bunaithe ag an mBallstát ina bhfuil an réamhtheachtaí pléascán atá srianta á chur ar fáil.

Airteagal 5

Lipéadú

Maidir le hoibreoir eacnamaíoch a bhfuil sé beartaithe aige réamhtheachtaithe pléascán atá srianta a chur ar fáil do dhuine den phobal i gcoitinne, déanfaidh sé a áirithiú, trí lipéad iomchuí a ghreamú di, nó trína fhíorú go bhfuil lipéad iomchuí greamaithe di, go dtugtar le fios go soiléir ar an bpacáistíocht go bhfuil an réamhtheachtaí pléascán sin atá srianta faoi réir srian ar é a bheith á cheannach, i seilbh agus á úsáid ag daoine den phobal i gcoitinne faoi mar a leagtar amach é in Airteagal 4(1), (2) agus (3).

Airteagal 6

Saorghluaiseacht

Gan dochar don dara mír d'Airteagal 1 agus d'Airteagal 13, agus mura bhforáiltear dá mhalairt sa Rialachán seo nó i ngníomhartha dlí eile de chuid an Aontais, ní dhéanfaidh Ballstáit, ar fhorais a bhaineann le cosc a chur ar mhonarú pléascán go hainleathach, cosc, srian nó bac a chur ar na nithe seo a bheith á gcur ar an margadh:

- (a) na substaintí atá liostaithe in Iarscríbhinn I i dtiúchaintí nach airde ná na luachanna teorann atá leagtha síos inti; nó
- (b) na substaintí atá liostaithe in Iarscríbhinn II.

Airteagal 7

Ceadúnais

1. Maidir le gach Ballstát a eisióinn ceadúnais do dhaoine den phobal i gcoitinne a bhfuil leas dlísteanaigh acu i réamhtheachtaí pléascán atá srianta a fháil, a thabhairt isteach, a bheith ina seilbh acu nó a úsáid, déanfaidh sé na rialacha a leagan síos maidir le deonú an cheadúnais dá bhforáiltear in Airteagal 4(2) agus (6). Le linn d'údarás inniúil an Bhallstáit a chinneadh an ndéanfaidh sé ceadúnas a dheonú, déanfaidh sé na himthosca ábhartha uile, agus, go háirithe, dlísteanaigh na húsáide atá beartaithe don tsubstaint, á gcur san áireamh. Diúltófar an ceadúnas má tá forais réasúnacha ann le hamhras faoi dhlísteanaigh na húsáide atá beartaithe nó má tá amhras ann i dtaobh cé acu a bhfuil beartaithe ag an úsáideoir é a úsáid chun críche dlísteanaí.

2. Féadfaidh an t-údarás inniúil rogha a dhéanamh conas bailíocht an cheadúnais a theorannú, bíodh sé sin trí bhíthin aon úsáid amháin nó trí bhíthin úsáid iolrach a cheadú go ceann thréimhse nach faide ná trí bliana. Féadfaidh an t-údarás inniúil iallach a chur ar shealbhóir an cheadúnais a léiriú, go dtí dáta ainmnithe éaga an cheadúnais, go bhfuil na coinníollacha faoinar deonaíodh an ceadúnas á gcomhlíonadh go fóill. Luafar ar an gceadúnas na réamhtheachtaithe pléascán atá srianta a n-eisítear an ceadúnas ina leith.

3. Féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar iarratasóirí táille ar iarratas ar cheadúnas a íoc. Ní rachaidh táille den sórt sin thar chostas próiseála an iarratais.

4. Féadfaidh an t-údarás inniúil an ceadúnas a chur ar fionraí nó a chúlghairm i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann le creidiúint nach bhfuil na coinníollacha faoinar deonaíodh an ceadúnas á gcomhlíonadh a thuilleadh.

5. Is comhlacht iomchuí atá freagrach de réir dlí náisiúnta a éistfidh achomhairc i gcoinne aon chinnidh de chuid údarás inniúil, mar aon le díospóidí a bhaineann le comhlíonadh choinníollacha an cheadúnais.

6. Féadfar ceadúnais arna ndeonú ag údarás inniúil Ballstáit a aithint i mBallstáit eile. Faoin 2 Meán Fómhair 2014, déanfaidh an Coimisiún treoirilínte a tharraingt suas, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Réamhtheachtaithe, maidir le mionsonraí teicniúla na gceadúnas chun a n-aithint fhrithpháirteach a éascú. Beidh faisnéis sna treoirilínte sin freisin maidir leis na sonraí atá le bheith sna ceadúnais atá bailí chun réamhtheachtaithe pléascán atá srianta a thabhairt isteach, lena n-áirítear dréacht-fhormáid do cheadúnais den sórt sin.

Airteagal 8

Idirbhearta a chlárú

1. Chun críocha an chlárú de bhun Airteagal 4(3), déanfaidh daoine den phobal i gcoitinne iad féin a chéannú trí bhíthin doiciméad oifigiúil aitheantais a sholáthar.

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad, sa chlár:

- (a) ainm, seoladh agus, i gcás inarb infheidhme, uimhir aitheantais an duine den phobal i gcoitinne nó cineál agus uimhir a ndoiciméid oifigiúil aitheantais;
- (b) ainm na substainte nó an mheascáin lena n-áirítear a t(h)íúchan;
- (c) méid na substainte nó an mheascáin;
- (d) an úsáid atá beartaithe don tsubstaint nó don mheascán mar atá dearbhaithe ag an duine den phobal i gcoitinne;
- (e) dáta agus áit an idirbhirt;
- (f) síniú an duine den phobal i gcoitinne.

3. Coinneofar an clár go ceann tréimhse chúig bliana i ndiaidh dháta an idirbhirt. I rith na tréimhse sin, cuirfear an clár ar fáil lena scrúdú arna iarraidh sin do na húdaráis inniúla.

4. Coinneofar an clár ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile agus beidh sé ar fáil le cigireacht a dhéanamh air tráth ar bith i rith na tréimhse uile dá bhforáiltear i mír 3. Ní mór d'aon sonraí a stóráiltear go leictreonach:

- (a) teacht le formáid agus ábhar na ndoiciméad páipéir comhfhreagrach; agus
- (b) a bheith ar fáil go réidh tráth ar bith le linn na tréimhse uile dá dtagraítear i mír 3.

Airteagal 9

Idirbhearta amhrasacha, substaintí ar iarraidh agus gadaíocht a thuairisciú

1. Déanfar idirbhearta amhrasacha a bhaineann leis na substaintí atá liostaithe sna hIarscríbhinní, nó a bhaineann le meascáin nó substaintí ina bhfuil siad, a thuairisciú i gcomhréir leis an Airteagal seo.

2. Déanfaidh gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta amháin nó níos mó a chur ar bun, ag a mbeidh uimhir teileafóin agus seoladh ríomhphoist so-aitheanta, chun go ndéanfaí idirbhearta amhrasacha a thuairisciú.

3. Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha an ceart a fhorchoimeád dóibh féin diúltú don idirbheart amhrasach agus déanfaidh siad an t-idirbheart sin nó an iarracht sin ar idirbheart a thuairisciú gan mhoill mhíchúí, mar aon le hainm an chliaint más féidir sin, do phointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit ina ndearnadh an t-idirbheart a thabhairt i gcrích, nó ina ndearnadh iarracht é a thabhairt i gcrích, i gcás ina bhfuil forais réasúnacha acu le creidiúint gur idirbheart amhrasach é idirbheart atá á bheartú a bhaineann le substaint amháin nó níos mó atá liostaithe sna hlarscríbhinní, nó a bhaineann le meascáin nó le substaintí ina bhfuil siad, ag féachaint do na himthosca uile agus go háirithe i gcás ina mbaineann an méid a leanas leis an gcustaiméir ionchasach:

- go ndealraíonn sé go bhfuil sé neamhshoiléir maidir leis an úsáid atá beartaithe don tsubstaint nó don mheascán;
- go ndealraíonn sé nach bhfuil cur amach aige ar an úsáid atá beartaithe don tsubstaint nó don mheascán nó nach féidir leis míniú dealraitheach a thabhairt air;
- go bhfuil sé ar intinn aige substaintí a cheannach i gcainníochtaí, i meascáin nó i dtiúchaintí atá neamhchoitianta d'úsáid phríobháideach;
- nach bhfuil sé toilteanach cruthúnas ar a chéannacht nó ar a áit chónaithe a chur ar fáil; nó
- go n-éilíonn sé modhanna neamhghnácha íocaíochta a úsáid, lena n-áirítear méideanna móra airgid thirim.

4. Déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha gabháil ar iarraidh shuntasach agus goid shuntasach na substaintí atá liostaithe sna hlarscríbhinní agus gabháil ar iarraidh shuntasach agus goid shuntasach meascán nó substaintí ina bhfuil na substaintí sin a thuairisciú do phointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit inar tharla an ghabháil ar iarraidh nó an ghoid.

5. D'fhonn comhar a éascú idir na húdaráis inniúla agus oibreoirí eacnamaíocha, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Réamhtheachtaithe, treoracha a tharraingt suas faoin 2 Meán Fómhair 2014, chun cabhrú leis an slabhra soláthair ceimiceán agus, i gcás inarb ábhartha, leis na húdaráis inniúla. Déanfaidh na treoirlínte an méid seo a leanas a sholáthar go háirithe:

- faisnéis maidir le conas idirbhearta amhrasacha a aithint agus a thuairisciú, go háirithe maidir le tiúchaintí agus/nó cainníocht substaintí atá liostaithe in larscríbhinn II, ar tiúchaintí nó cainníochtaí iad ar faoina mbun nach iondúil go bhfuil aon ghníomhaíocht ag teastáil ina leith;
- faisnéis maidir le conas gabháil ar iarraidh shuntasach agus goid suntasacha a aithint agus a thuairisciú;
- faisnéis eile a bhféadfar a mheas gur faisnéis úsáideach í.

Déanfaidh an Coimisiún na treoirlínte sin a leasú chun dátú go rialta.

6. Áiritheoidh na húdaráis inniúla go ndéanfar na treoirlínte dá bhforáiltear i mír 5 a scaipeadh go rialta ar dhóigh a mheasann na húdaráis inniúla a bheith iomchuí i gcomhréir le cuspóirí na dtreoirlínte.

Airteagal 10

Cosaint sonraí

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm i gcomhréir le Treoir 95/46/CE. Go háirithe, áiritheoidh na Ballstáit, maidir leis an bpróiseáil ar shonraí pearsanta a theastaíonn i dtaca le ceadúnú de bhun Airteagal 4(2) agus (6) agus de bhun Airteagal 7 den Rialachán seo nó chun idirbhearta a chlárú de bhun Airteagal 4(3), Airteagal 8 agus Airteagal 17 den Rialachán seo, agus tuairisciú idirbheart amhrasach de bhun Airteagal 9 den Rialachán seo, go gcomhlíontar Treoir 95/46/CE.

Airteagal 11

Pionóis

Leagfaidh na Ballstáit rialacha síos a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus déanfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Airteagal 12

Leasuithe ar na hlarscríbhinní

1. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14 maidir leis na luachanna teorann atá in larscríbhinn I a leasú go feadh an méid is gá d'fhonn freastal ar fhorbairtí maidir le mí-úsáid substaintí mar réamhtheachtaithe pléascán, nó ar bhonn taighde agus tástála, chomh maith le gníomhartha maidir le cur le hlarscríbhinn II trí shubstaintí nua a chur isteach, i gcás inar gá sin d'fhonn freastal ar fhorbairtí maidir le mí-úsáid substaintí mar réamhtheachtaithe pléascán. Mar chuid den ullmhúchán a dhéanfaidh sé maidir leis na gníomhartha tarmligthe, déanfaidh an Coimisiún iarracht dul i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha, go háirithe le tionscal na gceimiceán agus leis an earnáil mhiondíola.

Más rud é go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, i gcás ina dtiocfaidh athrú tobann ar an measúnú riosca a mhéid a bhaineann le mí-úsáid substaintí chun pléascáin a mhonarú go haindeleathach, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 15 maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe ar leithligh i ndáil le gach athrú ar na luachanna teorann in larscríbhinn I agus i ndáil le gach substaint nua a chuirfear le hlarscríbhinn II. Beidh gach gníomh tarmligthe bunaithe ar anailís lena léireofar nach dóigh go mbeidh ualaí díréireacha ar oibreoirí eacnamaíocha ná ar thomhaltóirí mar thradh ar an leasú, agus aird iomchuí á tabhairt ar na cuspóirí a bhfuiltear ag iarraidh a bhaint amach.

Airteagal 13

Clásal cosanta

1. I gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag Ballstát le creidiúint go bhféadfaí substaint shonrach nach bhfuil liostaithe sna hlarscríbhinní a úsáid chun pléascáin a mhonarú go haindeleathach, féadfaidh sé cur ar fáil, sealbhú agus úsáid na substainte sin a shrianadh nó a thoirmeasc nó cur ar fáil, sealbhú agus

úsáid aon mheascáin nó aon substainte a bhfuil an tsubstaint sin ann nó inti a shrianadh nó a thoirmeasc, nó féadfaidh sé foráil a dhéanamh go mbeidh an tsubstaint sin faoi réir thuairiscíú idirbheart amhrasach i gcomhréir le hAirteagal 9.

2. I gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag Ballstát le creidiúint go bhféadfaí substaint shonrach atá liostaithe in Iarscríbhinn I a úsáid chun pléascáin a mhonarú go hainleathach, ag leibhéal tíúchana is ísle ná an luach teorann a leagtar síos in Iarscríbhinn I, féadfaidh sé cur ar fáil, seilbh agus úsáid na substainte sin a shrianadh nó a thoirmeasc tuilleadh, trí leibhéal tíúchana is ísle a fhorchur.

3. I gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag Ballstát le luach teorann tíúchana a bhunú ar cheart d'aon substaint atá os cionn an leibhéil sin agus atá liostaithe in Iarscríbhinn II bheith faoi réir na srianta a bheadh infheidhme murach sin maidir le réamhtheachtaithe pléascán atá srianta, féadfaidh sé cur ar fáil, sealbhú agus úsáid na substainte sin a shrianadh nó a thoirmeasc trí uastiúchan incheadaithe a fhorchur.

4. Aon Bhallstát a shrianfaidh nó a thoirmiscfidh substaintí i gcomhréir le mír 1, le mír 2 nó le mír 3, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile láithreach, agus tabharfaidh sé na cúiseanna atá aige.

5. I bhfianaise na faisnéise a chuirfear in iúl de bhun mhír 4, déanfaidh an Coimisiún scrúdú láithreach le fáil amach an ullmhófar leasuithe ar na hlarscríbhinní i gcomhréir le hAirteagal 12(1) nó an ullmhófar togra reachtach chun leasú a dhéanamh ar na hlarscríbhinní. I gcás inarb iomchuí, leasóidh an Ballstát lena mbaineann a bhearta náisiúnta nó aisghairfidh sé iad d'fhonn aon leasú den sórt sin ar na hlarscríbhinní a chur san áireamh.

6. Faoin 2 Meitheamh 2013, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon bhearta náisiúnta atá ann cheana féin lena sriantar nó lena dtoirmiscear cur ar fáil, seilbh agus úsáid substainte nó cur ar fáil, seilbh agus úsáid aon mheascáin nó aon substainte a bhfuil an tsubstaint sin ann nó inti ar an bhforas go bhféadfaí é nó í a úsáid chun pléascáin a mhonarú go hainleathach.

Airteagal 14

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 12 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse chúig bliana ón 1 Márta 2013. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse chúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfheidh, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 12 a chúlghairm tráth ar bith. Maidir le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfidh sé deireadh le tarmligean na cumhachta a bheidh sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an gcúlghairm an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an*

Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé aon difear do bhaillíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina thaobh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 12 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 15

Nós imeachta práinne

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu fad nach léirítear aon agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tharmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14(5). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh a aisghairm gan mhoill tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir lena cinneadh chun agóid a dhéanamh.

Airteagal 16

Foráil idirthréimhseach

Ceadófar seilbh agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán atá srianta do dhaoine den phobal i gcoitinne go dtí 2 Márta 2016.

Airteagal 17

Córais chlárúcháin atá ann cheana féin

Maidir le Ballstát a bhfuil córas i bhfeidhm aige an 1 Márta 2013 a cheanglaíonn ar oibreoirí eacnamaíocha idirbhearta a chlárú, ar idirbhearta iad lena gcuirtear réamhtheachtaí pléascán amháin nó níos mó atá srianta ar fáil do dhaoine den phobal i gcoitinne, féadfaidh sé maolú a dhéanamh ar Airteagal 4(1) nó (2) tríd an gcóras clárúcháin sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 8 ar roinnt substaintí atá liostaithe in Iarscríbhinn I nó orthu uile. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na rialacha atá leagtha síos in Airteagal 4(4) go hAirteagal 4(7).

Airteagal 18

Athbhreithniú

1. Faoin 2 Meán Fómhair 2017, tiolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle lena scrúdófar an méid a leanas:

(a) aon fhadhb atá tar éis teacht chun cinn mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo;

- (b) a inmhianaithe agus a fhéideartha atá sé an corás a neartú agus a chomhchuíbhiú tuilleadh i bhfianaise na bagartha ar shlándáil phoiblí a chruthaítear le sceimhlitheoireacht agus le gníomhaíochtaí tromchúiseacha coirpeachta eile, lena n-áirítear an taithí atá faighte sna Ballstáit faoin Rialachán seo, lena n-áirítear aon easnaimh shlándála a braitheadh, agus na costais agus an tairbhe do na Ballstáit, d'oibreoírí eacnamaíocha agus do gheallsealbhoírí ábhartha eile á gcur san áireamh;
- (c) a inmhianaithe agus a fhéideartha atá sé cur le raon feidhme an Rialacháin seo chun úsáideoírí gairmiúla a chumhdach, agus na hualaí a chuirfí ar oibreoírí eacnamaíocha á gcur san áireamh agus aird á tabhairt ar chuspóir an Rialacháin seo;
- (d) a inmhianaithe agus a fhéideartha atá sé réamhtheachtaithe pléascán atá neamhsceidéalta a áireamh sna forálacha i ndáil le hidirbhearta amhrasacha, gabháil ar iarraidh agus goid a thuairisciú.

2. Faoin 2 Márta 2015, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle lena mbreithneofar an bhféadfar forálacha ábhartha ar níotráit amóniam a aistriú ó Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 isteach sa Rialachán seo.

3. Más iomchuí, i bhfianaise na dtuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, cuirfidh an Coimisiún togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle d'fhonn an Rialachán seo a leasú dá réir.

Airteagal 19

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 2 Meán Fómhair.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 15 Eanáir 2013.

Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
L. CREIGHTON

IARSCRÍBHINN I

Substaintí nach gcuirfeá ar fáil ar leithligh do dhaoine den phobal i gcoitinne nó i meascáin nó i substaintí eile ina bhfuil siad, ach amháin más ionann an tíúchan agus na luachanna teorann a leagtar amach anseo thíos, nó más ísle ná na luachanna sin é.

Ainm na substainte agus uimhir chláir Sheirbhís na gCoimirthe Ceimiceacha (CAS RN)	Luach teorann	Cód na hAinmníochta Comhcheangailte (CN) le haghaidh comhdhúile leithlí atá sainithe go ceimiceach agus a chomhlíonann ceanglais Nóta 1 de Chaibidil 28 nó 29 den CN, faoi seach ⁽¹⁾	Cód na hAinmníochta Comhcheangailte (CN) le haghaidh meascáin nach bhfuil comhábhair ann (e.g. mearcair, miotail lómhara nó miotail tearc-chré nó substaintí radaighníomhacha) lena gcinntí aicmiú faoi chóid CN ⁽¹⁾ faoi seach
Sárocsaíd hidrigine (CAS RN 7722-84-1)	12 % w/w	2847 00 00	3824 90 97
Nítrimeatán (CAS RN 75-52-5)	30 % w/w	2904 20 00	3824 90 97
Aigéad nítreach (CAS RN 7697-37-2)	3 % w/w	2808 00 00	3824 90 97
Clóráit photaisiam (CAS RN 3811-04-9)	40 % w/w	2829 19 00	3824 90 97
Sárchlóráit photaisiam (CAS RN 7778-74-7)	40 % w/w	2829 90 10	3824 90 97
Clóráit sóidiam (CAS RN 7775-09-9)	40 % w/w	2829 11 00	3824 90 97
Sárchlóráit sóidiam (CAS RN 7601-89-0)	40 % w/w	2829 90 10	3824 90 97

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 948/2009 ón gCoimisiún (IO L 287, 31.10.2009, lch. 1).

IARSCRÍBHINN II

Substaintí ar leithligh nó i meascáin nó i substaintí a ndéanfar idirbhearta amhrasacha a thuairisciú ina leith

Ainm na substainte agus uimhir chlár Sheirbhís na gCoimirthe Ceimiceacha (CAS RN)	Cód na hAinmníochta Comhcheangailte (CN) le haghaidh comhdhúile leithlí atá sainithe go ceimiceach agus a chomhlíonann ceanglais Nóta 1 de Chaibidil 28, Nóta 1 de Chaibidil 29 nó Nóta 1(b) de Chaibidil 31 den CN ⁽¹⁾	Cód na hAinmníochta Comhcheangailte (CN) le haghaidh meascán nach bhfuil comhábhair iontu (e.g. mearcair, miotail lómhara nó miotail tearc-chré nó substaintí radaighníomhacha) lena gcinnfí aicmiú faoi chód CN ⁽¹⁾
Heicseimín (CAS RN 100-97-0)	2921 29 00	3824 90 97
Aigéad sulfarach (CAS RN 7664-93-9)	2807 00 10	3824 90 97
Aicéatón (CAS RN 67-64-1)	2914 11 00	3824 90 97
Níotráit photaisiam (CAS RN 7757-79-1)	2834 21 00	3824 90 97
Níotráit sóidiam (CAS RN 7631-99-4)	3102 50 10 (nádúrtha)	3824 90 97
	3102 50 90 (seachas nádúrtha)	3824 90 97
Níotráit chailciam (CAS RN 10124-37-5)	2834 29 80	3824 90 97
Níotráit chailciam amóiniam (CAS RN 15245-12-2)	3102 60 00	3824 90 97
Níotráit amóiniam (CAS RN 6484-52-2) [i dtiúchan 16 % de réir meáchain nítrigine i gcomparáid le níotráit amóiniam nó i dtiúchan is airde]	3102 30 10 (i dtuaslagán uiscí)	3824 90 97
	3102 30 90 (eile)	

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 948/2009.

RIALACHÁN (AE) Uimh. 99/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Eanáir 2013

maidir leis an gclár staidrimh Eorpach 2013-17

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE agus maidir leis an Eilvéis)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 338(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá sonraí eimpiriciúla agus staidreamh iontaofa fíorriachtanach chun dul chun cinn bheartais agus chlár an Aontais a thomhas agus chun meastóireacht a dhéanamh orthu, go háirithe i gcomhthéacs straitéis Eoraip 2020 arna leagan amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Márta 2010 dar teideal “Eoraip 2020: Straitéis d’fhás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach” (Eoraip 2020).
- (2) De bhun Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach ⁽²⁾, ba cheart clár staidrimh Eorpach ilbhliantúil (an “clár ilbhliantúil”) a bhunú, lena soláthrófar creat chun gníomhaíochtaí an Aontais a mhaoiniú.
- (3) I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, ba cheart don chlár ilbhliantúil an creat a sholáthar chun staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh, agus le haghaidh phríomhréimsí agus chuspóirí na ngníomhaíochtaí atá beartaithe ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana. Ba cheart dó tosaíochtaí a leagan síos maidir le riachtanais faisnéise le haghaidh gníomhaíochtaí an Aontais a chur i gcrích. Ba cheart go mbreathnófaí ar na riachtanais sin le hais na n-acmhainní sin a mbeidh gá leo ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun an staidreamh riachtanach a sholáthar, agus freisin le hais an ualaigh fhreagartha agus le hais chostais ghaolmhara na bhfreagróirí, agus aird ar leith á tabhairt ar chostéifeachtúlacht.

(4) Ba cheart forbairt, táirgeadh agus scaipeadh staidrimh Eorpaigh faoi chuimsiú chreat reachtach an chlár ilbhliantúil a bhaint amach trí chomhar dlúth agus comhordaithe laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach (CSE) idir údarás staidrimh an Aontais, arb é an Coimisiún (Eurostat) é, agus na hinstiúidí staidrimh náisiúnta agus údarás náisiúnta eile de réir mar a ainmneoidh na Ballstáit iad ⁽³⁾ (i dteannta a chéile, “údarás staidrimh náisiúnta”). Tá neamhspleáchas gairmiúil na n-instiúidí staidrimh náisiúnta agus an Choimisiúin (Eurostat) riachtanach chun sonraí staidrimh inchreidte agus ardcháilíochta a sholáthar.

(5) Tá comhar níos dlúithe idir an Coimisiún (Eurostat) agus na hinstiúidí staidrimh náisiúnta fíorriachtanach chun cáilíocht an staidrimh Eorpaigh a fheabhsú. Ba cheart don chomhar níos dlúithe sin díriú go príomha ar oiliúint mhodheolaíoch bhreise ar staidreamh agus ar ábhair ghaolmhara, maidir le dea-chleachtais atá ann cheana féin a fhorbairt agus a scaipeadh laistigh de CSE, agus maidir le foireann a mhalartú sa dá threo idir na Ballstáit agus an Coimisiún (Eurostat).

(6) Is deis é cur chun feidhme an chlár ilbhliantúil chun staidreamh Eorpach comhchuibhithe a sholáthar chun rannchuidiú le forbairt, táirgeadh agus scaipeadh faisnéise staidrimh atá coiteann, inchomparáide agus iontaofa ar leibhéal an Aontais.

(7) Tá staidreamh ardcháilíochta arna fhorbairt, arna tháirgeadh agus arna scaipeadh faoin gclár ilbhliantúil riachtanach le haghaidh cinnteoireachta fianaise-bhunaithe, ba cheart é a bheith ar fáil go tráthúil agus ba cheart go gcuirfeadh sé le cur chun feidhme bheartais an Aontais mar atá léirithe sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus in Eoraip 2020 agus i mbeartais eile ar a ndírítear i dtosaíochtaí straitéiseacha an Choimisiúin don tréimhse 2010-14, eadhon rialachas eacnamaíoch neartaithe agus comhtháthaithe, athrú aeráide, beartas talmhaíochta athchóirithe, fás agus comhtháthú sóisialta, cothromaíocht inscne, Eoraip an phobail agus domhandú. Ba cheart iad a chothú trí gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin gclár ilbhliantúil i gcás inar féidir leis an Aontas breisluach follasach a thabhairt leis agus go mbeadh sé d’aidhm acu a áirithiú go ndéileáiltear leis na táscairí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil go léir ar bhonn cothrom.

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Nollaig 2012 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 20 Nollaig 2012.

⁽²⁾ IO L 87, 31.3.2009, lch. 164.

⁽³⁾ Gan dochar d’Airteagal 5 de Phrótocal Uimh. 4 maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

- (8) Agus réimsí staidrimh a bheidh le forbairt á sainiú, ba cheart go gcuirfí san áireamh cuspóirí Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2011 maidir le Cuntais Eorpacha Eacnamaíoch Chomhshaoil⁽¹⁾, a bhaineann le modúil nua um chuntais eacnamaíoch chomhshaoil a fhorbairt.
- (9) Sa bhreis air sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt i staidéir staidrimh ar thionchar chláir chomhdhlúthaithe fiosaigh ar oibríthe agus ar shaoránaigh eile. Ba cheart sonraí staidrimh a bhailiú ar bhealach a áiríteadh feiceálacht forbairtí i mBallstáit aonair, amhail forbairtí maidir le dífhostaíocht, maidir le méid na n-íocaíochtaí aistriithe sóisialta agus na hathruithe orthu, líon agus cáilíocht na bpost, soghluaisteacht an lucht saothair laistigh de na Ballstáit, laistigh den Aontas agus idir an tAontas agus tríú tíortha, agus na hathruithe sochgheografaacha gaolmhara i struchtúr pá agus i mbearta oiliúna.
- (10) Le blianta beaga anuas, tá CSE tar éis aghaidh a thabhairt ar roinnt dúshlán. Ar an gcéad dul síos, is féidir le heasnamh staidrimh náisiúnta ardcháilíochta éifeachtaí díobhála a bheith acu ar Bhallstáit agus ar an Aontas i gcoitinne. Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, chun críoch beartas a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus go háirithe i gcomhthéacs sásraí maoirseachta an limistéir euro, staidreamh atá beacht go seasta agus ar ardcháilíocht, arna sholáthar ag institiúidí staidrimh náisiúnta atá neamhspleách go gairmiúil a bheith ann.
- (11) Ar an dara dul síos, tá síormhéadú ag teacht ar an méid staidrimh Eorpaigh atá de dhíth, agus ní dócha go dtiocfaidh athrú ar an treocht sin sa todhchá. Is dúshlán ar leith é an domhandú eacnamaíoch, lena n-éilítear méadracht nua chun slabhraí luacha domhanda a thomhas ar bhealach atá comhordaithe go hidirnáisiúnta, agus leis sin pictiúr níos fearr a sholáthar ar fhás eacnamaíoch agus ar chruthú post.
- (12) Ar an tríú dul síos, tá cineál na riachtanas de shíor ag athrú, rud a éilíonn tuilleadh sineirge idir réimsí staidrimh.
- (13) Ar an gceathrú dul síos, féadfaidh miondealuithe iomchuí ar na sonraí atá ar fáil é a dhéanamh níos éasca faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí na géarchéime eacnamaíche agus airgeadais agus ar thionchar na mbeartas atá curtha chun feidhme ar na saoránaigh, lena n-áirítear na daoine is soghonta.
- (14) Ar an gcúigiú dul síos, tá athrú tagtha ar nádúr an staidrimh. Ní hionann é a thuilleadh agus díreach foinse amháin faisnéise chun críoch beartas a dhéanamh, ach tá sé anois i gcroílár an phróisis cinnteoireachta. Maidir le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise, éilítear léi staidreamh a chomhlíonann critéir ardcháilíochta a bhfuil baint acu leis na sainchuspóirí a bhfuil siad ag freastal orthu, agus tá méadú faoin ngá atá ann le staidreamh casta iltoiseach le bheith mar thaca ag réimsí beartais ilchodacha. Chun freagairt i gceart do cheanglais dhéanta beartais, is gá sonraí atá imdhealaithe ó thaobh na hinscne de a bheith ann, i gcás inarb iomchuí.
- (15) Ar an séú dul síos, i ngeall ar ghníomhaithe nua bheith tagtha isteach i margadh na faisnéise, lena n-áirítear iad siúd a chuireann faisnéis ar fáil i bhfíor-am, nach mór, is é ardcháilíocht, lena n-áirítear tráthúlacht a bheidh mar thosaíocht do CSE feasta.
- (16) Ar an seachtú dul síos, de dheasca srianta buiséid ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon maille leis an ngá atá ann an t-ualach ar fhiontair agus ar shaoránaigh a laghdú tuilleadh, cuirtear le dúshlán a bhí mór cheana.
- (17) I dTeachtaireacht an Choimisiúin an 10 Lúnasa 2009 maidir le modh táirgthe staidreamh an AE: fíis do na deich mbliana atá ag teacht agus i straitéis CSE maidir lena chur chun feidhme, pléitear na seacht ndúshlán sin go léir trí dhíríú ar athchóiriú a dhéanamh ar mhodhanna oibre CSE le cur lena éifeachtúlacht agus lena sholúbthacht. Is é cur chun feidhme na Teachtaireachta sin croí an chláir ilbhliantúil agus straitéis chomhphárteach CSE á leanúint.
- (18) Chun sláine agus bainistíocht cáilíochta fhorbairt, tháirgeacht agus scaipeadh an staidrimh Eorpaigh faoin Rialachán seo a áirithiú, ba cheart do na hinstiúidí staidrimh náisiúnta agus don Choimisiún (Eurostat) gach beart is gá a ghlacadh chun muinín an phobail a choinneáil i staidreamh agus chun ceadú a thabhairt do chur i bhfeidhm níos déine Chód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh atá i bhfeidhm agus Teachtaireacht an Choimisiúin an 15 Aibreán 2011 dar teideal "I dtreo bainistiú cáilíochta stóinsithe do Staidreamh Eorpach", agus na príonsabail a leagtar amach iontu á gcomhlíonadh.
- (19) Agus é mar aidhm na hacmhainní teoranta atá ar fáil do tháirgeoirí náisiúnta agus do tháirgeoirí Eorpacha chun staidreamh Eorpach a tháirgeadh a chomhoiriúnú níos fearr leis an ngá méadaitheach le staidreamh, ba cheart i gcéim ullmhúcháin chláir oibre staidrimh bhliantúla an Choimisiúin, ar clár iad ina léirítear an clár ilbhliantúil seo go mion, athbhreithniú sistéamach agus críochnúil ar thosaíochtaí staidrimh a áireamh, lena laghdófar na ceanglais nach bhfuil ríthábhachtach agus lena simpleofar na próisis atá ann cheana, agus ag an am céanna a fheabhsóidh an tsláine agus a choinneoidh staidreamh oifigiúil ar ardchaighdeán. Ba cheart an t-ualach atá ar fhreagróirí a thabhairt i gcuntas freisin, bídis ina ngnólachtaí, ina n-aonaid den rialtas lárnach, réigiúnach nó áitiúil, ina dteaghlach nó ina ndaoine aonair. Ba cheart an próiseas a shaothrú i ndlúthchomhar le húsáideoirí agus táirgeoirí staidrimh Eorpaigh araon.

(¹) IO L 192, 22.7.2011, lch. 1.

- (20) Sa chomhthéacs sin, ba cheart comhroinnt réasúnta an ualaigh airgeadais idir buiséid an Aontais agus na mBallstát a bhaint amach. Sa bhreis ar an leithdháileadh airgeadais atá leagtha síos sa Rialachán seo, ba cheart, dá bhrí sin, an cistiú is iomchuí a thabhairt ar an leibhéal náisiúnta do na húdaráis staidrimh náisiúnta chun na gníomhaíochtaí staidrimh éagsúla a dhéanamh, arna gcinneadh chun an clár ilbhliantúil a chur chun feidhme.
- (21) Ag féachaint don ualach maidir le comhlíonadh, go háirithe an t-ualach ar na Ballstáit bheaga, ba cheart don Choimisiún (Eurostat) cúnamh teicniúil agus saineolas a sholáthar do na Ballstáit chun cabhrú leo dul i ngleic le srianta taighde agus bacanna móra modheolaíochta, d'fhonn comhlíonadh a áirithiú agus sonraí ardcháilíochta a sholáthar.
- (22) Ba cheart clúdach airgeadais an chláir ilbhliantúil a leithdháileadh ar dhóigh ina ndéanfar na speansais a mbeidh gá leo a chlúdach chun feabhas a chur ar an bpróiseas le haghaidh staidreamh ardcháilíochta Eorpach a tháirgeadh, agus ar an gcumas déanamh amhlaidh, agus le haghaidh riachtanais oiliúna na staitisteoirí náisiúnta.
- (23) Le ranníocaíochtaí airgeadais ón Aontas, ba cheart go dtacófaí le gníomhaíochtaí chun staidreamh Eorpach, mar a leagtar amach sa Rialachán seo é, a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh. Ba cheart go mbeadh na ranníocaíochtaí sin i bhfoirm deontas, conarthaí soláthair phoiblí nó i bhfoirm aon idirghabhála eile is gá chun críoch cuspóirí an chláir ilbhliantúil a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, ba cheart go mbeadh úsáid cnapshuimeanna ina príomhbhealach chun bainistiú deontas a shimpliú.
- (24) De bhun Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, ba cheart struchtúr airgeadais leormhaithe a fhorbairt chun tacú le líonraí comhoibríochta.
- (25) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an gclár ilbhliantúil a oscailt i gcomhair rannpháirtíocht na dtíortha de chuid Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa atá páirteach sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("na tíortha LEE/CSTE") agus na hEilvéise. Ba cheart foráil a dhéanamh freisin maidir leis an gclár ilbhliantúil a oscailt i gcomhair rannpháirtíochta tíortha eile, go háirithe tíortha comharsanachta an Aontais, tíortha a bhfuil iarratas ar bhallaíocht den Aontas curtha isteach acu agus tíortha ar iarrthóirí iad agus tíortha aontacha.
- (26) I gcomhthéacs chur chun feidhme an chláir ilbhliantúil, i gcás inarb iomchuí, ba cheart comhar le tríú tíortha nach bhfuil páirteach sa chláir ilbhliantúil a spreagadh, ag cur san áireamh aon chomhaontuithe ábhartha, nó aon chomhaontuithe atá insamhlaithe, idir na tíortha sin agus an tAontas.
- (27) Chun go measfar mar chinní airgeadais iad de réir Airteagal 84(3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais ⁽¹⁾ ("an Rialachán Airgeadais"), ní mór go leagfaí amach sna cláir oibre bhliantúla arna nglacadh ag an gCoimisiún chun an clár ilbhliantúil a chur chun feidhme na cuspóirí atáthar a shaothrú, na torthaí lena bhfuiltear ag súil, an modh cur chun feidhme agus a méid iomlán. Ní mór tuairisc ar na gníomhaíochtaí atá le maoiniú, táscair ar an méid arna leithdháileadh ar gach gníomhaíocht agus amchlár táscach don chur chun feidhme a bheith ar áireamh iontu freisin. Is inmhiannithe go leagfaí amach iontu freisin ábharthacht na cuspóirí atá á saothrú do riachtanais na n-úsáideoirí agus plean tionscadail. I gcás deontas, ba cheart go mbeadh na tosaíochtaí, na critéir mheastóireachta bhunriachtanacha agus an ráta uasta cómhaoinithe ar áireamh iontu. Thairis sin, ba cheart táscairí iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar thorthaí a bheith ar áireamh sna cláir oibre bhliantúla.
- (28) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon an clár ilbhliantúil a bhunú, a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr, dá bhrí sin, is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, atá leagtha amach san Airteagal, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (29) Rinneadh meastóireacht *ex-ante* i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais, d'fhonn an clár ilbhliantúil seo a dhírú ar an ngá atá le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht maidir leis na cuspóirí a bhaint amach agus le srianta buiséadacha a chomhtháthú ó chéim dheartha an chláir ilbhliantúil ar aghaidh. Ba cheart faireachán agus meastóireacht a dhéanamh go tráthrialta ar luach agus ar thionchar na mbearta arna ndéanamh faoin gclár ilbhliantúil, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as meastóirí seachtracha. Chun na críche meastóireacht a dhéanamh ar an gclár ilbhliantúil, foirmliodh cuspóirí intomhaiste agus forbraíodh táscairí.
- (30) Le haghaidh 2013, leagtar síos leis an Rialachán seo clúdach airgeadais le haghaidh an chláir ilbhliantúil, faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, ar clár é a bheidh ina thagairt phríomha don údarás buiséadach, de réir bhrí phointe 37 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 17 Bealtaine 2006 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach agus bainistíocht fhóna airgeadais ⁽²⁾.
- (31) Sa bhreis ar an gclúdach airgeadais atá leagtha síos sa Rialachán seo, ba cheart go dtabharfaí, a mhéid is féidir, cistiú iomchuí ar an leibhéal náisiúnta do na gníomhaíochtaí staidrimh aonair atá dírithe ar an gclár ilbhliantúil seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear gníomhaíochtaí i bhfoirm comhaontaithe idir na húdaráis staidrimh náisiúnta agus an Coimisiún (Eurostat).

⁽¹⁾ IO L 298, 26.10.2012, lch. 1.

⁽²⁾ IO C 139, 14.6.2006, lch. 1.

- (32) Is é an mheasúnacht tionchair don Rialachán seo, lena sonraítear coigilteas costais don Aontas agus do na Ballstáit, is bunús le gealladh airgeadais chuig an gclár ilbhliantúil. Beidh coigilteas costais ann mar thoradh, go háirithe, ar mhodhanna nua chun staidreamh Eorpach a tháirgeadh de thoradh forbairtí i réimse na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide.
- (33) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha feadh an timthrialla caiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a fhiosrú, gnóthú cistí a cailleadh, a íocadh nó a úsáideadh go mícheart agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis.
- (34) Chun comhleanúnachas na ngníomhaíochtaí staidrimh faoin gclár ilbhliantúil do bhliain féilire iomlán 2013 a áirithiú agus chun críche cinnteachta dlíthiúla, ba cheart do dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe, agus ba cheart go mbeadh feidhm aige ón 1 Eanáir 2013. Ba cheart, go háirithe, do dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo údar maith a thabhairt le hiocáíochtaí leis an bhfoireann ar conradh chomh maith le gach gníomhaíocht faoin gclár ilbhliantúil.
- (35) I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 cuireadh an dréachtchlár ilbhliantúil faoi bhráid an Choiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, an Choiste Chomhairligh um Staidreamh Eorpach a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 234/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ agus an Choiste um Staidreamh Airgeadaíochta, Airgeadais agus Chomhardú na nÍocaíochtaí a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 2006/856/CE ón gComhairle⁽²⁾, chun go ndéanfaí réamhscrúdú air,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An Clár Staidrimh Eorpach a bhunú

Bunaítear leis seo an clár staidrimh Eorpach don tréimhse ó 2013 go 2017 (“an clár”).

Airteagal 2

Breislúach

Tá sé de bhreislúach ag an gclár go n-áiríteofar leis go mbeidh staidreamh Eorpach dírithe ar an bhfaisnéis is gá chun beartais an Aontais a cheapadh, a chur chun feidhme agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu. Thairis sin, cuireann sé le húsáid éifeachtach acmhainní trí ghníomhaíochtaí a chothú lena gcuirtear ar bhealach bunriachtanach le forbairt, táirgeadh agus scaipeadh faisnéise staidrimh atá comhchuíbhithe, inchomparáide, iontaofa, so-úsáidte agus inrochtana, bunaithe ar na caighdeáin aonfhoirmeacha agus ar na prionsabail chomhchoiteanna mar a leagtar amach iad i gCód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh (“Cód Cleachtais”), arna ghlacadh ag an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach (CCSE), go háirithe na critéir cháilíochta i ndáil le hábharthacht, le cruinneas agus iontaofacht, le tráthúlacht agus poncúlacht, le hinrochtaineacht agus soiléireacht, agus le comhleanúnachas agus inchomparáideacht.

Airteagal 3

Raon feidhme

1. Leis an Rialachán seo soláthraítear an creat cléagrúcháin i gcomhair fhorbairt, tháirgeadh agus scaipeadh staidrimh Eorpach, príomhréimsí agus cuspóirí na ngníomhaíochtaí atá beartaithe don tréimhse ó 2013 go 2017, i gcomhréir le hAirteagal 13 agus le hAirteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

2. Ní chumhdaítear leis an gclár bearta dá bhforáiltear leis an gClár um Nuachóiriú ar Staidreamh Eorpach a bhaineann le Fiontraíocht agus Trádáil (“Clár MEETS”), arna bhunú le Cinneadh Uimh. 1297/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽³⁾, go dtí deireadh Chlár MEETS an 31 Nollaig 2013 ach áirítear ann cuspóirí i réimse an staidrimh fiontair agus trádála a bhfuil sé beartaithe a chur chun feidhme ó 2014 go 2017.

Airteagal 4

Cuspóirí

1. Is é cuspóir ginearálta an chláir go leanfadh an Córas Staidrimh Eorpach (CSE) de bheith mar phríomhsholáthróir staidrimh ardcháilíochta maidir leis an Eoraip.

2. Agus aird á tabhairt ar na hacmhainní atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon chomh maith leis an ualach freagartha, saothrófar na cuspóirí sonracha a leanas i ngníomhaíochtaí staidrimh arna ndéanamh ar mhaithe le cur chun feidhme an chláir:

— Cuspóir 1: faisnéis staidrimh a sholáthar, go tráthúil chun tacú le forbairt, le faireachán agus le meastóireacht ar bheartais an Aontais a thugann léiriú iomchuí ar thosaíochtaí, agus cothromaíocht á coimeád idir na réimsí eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil agus freastal á dhéanamh ar raon leathan úsáideoirí staidrimh Eorpaigh, lena n-áirítear cinnteoirí, taighdeoirí, agus gnóthaí eile agus saoránaigh na hEorpa i gcoitinne, ar dhóigh cost-éifeachtúil gan dúbailt iarrachta nach gá,

— Cuspóir 2: modhanna táirgeachta nua a chur chun feidhme maidir le staidreamh Eorpach a dhíríonn ar ghnóthachain éifeachtúlachta agus ar fheabhsúcháin cháilíochta,

— Cuspóir 3: an chomhpháirtíocht laistigh de CSE agus in áiteanna eile a neartú chun feabhas breise a chur ar a tháirgiúlacht agus a ról ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir le staidreamh oifigiúil, agus

— Cuspóir 4: a áirithiú go gcoimeádtar seachadadh an staidrimh sin comhsheasmhach le linn ré an chláir, ar choinníoll nach gcuireann sé sin isteach ar shásraí socraithe tosaíochtaí CSE.

3. Tá na cuspóirí ginearálta agus sonracha dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 mionléirithe tuilleadh san Iarscríbhinn maille leis na táscairí arna n-úsáid chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir. I gcomhréir le hAirteagal 13 agus le hAirteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, beidh an clár faoi réir pleanála bliantúla mionsonraithe lena n-áiríteofar sásra socraithe tosaíochtaí mar dhlúthchuid den phróiseas. Bainfear amach cuspóirí an chláir trí chomhar dlúth agus comhordaithe i CSE. Áireofar sa chlár ionstraimí iomchuí a fhorbairt a mbeidh cáilíocht fheabhsaithe, solúbthacht níos fearr de CSE agus cumas méadaithe chun riachtanais úsáideoirí a chomhlíonadh go

⁽¹⁾ IO L 73, 15.3.2008, lch. 13.

⁽²⁾ IO L 332, 30.11.2006, lch. 21.

⁽³⁾ IO L 340, 19.12.2008, lch. 76.

tráthúil mar thoradh orthu. Déanfaidh sé ceannródaíocht freisin ar tháscairí iontaofa a fhorbairt a bheidh in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an 21ú haois, eadhon inbhuanaitheacht chomhshaoil, cáilíocht saoil agus comhtháthú sóisialta a thomhas, agus gníomhaíocht eacnamaíoch san earnáil threasach agus sa gheilleagar sóisialta a thaifeadadh.

Airteagal 5

Rialachas, neamhspleáchas, trédhearcacht agus cáilíocht staidrimh

1. Déanfar staidreamh Eorpach a sholáthar ar dhóigh gairmiúil, neamhspleách agus trédhearcach.

2. Cuirfear an clár chun feidhme i gcomhréir le prionsabail an Chóid Chleachtais d'fhonn staidreamh Eorpach ardháilíochta, comhchuibhithe agus inchomparáide a tháirgeadh agus a scaipeadh i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, agus d'fhonn dea-fheidhmiú CSE ina iomláine a áirithiú. Áiritheoidh na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus údarás staidrimh an Aontais (an Coimisiún (Eurostat)) go gcomhlíonfaidh staidreamh Eorpach, trína neamhspleáchas gairmiúil, an Cód Cleachtais.

3. Maidir leis na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus údarás náisiúnta eile, arna n-ainmniú ag na Ballstáit (i dteannta a chéile, "údarás staidrimh náisiúnta"), agus ag an gCoimisiún (Eurostat), agus atá freagrach as forbairt, as táirgeadh, agus as scaipeadh staidrimh Eorpaigh, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

— a bheith mar aidhm acu neartú a dhéanamh ar thimpeallacht institiúideach agus eagraíochtúil, a chuireann chun cinn comhordú, éifeachtacht agus inchreidteacht údarás staidrimh náisiúnta agus an Choimisiúin (Eurostat) lena dtáirgtear agus lena scaiptear staidreamh Eorpach,

— béim a leagan ar na prionsabail staidrimh a leagtar amach in Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 agus ar riachtanais na n-úsáideoirí,

— freastal a dhéanamh ar riachtanais úsáideoirí institiúideacha an Aontais i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 agus féachaint le staidreamh a fhorbairt a fhreastalóidh ar raon leathan úsáideoirí den staidreamh Eorpach, lena n-áirítear cinnteoirí, taighdeoirí, agus gnóthaí eile agus saoránaigh Eorpacha i gcoitinne, agus

— comhoibriú le comhlachtaí staidrimh ar an leibhéal idirnáisiúnta chun úsáid coincheap, aicmiúchán, modhanna agus caighdeán eile idirnáisiúnta a chur chun cinn, go háirithe d'fhonn tuilleadh comhleanúnachais agus inchomparáideacht níos fearr ar an leibhéal domhanda a áirithiú.

4. Féachfaidh gach Ballstát lena áirithiú go mbunófar a phróisis táirgthe staidrimh ar dhóigh caighdeánaithe agus go bhfeabhsófar iad, a mhéid is féidir, le sásraí iniúchóireachta.

5. Ar mhaithe le trédhearcacht, déanfaidh an Coimisiún (Eurostat), i gcás inarb iomchuí, a mheasúnú a nochtadh go poiblí maidir le cáilíocht rannchuidithe náisiúnta don staidreamh Eorpach mar chuid de bheart tuairiscithe cáilíochta agus faireacháin ar chomhlíonadh.

6. Breithneoidh an Coimisiún (Eurostat) conas a dhéanfaidh sé a fhoilseacháin, go háirithe iad siúd atá inrochtana trína láithreán gréasáin, níos so-úsáidte do neamhphroifisiúnaigh, agus ceadóidh sé rochtain éasca a bheith ar shraith iomlán sonraí agus déanfaidh sé graif chomparáideacha iomasacha a áireamh ann chun tuilleadh breisluacha a thabhairt do shaoránaigh. Le nuashonrúcháin thráthrialta an Choimisiúin (Eurostat) soláthrófar, i gcás inar féidir sin, faisnéis maidir le gach Ballstát agus sraith sonraí bliantúla, sonraí míosúla agus sonraí fadtéarmacha, i gcás inarb iomchuí, agus i gcás inar mó na tairbhí ná costais an bhailithe.

Airteagal 6

Tosaíochta staidrimh a shocrú

1. Áiritheofar leis an gclár tionscnaimh staidrimh a bhunatacaíonn le forbairt, le cur chun feidhme agus le faireachán bheartais reatha an Aontais agus soláthróidh sé tacaíocht staidrimh do cheanglais thábhachtacha a bheidh mar thoradh ar thionscnaimh nua beartais de chuid an Aontais.

2. Déanfaidh an Coimisiún, agus na cláir oibre bhliantúla dá dtagraítear in Airteagal 9 á n-ullmhú aige, socrú tosaíochtaí éifeachtach agus athbhreithniú bliantúil ar, agus tuarascáil bhliantúil maidir le, tosaíochtaí staidrimh a áirithiú. Beidh sé mar aidhm ag na cláir oibre bhliantúla leis sin a áirithiú go bhféadfar na staidrimh Eorpacha a tháirgeadh faoi chuimsiú na n-acmhainní a bheidh ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Le tosaíochtaí a leagan amach, rannchuideofar le laghdú na gcostas agus na n-ualaí maidir leis na ceanglais nua staidrimh trí cheanglais staidrimh i réimsí an staidrimh Eorpaigh atá ann cheana a laghdú agus déanfar é sin a shaothrú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit.

3. Áiritheoidh an Coimisiún forbairt agus cur chun feidhme ionstraimí chun athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar thosaíochtaí na ngníomhaíochtaí staidrimh chun rannchuidiú le laghdú na gcostas agus na n-ualaí ar sholáthróirí sonraí agus ar tháirgeoirí staidrimh.

4. Nuair a bheidh gníomhaíochtaí nua á gcur chun cinn aige agus nuair a bheidh mór-athbhreithnithe á ndéanamh aige ar staidreamh reatha, déanfaidh an Coimisiún na gníomhaíochtaí nó na hathbhreithnithe sin a dhlisteanú go cuí agus soláthróidh sé faisnéis lena mbeidh ionchur ó na Ballstáit maidir leis an ualach freagartha agus leis na costais táirgeachta i gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

Airteagal 7

Maoiniú

1. Socraítear clúdach airgeadais an Aontais chun an clár seo a chur chun feidhme do 2013 ag EUR 57,3 milliún a chumhdaítear leis an tréimhse chláraithe 2007 go 2013.

2. Tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-20 ("CAI 2014 go 2020") a ghlacadh, iarrfar ar an gCoimisiún togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina dtabharfar isteach an leithdháileadh airgeadais don tréimhse 2014 go 2017.

3. Is é an Coimisiún a chuirfidh tacaíocht airgeadais an Aontais i bhfeidhm i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

4. Glacfaidh an Coimisiún a chinneadh maidir leis na leithreasáil bliantúla i gcomhlíonadh shainchumais an údaráis bhuiséadaigh.

Airteagal 8

Cúnamh riaracháin agus teicniúil

Féadfaidh an leithdháileadh airgeadais don chlár speansais eile a chumhdach a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, ar gníomhaíochtaí iad a bhfuil gá leo chun an clár a bhainistiú agus chun a chuspóirí a bhaint amach; go háirithe, staidéir, cruinnithe saineolaithe, speansais a bhaineann le haisíocaíocht saineolaithe staidrimh, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, speansais a bhaineann le líonraí TF atá dírithe ar phróiseáil agus malartú faisnéise, maille le gach speansais eile de chineál cúnamh teicniúil agus riaracháin arna dtabhuá ag an gCoimisiún chun an clár a bhainistiú. Féadfar a chumhdach leis an leithdháileadh cúnamh teicniúil agus saineolas arna soláthar do na Ballstáit nach bhfuil in ann, de bharr imthosca sonracha, staidreamh áirithe Eorpach nó staidreamh den cháilíocht a éilítear a tháirgeadh.

Airteagal 9

Clár oibre bliantúil

Chun an clár a chur chun feidhme glacfaidh an Coimisiún clár oibre bhliantúla a shásóidh na ceanglais atá leagtha síos in Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, agus leagfaidh sé amach na cuspóirí atáthar a shaothrú agus na torthaí lena bhfuiltear ag súil, i gcomhréir leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus (2) den Rialachán seo. Cuirfear gach clár oibre bliantúil in iúl do Pharlaimint na hEorpa chun críocha faisnéise.

Airteagal 10

Cineálacha idirghabhála

Féadfaidh ranníocaíochtaí airgeadais ón Aontas a bheith i bhfoirm deontas nó conarthaí soláthair phoiblí nó i bhfoirm aon idirghabhála eile is gá chun na gcríoch na cuspóirí ginearálta agus sonracha dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus (2) a bhaint amach.

Airteagal 11

Gníomhaíochtaí incháilithe

1. Le ranníocaíocht airgeadais ón Aontas tacófar le gníomhaíochtaí chun staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh, ar staidreamh é a bhfuil gá leis chun na cuspóirí ginearálta agus sonracha dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus (2) a bhaint amach. Tabharfar tosaíocht do ghníomhaíochtaí lena mbaineann breisluach ard don Aontas i gcomhréir le hAirteagal 2.

2. Féadfaidh ranníocaíocht airgeadais chun tacú le líonraí comhoibríochá amhail dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 a bheith i bhfoirm deontas i gcomhair gníomhaíochta agus féadfaidh sí suas le 95 % den chostas incháilithe a chumhdach.

3. I gcás inarb iomchuí, féadfar deontais oibriúcháin, nach sáróidh 50 % de na costais incháilithe, a dhámhachtain le haghaidh feidhmiú eagraíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 12(3).

4. Mar ranníocaíocht le speansais arna dtabhuá ag na Ballstáit agus gníomhaíochtaí atá bunaithe ar bhailiú sonraí á ndéanamh acu, féadfaidh cnapshuim in aghaidh na sraithe sonraí, ar sonraí iad a bhfuil torthaí iomlána le cur ar aghaidh chuig an gCoimisiún ina dtaobh, a íoc suas le huastairseach arna sainiú de réir an bhailiú sonraí. Déanfaidh an Coimisiún méid na cnapshuime a shainiú agus aird chuig á tabhairt aige ar chastacht an bhailithe sonraí.

Airteagal 12

Tairbhíthe atá incháilithe do dheontais

1. I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 128(1) den Rialachán Airgeadais, féadfar deontais do na húdarais staidrimh náisiúnta a shainiú in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 a dhámhachtain gan glao ar thograí a dhéanamh.

2. Féadfaidh tairbhíthe dá dtagraítear i mír 1 agus comhlachtaí eile a bheith páirteach i líonraí comhoibríochá gan glao a bheith déanta ar thograí i gcomhréir le hAirteagal 128(1) den Rialachán Airgeadais.

3. Féadfar na deontais oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(3) a dhámhachtain d'eagraíochtaí a chomhlíonann an dá chritéar seo a leanas:

(a) go bhfuil siad neamhbhrabúsach, neamhspleách ar an tionscal agus ar leasanna tráchtála agus gnó nó leasanna eile, agus gurb iad a bpríomhchuspóirí agus a bpríomhghníomhaíochtaí cur chun feidhme an Chóid Cleachtais a chur chun cinn agus a thacú, agus modhanna táirgthe nua a chur chun feidhme i gcomhair staidrimh Eorpaigh, ar modhanna iad a bheith dírithe ar ghnóthachain éifeachtúlachta agus ar fheabhsúcháin cháilíochta ar leibhéal an Aontais; agus

(b) gur thug siad tuairiscí sásúla don Choimisiún maidir lena mballraíocht, a rialacha inmheánacha agus a bhfoinsí cistiúcháin.

Airteagal 13

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

1. Glacfaidh an Coimisiún bearta cuí chun a áirithiú, i gcás ina gcuirfear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go mbeidh leasanna airgeadais an Aontais á gcosaint trí bhearta coiscitheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne calaoise, éilliú agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha comhsheasmhacha agus éifeachtacha, agus, má thugtar mírialtachtaí faoi deara, trí na méideanna a íocadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus bhactha a chur i bhfeidhm.

2. Beidh inniúlacht iniúchóireachta ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúchóirí, ar bhonn doiciméad agus seiceálacha ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistiúchán faoi chuimsiú an Rialacháin seo.

Déanfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), i gcás inarb iomchuí, seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair ar oibreoirí eacnamaíocha a mbaineann an cistiú seo leo, go díreach nó go hindíreach, i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanann an Coimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne calaoise agus míréireachtaí eile⁽¹⁾, d'fhonn a aimsiú an raibh calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach i gceist a dhéanfadh difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó cinneadh faoi dheontas nó conradh atá maoinithe de bhun an Rialacháin seo.

Gan dochar don chéad fhomhír ná don dara fhomhír, déanfaidh comhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus comhaontuithe deontais, cinntí deontais agus conarthaí a thig as cur chun feidhme an Rialacháin seo an chumhacht a thabhairt go sainráiteach don Choimisiún, do Chúirt na nIniúchóirí agus do OLAF na hiniúchtaí agus na seiceálacha agus cigireachtaí sin ar an láthair a dhéanamh.

Airteagal 14

Rannpháirtíocht tríú tíortha sa chlár

Beidh rannpháirtíocht sa chlár ar oscailt:

- do thíortha LEE/CSTE, i gcomhréir leis na coinníollacha atá bunaithe sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch;
- don Eilvéis, i gcomhréir leis na coinníollacha arna mbunú i gComhaontú an 26 Deireadh Fómhair 2004 idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhar i réimse an staidrimh⁽²⁾; agus

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 15 Eanáir 2013.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
L. CREIGHTON

- do thíortha a bhfuil feidhm ag Beartas Comharsanachta na hEorpa maidir leo, tíortha a bhfuil iarratas ar bhallaíocht den Aontas curtha isteach acu, tíortha ar iarrthóirí iad agus tíortha aontacha, agus do thíortha na mBalcán Thiar atá páirteach sa phróiseas cobhsaíochta agus comhlachais, i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos sna comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha ábhartha leis na tíortha sin lena mbunaítear na prionsabail ghinearálta dá rannpháirtíocht i gclár de chuid an Aontais.

Airteagal 15

Meastóireacht agus athbhreithniú ar an gclár

- Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le CCSE, tuascáil eatramhach ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme an chláir a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 30 Meitheamh 2015.
- Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2016, féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn na tuascála eatramhaí ar dhul chun cinn dá dtagraítear i mír 1, agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an CCSE, togra maidir le fadú an chláir don tréimhse ó 2018 go dtí 2020, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, agus CAI 2014 go 2020 á chomhlíonadh aige.
- Faoin 31 Nollaig 2018, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le CCSE, agus leis an gCoiste Comhairleach um Staidreamh Eorpach, tuascáil mheastóireachta chríochnaitheach maidir le cur chun feidhme an chláir a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Airteagal 16

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó 1 Eanáir 2013.

⁽¹⁾ IO L 292, 15.11.1996, lch. 2.

⁽²⁾ IO L 90, 28.3.2006, lch. 2.

IARSCRÍBHINN

Bonneagar staidrimh agus cuspóirí an chláir staidrimh Eorpaigh 2013 go dtí 2017**Réamhrá**

Tá staidreamh ardcháilíochta, inchomparáide agus iontaofa maidir leis na dálaí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil san Aontas, agus a gcomhpháirteanna ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, de dhíth le beartais an Aontais a chur i bhfeidhm. Lena chois sin, tá staidreamh Eorpach éigeantach don Eoraip, ag tabhairt na deise don phobal i gcoitinne agus do shaoránaigh Eorpacha ní hamháin páirt a ghlacadh sa phróiseas daonlathach agus sa phlé faoin Aontas mar atá anois agus mar a bheidh ach tuiscint a bheith acu ar an bpróiseas sin freisin.

Is é an clár staidrimh Eorpach a sholáthraíonn an creat reachtach chun staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh le linn na tréimhse 2013 go dtí 2017.

Déantar staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh faoin gcreat reachtach sin trí dhlúthchomhar comhordaithe laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach (CSE).

Cuireann staidreamh arna fhorbairt, arna tháirgeadh agus arna scaipeadh faoin gclár staidrimh Eorpach 2013 go dtí 2017 ("an clár") le cur chun feidhme bheartais an Aontais, mar atá siad léirithe sa CFAE agus in Eoraip 2020 agus le cur chun feidhme na dtionscnamh suaitheanta faoi seach a bhaineann léi agus mbeartas eile atá leagtha amach i dtosaíochtaí straitéiseacha an Choimisiúin.

Ós rud é gur clár ilbhliantúil é an clár lena gcumhdaítear tréimhse cúig bliana, agus ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag CSE leanúint de bheith ina phríomhghníomhaire i réimse an staidrimh, tá an clár uailmhianach ó thaobh a raoin feidhme agus a chuspóirí de, ach cuirfead an clár chun feidhme de réir cur chuige céim ar céim. Beidh forbairt sásra a dhéanfaidh tosaíochtaí a leagan síos agus a shimpliú go héifeachtach ina chuspóir don chlár.


Bonneagar staidrimh

Déanfaidh an clár dícheall bonneagar faisnéise staidrimh a bhunú. Ní mór an bonneagar sin a bheith ullamh don úsáid fhairsing agus dhian a bhainfead as ar mhaithe le feidhmeanna éagsúla.

Is ceapadh beartais a dhreasaíonn na cinní staidrimh Eorpach a tháirgeadh. Ba cheart, áfach, an staidreamh sin a bheith ar fáil do chinnteoirí, do thaighdeoirí, do ghnóthais agus do shaoránaigh Eorpacha i gcoitinne freisin agus ba cheart go mbeadh rochtain éasca acu orthu ós leas poiblí iad agus is iad saoránaigh agus gnóthais na hEorpa a íocann astu, agus ba cheart go mbainfidís tairbhe as na seirbhísí a sholáthraítear chomh maith. Ionas go gcomhlíonfaidh an bonneagar an ról sin ní mór é a cheapadh de réir creata choincheapúil fhónta, ar creat é a áiríteoidh go mbeidh an bonneagar oiriúnach do raon críocha ar láimh amháin agus, ar an láimh eile, go mbeifear in ann an bonneagar a chur in oiriúint go solúbtha do riachtanais athraitheacha na n-úsáideoirí sna blianta amach romhainn.

Tá an bonneagar faisnéise staidrimh léirithe thíos:

BONNEAGAR FAISNÉISE STAIDRIMH

*Eochair*

Sonraí: faisnéis arna tiomsú ag údarais staidrimh náisiúnta, ar bhonn gníomhaíochtaí traidisiúnta staidrimh (suirbhéanna samplacha, daonáirimh etc.) agus sonraí ó fhoinis eile a n-athúsáidtear chun críocha staidrimh. Tá an fhaisnéis sin oiriúnaithe chun freastal ar riachtanais i réimsí sonracha beartais, e.g. an margadh saothair, imirce nó talmhaíocht.

Cuimsíonn an téarma freisin sonraí arna mbailiú chun críocha riaracháin ach a bhíonn in úsáid ag údarais náisiúnta staidrimh chun críocha staidrimh (tagraítear dóibh sin mar shonraí ó fhoinsí riaracháin de ghnáth).


Córais chuntasaíochta: cuntais, clár chomhardaithe agus táblaí atá comhleánach agus comhtháite agus atá bunaithe ar shraith rialacha arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta. Airíthítear le creat cuntasaíochta go mbeidh próifíl ard comhsheasmhachta agus inchomparáideachta; féadfar sonraí staidrimh a thiomnú agus a chur i láthair i bhformáid atá ceaptha chun críocha anailíse agus ceaptha beartais.

Táscairí: is éard is táscaire ann tomhas achomhair a bhaineann le saincheist nó feiniméan tábhachtach agus atá díortha ó shraith d'fhóras breathnaithe. Féadfaidh táscairí a úsáid chun suíomhanna coibhneasta a léiriú nó chun athrú dearfach nó diúltach a léiriú. Ionchur díreach i mbeartais an Aontais agus i mbeartais dhomhanda iad táscairí de ghnáth. Baineann tábhacht leo i réimsí beartais straitéiseacha chun spriocanna a shocrú agus chun faireachán a dhéanamh ar ghnóthú na spriocanna sin.

Faoi chuimsiú na forscéime sin, déanfar idirdhealú breise sa chlár idir trí cholún d'fhaisnéis staidrimh: staidreamh gnó; staidreamh i ndáil le hEoraip an phobail; agus Staidreamh Geospásúil, Staidreamh Comhshaoil, Staidreamh Talmhaíochta agus Staidreamh Earnálacha Eile.

Is iad beartais an Aontais agus beartais dhomhanda ábhartha na hionstraimí lena sonraítear na riachtanais staidrimh ar a bhfreastalóidh an clár tríd an struchtúr athchóirithe agus na próisis tháirgthe a chomhfhreagraíonn dó. Dá bhrí sin, tá léiriú ar gach beartas aonair de chuid an Aontais agus ar gach beartas domhanda sna comhpháirteanna difriúla den bhonneagar staidrimh agus tá siad cumhdaithe ag gníomhaíochtaí sonracha sa chlár. Déanfar beartais nua a shainaithe-neofar sna blianta amach romhainn a chumhdach trí chosáin dhíorthaithe nua a bhunú maidir le táscairí/cuntais bunaithe ar na sonraí staidrimh arna dtáirgeadh faoi na trí cholún.

FAISNÉIS STAIDRIMH — STRUCHTÚR AGUS DINIMIC



Cuspóirí

Is é cuspóir ginearálta an chlár ná CSE a bheith mar phríomhsholáthróir staidrimh ardcháilíochta maidir leis an Eoraip.

Agus aird á tabhairt ar na hacmhainní atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais mar aon leis an ualach freagartha, déanfar na cuspóirí sonracha a leanas a shaothrú mar chuid de gníomhaíochtaí staidrimh arna ndéanamh i dtaca le cur chun feidhme an chlár seo:

- Cuspóir 1: faisnéis staidrimh a sholáthar go tráthúil chun tacú le forbairt, le faireachán agus le meastóireacht ar bheartais an Aontais a léiríonn tosaíochtaí i gceart agus cóimheá a choinneáil idir réimsí eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil agus fónamh a dhéanamh ar riachtanais an raoin leathan úsáideoirí staidrimh Eorpaigh, lena n-áirítear cinnteoirí eile, taighdeoirí eile, gnóthais eile agus saoránaigh Eorpacha i gcoitinne, ar dhóigh chost-éifeachtach gan dúbailt iarrachta nach gá;
- Cuspóir 2: modhanna táirgeachta nua a chur chun feidhme maidir le staidreamh Eorpach a dhíríonn ar ghnóthachain éifeachtúlachta agus ar fheabhsúcháin cháilíochta;
- Cuspóir 3: an chomhpháirtíocht laistigh de CSE agus in áiteanna eile a neartú chun feabhas breise a chur ar a tháirgiúlacht agus a ról ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir le staidreamh oifigiúil; agus

- Cuspóir 4: leanúnachas sholáthar na staidreamh sin le linn ré an chláir a áirithiú, ar choinníoll nach gcuirfidh sé isteach ar na sásraí CSE chun tosaíochtaí a leagan amach.

Tá na cuspóirí sonracha sin roinnte ina réimsí tosaíochta éagsúla a bhfuil tuairisc orthu thíos. Tá Cuspóirí 1 agus 4 cumhdaithe ag "I. Aschuir Staidrimh", Cuspóir 2 ag "II. Modhanna Táirgthe Staidreamh Eorpach" agus Cuspóir 3 ag "III. Comhpháirtíocht".

I. ASCHUIR STAIDRIMH

1. Táscairí

1.1. Eoraip 2020

Is é formhuiniú na Comhairle Eorpaí mí an Mheithimh 2010 ar Eoraip 2020 a mhúnlaigh de chuid mhór an clár oibre straitéiseach a bheidh ann i gcomhair bheartais an Aontais agus i gcomhair beartas náisiúnta sna blianta amach anseo. Bunaítear leis an gclár oibre sin roinnt spriocanna ceannlíne agus tionscnamh suaitheanta nach mór do CSE táscairí staidrimh a sholáthar mar gheall orthu i roinnt réimsí (i.e. feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh nuálaíochta, taighde agus forbartha, fostaíocht a chur chun cinn, cuspóirí an Aontais maidir le hathrú aeráide agus fuinneamh a bhaint amach, éifeachtúlacht acmhainní, feabhas a chur ar leibhéil oideachais, lena n-áirítear soghluaisteacht foghlama, aosú gníomhach folláin, agus cuimsiú sóisialta tríd an mbochtaineacht a laghdú).

Cuspóir 1.1.1

Faisnéis staidrimh ardcháilíochta a sholáthar, ar cheart di a bheith ar fáil go tráthúil, chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Eoraip 2020. Beidh táscairí nua, a mhéid is féidir, bunaithe ar shonraí staidrimh infhaighte.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme trí na nithe seo a leanas a chur ar fáil:

- táscairí spriocanna ceannlíne atá cothrom le dáta le haghaidh Eoraip 2020 (i réimsí na fostaíochta, an taighde agus forbartha, na nuálaíochta, an fhuinnimh/athrú aeráide, an oideachais, an chomhshaoil, na cosanta sóisialta, an chuimsithe shóisialta agus na bochtaineachta) ar láithreán gréasáin an Choimisiúin (Eurostat);
- staidreamh chun tacú leis an bhfaireachán ar chur chun feidhme thionscnaimh shuaitheanta Eoraip 2020;
- táscairí breise mar ionchur i gcomhair meastóireachta *ex-post* agus *ex-ante* ar bheartais eacnamaíocha, sóisialta agus chomhshaoil an Aontais; agus
- táscairí fostaíochta a dhéanann idirdhealú idir fostaíocht pháirtaimseartha agus lánaimseartha chomh maith le táscairí dífhostaíochta a chuireann san áireamh daoine i mbeartas gníomhachtúcháin amháil an oiliúint.

1.2. Rialachas eacnamaíoch

De dheasca na géarchéime agus an teannais sna margaí airgeadais aibhsíodh an gá le rialachas eacnamaíoch an Aontais a neartú. Tá céimeanna cinntitheacha glactha ag an Aontas cheana féin maidir le rialachas eacnamaíoch agus comhordú eacnamaíoch, agus beidh impleachtaí móra staidrimh ag baint le roinnt de na céimeanna sin sa bhreis ar na gníomhaíochtaí staidrimh reatha.

Cuspóir 1.2.1

Faisnéis staidrimh nua a fhorbairt agus an fhaisnéis staidrimh atá ann a fheabhsú, ar faisnéis í atá ábhartha do lucht cinnteoireachta an Aontais agus don phobal i gcoitinne i ndáil le rialachas eacnamaíoch neartaithe agus comhlháite an Aontais agus le timthriall an fhaireachais lena gcomhlháthaítear an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus beartas eacnamaíoch.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas:

- ionchur staidrimh a sholáthar i gcomhair scórchlár na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus na hanailíse is bunús leis;
- ionchur staidrimh a sholáthar i gcomhair Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis feabhsaithe atá dírithe go sonrach ar tháirgeadh agus ar sholáthar staidrimh ardcháilíochta maidir le fiachas poiblí;
- sraith táscairí a fhorbairt agus a tháirgeadh chun iomaíochas a fhorbairt; agus
- bainistíocht cháilíochta láidir a chur chun feidhme sa slabhra táirgeachta, lena gcumhdófar freisin sonraí airgeadais phoiblí réamhtheachtacha agus na sreafaí oibre is bunús leo sna Ballstáit.

Cuspóir 1.2.2

Staidreamh iontaofa agus táscairí iontaofa a sholáthar do lucht cinnteoireachta an Aontais chun críoch riaracháin agus rialála agus chun faireachán a dhéanamh ar ghealltanais shonracha bheartais de chuid an Aontais.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas:

- scóip an staidrimh a shainmhíniú chun críocha riaracháin agus rialála agus an scóip sin a chomhaontú le húsáideoirí; agus
- creat láidir bainistíochta cáilíochta do na táscairí sin a sainmhíniú, de réir mar is iomchuí, é a chur chun feidhme agus é a mhíniú.

1.3. Domhandú eacnamaíoch

De dheasca éifeachtaí sóisialta agus eacnamaíocha agus éifeachtaí eile na géarchéime airgeadais, an mhéadaithe ar shreafaí trasteorann agus ilroinnt na bpróiseas táirgthe, aibhsíodh an gá le creat níos comhsheasmhaí i gcomhair táirgthe dhomhandaithe agus le feabhas a chur ar thomhas an táirgthe sin.

Cuspóir 1.3.1

Feabhas a chur ar na táscairí agus ar an bhfaisnéis staidrimh atá ar fáil maidir le domhandú eacnamaíoch agus slabhraí luacha domhanda i gcomhair lucht cinnteoireachta an Aontais agus i gcomhair an phobail i gcoitinne.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas:

- táscairí atá ann maidir le domhandú eacnamaíoch atá ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin (Eurostat) a thabhairt cothrom le dáta;
- táscairí nua a fhorbairt maidir le slabhraí luacha domhanda, lena n-áirítear sreafaí acmhainní nádúrtha agus spleáchas orthu;
- anailís ar na slabhraí luacha domhanda, trí tháblaí iomchuí ionchuir/aschuir b'fhéidir, agus staidreamh trádála eachtraí agus gnó, lena n-áirítear nascadh micreashonraí; agus
- iniúchadh ar an ngá atá le hathchóiriú a dhéanamh ar ríomh agus leithdháileadh seirbhísí airgeadais idirghabhála.

2. Creata cuntasáíochta

Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Lúnasa 2009 dar teideal “OTI agus dul thairsti: an dul chun cinn a thomhas i ndomhan atá ag athrú” agus le foilsiú Thuarascáil Stiglitz-Sen-Fitoussi maidir le Tomhas ar Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus ar Fhorás Sóisialta tá dreasú nua ann i dtaobh an phríomhdhúshláin atá ann do CSE, eadhon conas staidreamh níos fearr a fháil i ndáil le saincheisteanna trasearnálacha agus conas staidreamh níos comhtháite a fháil chun tuairisc a thabhairt ar fheiniméin chasta shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíocha sa bhreis ar na tomhais a dhéantar ar aschur eacnamaíoch go traidisiúnta. Cuireann Córas Eorpach na gCuntas Náisiúnta agus Réigiúnach (CEC) creat comhtháite agus comhsheasmhach ar fáil i gcás an staidrimh eacnamaíoch ar fad lenar cheart táscairí eile a bheith ag gabháil chun faisnéis níos cuimsithí a sholáthar i gcomhair ceaptha beartais agus cinnteoireachta.

2.1. Feidhmíocht eacnamaíoch agus shóisialta

De dheasca na géarchéime airgeadais is treise an gá le sraith táscairí maicreacnamaíocha ardcháilíochta chun tuiscint níos fearr a fháil agus anailís níos fearr a dhéanamh ar luaineachtaí eacnamaíocha agus an éifeacht a bhíonn acu ar an tsochaí agus ar an dóigh sin an próiseas cinnteoireachta a éascú. De bharr an táirgthe dhomhandaithe tá méadú ag teacht ar an ngá creat comhsheasmhach a fhorbairt lena n-éascófár léirmhíniú agus comhtháthú staidrimh ó réimsí éagsúla.

Cuspóir 2.1.1

Tomhas na feidhmíochta eacnamaíche a fhorlíonadh le gnéithe éagsúla den domhandú, de cháilíocht bheatha, den rochtain ar earraí agus seirbhísí, d'inbhuanaitheacht chomhshaoil, de shláinte, d'fholláine, de chomhtháthú sóisialta agus den chuimsiú sóisialta. Creat a fhorbairt chun anailís a dhéanamh ar tháirgeadh domhandaithe.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas:

- cuntas náisiúnta bliantúla agus ráithiúla a chur chun feidhme agus a thiomsú mar aon le cuntas réigiúnacha bliantúla i gcomhréir le CSE;
- táscairí a tháirgeadh maidir le dáileadh ioncaim agus tomhaltais ar theaghlaigh (trí chomhiomláin na gcuntas náisiúnta agus sonraí ó shuirbhéanna ar theaghlaigh nó sonraí riaracháin a réiteach);
- staidreamh praghaís atá tráthúil agus d'ardcháilíocht a thiomsú, go háirithe treoiruimhreacha comhchuibhithe praghsanna tomhaltóirí;
- cuntas satailíte a fhorbairt do réimsí nua;
- bunachar sonraí a chruthú chun fás agus táirgeacht a thomhas, agus aird á tabhairt ar athruithe i dtáirgiúlacht san earnáil phoiblí mar aon leis an earnáil phríobháideach;

- creat coincheapúil a fhorbairt chun anailís a dhéanamh ar tháirgeadh domhandaithe;
- creat choincheapúil a fhorbairt chun an caighdeán maireachtála agus leasa a thomhas; agus
- coincheapa comhfhreagracha cuntasáíochta agus staitistiúil a ailíniú a mhéid is féidir.

Cuspóir 2.1.2

Príomhtháscairí maicreacnamaíochta agus sóisialta agus Príomhtháscairí Eacnamaíochta Eorpacha a sholáthar mar shraith comhsheasmhach táscairí arna ndírú ar riachtanais le staidreamh ón Aontas agus le staidreamh domhanda agus Príomhtháscairí Eacnamaíochta Eorpacha a choigeartú chun freastal ar riachtanais athraitheacha úsáideoirí.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas:

- forbairt chomhardaithe ar dheiseanna príomhtháscairí maicreacnamaíochta, sóisialta agus forbartha inbhuanaithe;
- modheolaíocht chomhchuibhithe a bheith ar fáil i gcomhair príomhtháscairí maicreacnamaíochta agus sóisialta agus Príomhtháscairí Eacnamaíochta Eorpacha;
- inchomparáideacht idirnáisiúnta táscairí a fheabhsú;
- uirlisí feabhsaithe a sholáthar chun go mbeidh sé níos éasca táscairí a léirmhíniú agus a chur in iúl; agus
- staidreamh comhchuibhithe a bheith ar fáil thar ceann gach Ballstáit maidir le tithíocht agus cúrsaí gaolmhara.

2.2. Inbhuanaitheacht chomhshaoil

Is ardtsaíochtaí ar chlár oibre na hEorpa agus cuspóirí de chuid na gConarthaí iad an comhshaoil a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú i gcomhair na glúine seo agus na nglún amach anseo, chomh maith le héifeachtaí an athraithe aeráide a chomhrac. Ar mhaithe le beartais éifeachtúla sna réimsí sin is gá faisnéis staidrimh ó réimsí éagsúla.

Cuspóir 2.2.1

Cuntais chomhshaoil agus staidreamh maidir le hathrú aeráide a sholáthar, ag cur forbairtí idirnáisiúnta sa réimse sin san áireamh.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas:

- córas comhsheasmhach cuntas comhshaoil a fhorbairt mar “chuntais shatailíte” do na príomhchuntais náisiúnta, lena soláthrófar faisnéis maidir le hastaíochtaí san atmaisféar, ídiú fuinnimh, sreafaí agus cúltaisí acmhainní nádúrtha ábharacha agus uisce, trádáil in amhábhair bhunúsacha agus chriticiúla, cánachas comhshaoil agus caiteachas ar chosaint an chomhshaoil, lena bhféadfaí fás/soláthar glas a áireamh;
- táscairí a léiríonn brúnna tánaisteacha, tionchar an athraithe aeráide, lena n-áirítear an tionchar ar shláinte, pointí leochaileachta agus dul chun cinn maidir le hoiriúnú, a thabhairt cothrom le dáta, a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh; agus
- táscaire ceannlíne a fhorbairt a dhéanfaidh brú ar an gcomhshaoil domhanda a thomhas.

3. Sonraí

3.1. Gnó

Tá líon mór beartas de chuid an Aontais dírithe ar fhiontair Eorpacha. Thairis sin, is orthusan atá an mhortabháil sonraí bunúsacha a sholáthar. Dá réir sin, tá éileamh mór ar staidreamh gnó, sa chiall is leithne, chun tacú leis an bpróiseas cinnteoireachta ach freisin chun cuidiú le saoránaigh Eorpacha agus le gnóthais Eorpacha tionchar na mbeartas sin a thuiscint i bhfianaise idirdhealú idir fiontair mhóra, fiontair de mhéid idirmheánach agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a bhfuil breis gá le staidreamh mionsonraithe agus comhchuibhithe mar gheall orthu. Ag an am céanna, is gá an t-ualach riaracháin agus tuairiscithe a laghdú.

Cuspóir 3.1.1

Éifeachtúlacht agus éifeachtacht próiseas táirgthe staidrimh a mhéadú. Staidreamh d'ardcháilíocht a sholáthar maidir le príomhréimsí ar le fiontair an leas is tábhachtaí iontu, amhail staidreamh gnó, táscairí gearrthéarmacha, a n-infheistíocht i gcaipiteal daonna agus i scileanna, idirbhearta idirnáisiúnta, domhandú, faireachán ar an margadh inmheánach, taighde agus forbairt agus nuálaíocht, agus turasóireacht. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar shonraí a bheith ar fáil in earnálacha tionsclaíochta nó seirbhísí lena mbaineann breisluach mór, go háirithe sa gheilleagar glas, digiteach nó sóisialta (amhail an tsláinte agus an t-oidreachas).

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas:

- sonraí atá ar fáil sa chóras staidrimh nó sa tsochaí a athúsáid, agus comh-bhonneagar agus comhuirlisí a tháirgeadh;
- faisnéis staidrimh agus táscairí maidir le gnó a sholáthar ar bhonn bliantúil agus fobhliantúil;
- staidreamh faisnéise a sholáthar lena dtuairiscítear seasamh na hEorpa in ordlathas an domhain agus caidreamh an Aontais leis an gcuid eile den domhan;
- faisnéis staidrimh a sholáthar chun anailís a dhéanamh ar shlabhraí luacha domhanda agus Clár an Ghrúpa Euro a fhorbairt mar chnámh droma chun faisnéis trasréimse a bhailiú maidir le domhandú;
- bailiúcháin staidrimh i gcomhair trádála in earraí agus trádáil i seirbhísí a athchothromú maille le feabhas ar infhaighteacht sonraí maidir le seirbhísí agus gníomhaíochtaí chun faisnéis staidrimh a athchothromú i dtaobh seirbhísí agus earraí;
- uirlisí a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar an margadh inmheánach, amhail uirlís phraghas an bhia agus táscairí gaolmhara;
- staidreamh a sholáthar maidir le príomhréimsí nuálaíochta agus feidhmíocht taighde agus forbartha trí bhreis úsáide a bhaint as cláir paitinní agus trí bhreis taighde agus trí bhreis úsáide a bhaint as micreashonraí aonair ar mhaithe le staidreamh;
- staidreamh de cháilíocht a sholáthar maidir le soláthar agus éileamh in earnáil na turasoíreachta trí bhailiú optamach sonraí agus trí fheabhas a chur ar chomhtháthú sonraí ó réimse na turasoíreachta agus réimsí eile; agus
- staidreamh a sholáthar maidir le húsáid acmhainní agus éifeachtúlacht acmhainní bunaithe a mhéid is féidir ar bhailiúcháin sonraí atá ann cheana.

3.2. Eoraip an phobail

Tá saoránaigh Eorpacha i gcroílár bhearta an Aontais. Dá thoradh sin, tá éileamh mór ar staidreamh sóisialta, sa chiall is leithne, chun tacú leis an bpróiseas cinnteoireachta agus chun faireachán a dhéanamh ar thoradh na mbeartas sóisialta, ach chomh maith leis sin chun cuidiú le saoránaigh Eorpacha tionchar na mbeartas sin ar a saolta agus ar a ndea-bhail féin a mheas.

Cuspóir 3.2.1

Staidreamh a sholáthar maidir le príomhréimsí beartais shóisialta ar leis an saoránach an leas is tábhachtaí iontu, amhail dea-bhail, inbhuanaitheacht, comhtháthú sóisialta, bochtaineacht, neamhionannais, dúshlán dhéimeagrafacha (aosú an phobail agus imirce go háirithe), an margadh saothair, oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear oideachas na hóige, oideachas aosach, gairmoiliúint agus soghluaisteacht foghlama an aosa óig, cultúr, gníomhaíocht fhisiciúil, cáilíocht bheatha, sábháilteacht, sláinte, míchumas, tomhaltas, saorghluaisteacht agus an margadh inmheánach, soghluaisteacht daoine óga, nuálaíocht theicneolaíoch agus stíleanna beatha nua a roghnú. Beidh an staidreamh sin dí-chomhbhailithe de réir inscne i gcás inarb iomchuí, do ghrúpaí ar leas speisialta iad do lucht ceaptha beartas sóisialta. Déanfar na tosaíochtaí a leagan síos i gcomhréir le hAirteagal 6.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas:

- bonneagar bunúsach comhdhlúite i gcomhair Staidrimh Shóisialta Eorpaigh a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bailiúcháin sonraí bunaithe ar shuirbhéanna agus ar riarachán agus tacar coiteann de chroí-athróa;
- forbairt bunsuirbhéanna sóisialta lena soláthraítear sonraí (lena n-áirítear micreashonraí) ar dhaoine agus ar theaghlach sruthlínithe agus comhlánaithe le bailiúcháin micreashonraí breise níos lú minicíochta;
- staidreamh a sholáthar maidir le hoideachas agus le hoiliúint, lena n-áirítear cuíchóiriú agus nuachóiriú an tSuirbhé ar Oideachas Daoine Fásta;
- staidreamh a sholáthar maidir le neamhionannas ioncaim, lena soláthraítear táscaire ceannlíne náisiúnta inchomparáide, mar aon le sonraí ar neamhionannais i gcás rochtana ar earraí agus seirbhísí bunúsacha;
- obair mhodheolaíoch maidir le gníomhaíocht fhisiceach agus staidreamh cultúir;
- staidreamh a sholáthar maidir leis an tsábháilteacht ar an gcoireacht; maidir leis an tsláinte agus mar a aontaíodh faoi chuimsiú Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le staidreamh Comhphobail i dtaca leis an tsláinte phoiblí agus i dtaca leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht ag an obair ⁽¹⁾; agus maidir le míchumas;
- gníomhaíochtaí an chláir oibre maidir le príomhshruthú staidrimh imirce a chur chun feidhme;

⁽¹⁾ IO L 354, 31.12.2008, lch. 70.

- táscairí cáilíochta beatha a sholáthar chun dul chun cinn sochaithe a thomhas; agus
- ullmhúcháin an chéad bhabhta daonáirimh eile (atá sceidealaithe le haghaidh 2021).

3.3. Staidreamh geospásúil, comhshaoil, talmhaíochta agus staidreamh earnálacha eile

A bhúí le staidreamh a chomhcheangal le sonraí spásúil agus le hanailís gheospásúil beidh deiseanna nua ann, ar deiseanna iad a dhéanfaidh CSE iad a fhiosrú tuilleadh. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar shaincheisteanna sonracha, amhail rúndacht agus bailíocht staidrimh maidir le meastacháin achair bhig.

Amach anseo, beidh staidreamh fuinnimh agus iompair ríthábhachtach chun tacú le hEoraip 2020 agus beartas maidir le hathrú aeráide.

Beidh an talmhaíocht fós den tábhacht i measc bheartais an Aontais sa tréimhse 2013-17. Imreoidh toradh an mhachnaimh ar an gcomhbheartas talmhaíochta tar éis 2013 tionchar mór ar an obair staidrimh. Beidh an bhéim ar ghnéithe a bhaineann leis an gcomhshaoil, le bithéagsúlacht/éiceachóras, eacnamaíocht, sláinte agus sábháilteacht an duine agus leis an tsochaí.

Cuspóir 3.3.1

Tacú le ceapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise trí bhreis úsáide agus úsáid níos solúbtha a bhaint as faisnéis spásúil arna comhcheangal le faisnéis staidrimh shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas:

- tuilleadh forbartha, cothabhála agus úsáide a bhaint as an mBonneagar d'Fhaisnéis Spáis sa Chomhphobal Eorpach (Inspire), arna bhunú le Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾, agus go háirithe geothairseach an Aontais;
- raon faisnéise geografai a bheith ar fáil a bhúí le comhar le cláir de chuid an Aontais le haghaidh suirbhéanna ar úsáid talún agus cianbhraiteacht; agus
- sonraí staidrimh a chomhtháthú más ábhartha, chun bonneagar solúbtha ilfhoinisí a chruthú d'fhonn anailís spásúil/ama spriocdhírthe a sholáthar.

Cuspóir 3.3.2

Staidreamh comhshaoil a sholáthar chun tacú le próiseas ceaptha beartais an Aontais.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas:

- Sraith príomhstaidrimh chomhshaoil maidir le hacmhainní, amhail dramhaíl agus athchúrsáil, uisce, fosuithe amhábhair, seirbhísí éiceachórais agus bithéagsúlacht ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal réigiúnacha más féidir, agus sraith príomhstaidrimh a bhaineann le hathrú aeráide chun tacú le gníomhaíochtaí maolaithe agus oiriúnaithe agus beartais ar gach leibhéal ábhartha ón leibhéal áitiúil go leibhéal an Aontais.

Cuspóir 3.3.3

Staidreamh fuinnimh agus iompair a sholáthar chun tacú le beartais an Aontais.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme trí staidreamh a tháirgeadh agus a scaipeadh faoi na nithe seo a leanas:

- fuinneamh in-athnuaite;
- spáráil fuinnimh/éifeachtúlacht fuinnimh; agus
- sábháilteacht iompair, soghluaisteacht phaisinéirí, tomhas tráchta ar bhóithre agus iompar lasta idirmhódúil.

Cuspóir 3.3.4

Staidreamh a sholáthar maidir le talmhaíocht, iascach agus foraoiseacht chun na comhbheartais talmhaíochta agus iascaigh a fhorbairt agus chun faireachán a dhéanamh orthu, staidreamh lena léireofar príomhchuspóirí straitéiseacha de chuid na hEorpa a bhaineann le hinbhuanaitheacht chomh maith le forbairt tuaithe trí ghníomhaíochtaí rialta a dhéanamh i ndáil le staidreamh a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh.

⁽¹⁾ IO L 108, 25.4.2007, lch. 1.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas:

- bailiú na sonraí talmhaíochta a athbhreithniú agus a shimpliú i gcomhréir leis an athbhreithniú ar an gcomhbheartas talmhaíochta tar éis 2013;
- bailiú sonraí talmhaíochta a athcheapadh, go háirithe chun na críche cáilíocht a fheabhsú agus amlíne na sonraí a sholáthar;
- an córas bainistithe sonraí maidir le húsáid/cumhdach talún a athbhreithniú go cuimsitheach agus córas nua ar an mbonn sin a mhionsaothrú agus a chur chun feidhme;
- an córas bailithe sonraí maidir le táscairí comhsheasmhacha comhshaoil talmhaíochta a chur chun feidhme, bunaithe ar shonraí atá ann cheana nuair is féidir;
- miondealuithe iomchuí de réir réigiúin a sholáthar; agus
- sraith príomhshonraí foraoiseachta as Cuntasaíocht Chomhtháite Comhshaoil agus Eacnamaíoch don Fhoraoiseacht a chur chun feidhme agus a scaipeadh, amhail an t-achar foraoisí, méid agus luach an adhmaid coille agus cuntais eacnamaíochta don fhoraoiseacht agus don lománaíocht.

II. STAIDREAMH EORPACH A THÁIRGEADH

Tá roinnt dúshlán roimh CSE faoi láthair: méadú ar an éileamh ar staidreamh ardcháilíochta, síorfhas an éilimh ar staidreamh casta iltoiseach, gníomhaithe nua bheith ag teacht ar an margadh faisnéise, srianta ar acmhainní, an gá leis an ualach staidrimh ar fhreagróirí a laghdú tuilleadh chomh maith le huirlisí cumarsáide a éagsúlú. Tugtar le tuiscint leis seo na modhanna táirgthe agus scaipthe staidrimh oifigiúil Eorpaigh a oiriúnú ar bhealach forchéimnitheach.

1. Bainistíocht cáilíochta sa cse

Cuspóir 1.1

Córas bainistíochta cáilíochta i CSE arna bhunú ar Chód Cleachtais a chur chun feidhme.

Comhroinnt dea-chleachtas a neartú i gcur chun feidhme an Chóid Chleachtais agus a áirithiú go ndíríonn an tuairiscíú cáilíochta ar riachtanais dhifriúla úsáideoirí.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas:

- sásraí nua faireacháin agus an dara babhta athbhreithnithe piaraí chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chóid Chleachtais a thabhairt isteach;
- creata dearbhaithe cáilíochta CSE agus an Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC) a ailíniú;
- freastail ar riachtanais úsáideoirí maidir le tuairiscíú ardcháilíochta; agus
- tuarascálacha cáilíochta i réimsí éagsúla staidrimh ar leibhéal an Aontais a chaighdeánú.

2. Tosaíochtaí a shocrú agus simpliú

Tá dúshlán mór roimh CSE: conas staidreamh Eorpach ardcháilíochta a sholáthar chun na riachtanais mhéadaitheacha do staidreamh a chomhlíonadh i gcomhthéacs buiséad Ballstát atá laghdaithe go suntasach agus beartais fáis nialasaigh d'acmhainní daonna ag an gCoimisiún agus sna Ballstáit, a dhéanfaidh, do chomhlachtaí áirithe, laghdú iarbhrí ina n-acmhainní daonna. I bhfianaise na srianta seo ar acmhainní ar leibhéal Eorpach agus náisiúnta, tá sé tábhachtach bearta socraithe tosaíochtaí agus simpliúcháin a neartú, rud a éilíonn tiomantas chomhpháirtithe uile CSE. Tugadh isteach meicníocht socraithe tosaíochtaí mar chuid chomhtháite d'ullmhú na gclár oibre bliantúil agus cuirfear chun feidhme í ar feadh ré an chláir. Is éard atá i gceist leis seo, as measc rudaí eile, athbhreithniú bliantúil ar na ceanglais staidrimh atá ann cheana, a ghlaicfaidh a phointe imeachta i dtionscnaimh a mholfaidh an Coimisiún chun laghdú a dhéanamh ar cheanglais staidrimh a thugann aird ar leasanna úsáideoirí, táirgeoirí agus freagróirí. Ba cheart an próiseas a shaothrú i ndlúth-chomhar le húsáideoirí agus táirgeoirí staidrimh Eorpaigh.

Cuspóir 2.1

Sásra socraithe tosaíochtaí do CSE a chur chun feidhme chun na ceanglais tuairiscithe a shimpliú agus chun coigeartú do riachtanais nua le staidreamh agus srianta na dtáirgeoirí agus an t-ualach freagartha agus riachtanais úsáideoirí á gcur san áireamh.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas:

- tosaíochtaí agus dáileadh acmhainní i gcomhréir leis na tosaíochta sin a shainmhíniú;
- tosaíochtaí do CSE arna sainmhíniú mar chuid den chláir oibre bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 9;

- torthaí comhairliúcháin le húsáideoirí agus táirgeoirí sa chlár oibre bliantúil a chur san áireamh; agus
- réimsí staidrimh atá le simpliú agus bailiú sonraí atá le laghdú/scor díobh a chur i bhfios d'úsáideoirí.

3. Staidreamh ilchuspóireach agus gnóthachain éifeachtúlachta sa táirgeadh

Cuspóir 3.1

Ailtireacht ghnó CSE a chur ar bun de réir a chéile lenar féidir staidreamh Eorpach a tháirgeadh ar bhealach níos comhtháite agus costais arna nginiúint sa CSE trí chur chun feidhme a chur san áireamh; modhanna táirgthe staidrimh agus meiteashonraí a chomhchuihbhiú agus a chaighdeánú; cur le comhtháthú cothrománach (ar fud na réimsí staidrimh) agus ingearach (ar fud chomhpháirtithe CSE) na bpróiseas táirgthe staidrimh sa CSE i leith phrionsabal na coimhdeachta; ilfhoinsí sonraí a úsáid agus a chomhtháthú; staidreamh ilchuspóireach a sholáthar. Tabharfar aird ar leith ar shaincheistanna rúndachta a bheidh ann le húsáid mhéadaithe, athúsáid agus malartú micreashonraí agus taifid riaracháin.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas:

- úsáid níos mó a bhaint as sonraí iomchuí riaracháin sna réimsí staidrimh uile;
- foinsí nua sonraí le haghaidh staidrimh Eorpaigh a aithint agus a úsáid;
- rannpháirteachas méadaithe an Choimisiúin (Eurostat), agus údaráis staidrimh náisiúnta i gceapadh na dtaifead riaracháin;
- úsáid níos forleithne a bhaint as comhoiriúnú staidrimh agus teicníochtaí nasctha sonraí chun an tairiscint staidrimh Eorpaigh a mhéadú;
- úsáid an chur chuige Eorpach maidir le staidreamh do fhreagairt thapa beartais i gcásanna sonracha agus cúiréasúnaithe a úsáid;
- modhanna táirgthe staidrimh Eorpaigh a chomhtháthú níos mó trí ghníomhaíochtaí comhordaithe CSE;
- coincheapa staidrimh a chomhchuihbhiú tuilleadh ar fud na réimsí staidrimh;
- bonneagar tagartha TF solúbtha agus caighdeán theicniúla a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun idir-inoibritheacht, comhroinnt sonraí agus meiteashonraí, agus samhaltú sonraí a fheabhsú;
- uirlisí TF caighdeánacha a úsáid ar fud na bpróiseas gnó staidrimh;
- caighdeán mhodheolaíoch a fhorbairt chun úsáid agus infhaighteacht a mhéadú do mhodheolaíochtaí comhchuihbhithe (lena n-áirítear nósanna measctha cur chuige maidir le bailiú sonraí) agus meiteashonraí comhchuihbhithe;
- ról na gclár gnó staidrimh a neartú mar ionad ina gcothabháiltear na haonaid staidrimh don staidreamh uile a bhaineann le gnó agus ina n-úsáidtear é mar fhoinse do na cuntais náisiúnta; agus
- soláthar meiteashonraí a fheabhsú, eadhon faisnéis chúlra maidir le conas a bhailítear sonraí, cáilíocht na sonraí agus conas sonraí a dhéanamh níos intuigthe d'úsáideoirí.

Cuspóir 3.2

Dea-fheidhmiú agus comhleanúnachas CSE a áirithiú trí chomhar agus cumarsáid éifeachtach.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas:

- tacaíocht éifeachtach agus éifeachtúil do chomhpháirtíocht sa CSE;
- próisis maidir le comhroinnt ualaigh agus oibre laistigh de CSE a shainmhíniú agus a chur chun feidhme; agus
- líonraí comhoibríochta a fhorbairt tuilleadh agus a dhéanamh oibríochtúil.

4. Scaipeadh agus cumarsáid

Cuspóir 4.1

CSE a bheith ina chéad fhoinse sonraí maidir le staidreamh Eorpach do na húsáideoirí uile agus, go háirithe, do lucht cinnteoireachta poiblí agus príobháideach, trí sheirbhís faisnéise staidrimh ardcháilíochta, arna bunú ar phrionsabail na rochtana saoire agus éasca ar staidreamh Eorpach, a sholáthar.

An t-agallamh idir úsáideoirí agus táirgeoirí staidrimh a threisiú agus a leathnú chun riachtanais na n-úsáideoirí maidir le staidreamh ardháilíochta a chomhlíonadh. Tá rannpháirteachas luath úsáideoirí i bhforbairtí nua fíor-riachtanach chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht CSE a fheabhsú.

Raon na dtáirgí scaipthe a leathnú agus a chuíchóiriú chun riachtanais na n-úsáideoirí a úsáideann teicneolaíochtaí nua a chomhlíonadh.

Bonneagar cost-éifeachtúil, comhtháite agus slán a bhunú laistigh de CSE chun rochtain a fháil ar shonraí rúnda chun críocha eolaíochta.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas:

- CSE a aithint mar an chéad phointe tagartha d'úsáideoirí staidrimh Eorpaigh;
- bonneagar slán comhtháite a bheith curtha ar bun chun rochtain a fháil ar mhicreashonraí an Aontais;
- córas a bheith curtha ar bun chun díriú ar iarrataí na n-úsáideoirí ar rochtain láithreach ar fhaisnéis staidrimh agus ar chomhairle chun í a léirmhíniú;
- táirgí scaipthe a bheith coigeartaithe do riachtanais na n-úsáideoirí a úsáideann teicneolaíochtaí nua;
- líon méadaithe aschur staidrimh maidir le saincheisteanna trasearnálacha;
- úsáid mhéadaithe teicneolaíochtaí nua cumarsáide agus scaipthe (mar shampla, bunaithe ar SDMX);
- tairiscint mhéadaithe tacar micreashonraí chun críocha taighde staidrimh i gcomhréir le dlí an Aontais agus dlí náisiúnta maidir le rúndacht sonraí; agus
- tacair sonraí a ullmhú chun úsáid sonraí staidrimh chun críocha oideachais agus taighde a éascú.

5. Oiliúint, nuálaíocht agus taighde

Cuspóir 5.1

Riachtanais foghlama agus forbartha sa CSE a shásamh bunaithe ar chomhcheangal cúrsaí oiliúna agus deiseanna foghlama agus forbartha.

An comhar idir comhaltaí CSE a fheabhsú ar mhaithe le haistriú eolais agus dea-chleachtais agus cur chuige nuálacha coiteanna a chomhroinnt agus a chur chun feidhme sa táirgeadh staidrimh.

Gníomhaíochtaí, rannpháirteachas agus rannchuidiú na bpobal taighde a eagrú chun na slabhraí táirgthe staidrimh agus cáilíocht na faisnéise staidrimh oifigiúla a fheabhsú.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas:

- iarchéim (e.g. Máistreacht sa Staidreamh Oifigiúil) a fhorbairt;
- cláir oiliúna a thairiscint a dhíríonn ar riachtanais na n-úsáideoirí agus saoránaigh eile;
- cur i bhfeidhm níos leithne ar thorthaí tionscnamh taighde i dtáirgeadh staidrimh agus i scaipeadh staidrimh;
- CSE a aithint mar phointe tagartha do phobail taighde staidrimh;
- rannpháirteachas leathan na bpobal taighde i ngníomhaíochtaí taighde sa staidreamh oifigiúil; agus
- uirlisí leormhaithe a chur ar bun ar mhaithe le malartú cleachtas agus cur chun feidhme réiteach coiteann sa CSE.

III. COMHPHÁIRTÍOCHT

1. Comhpháirtíocht laistigh de cse agus lasmuigh de

De réir mheon na comhpháirtíochta, is iad na húdaráis náisiúnta staidrimh agus an Coimisiún (Eurostat) atá freagrach as staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh.

Cuspóir 1.1

An creat rialachais CSE feabhsaithe a chur chun feidhme.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme trí chur chun feidhme an athbhreithnithe ar Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 agus cur chun feidhme Chinneadh 2012/504/AE ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2012 maidir le Eurostat ⁽¹⁾;

Cuspóir 1.2

Ról comhordúcháin an Choimisiúin (Eurostat) mar Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh a fheabhsú.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas:

- an Coimisiún (Eurostat) a bheith rannpháirteach i dtionscnaimh uile an Choimisiúin maidir le gnéithe staidrimh ag céim luath; agus
- agallaimh rialta le geallsealbhóirí ar leibhéal ardbhainistíochta.

Cuspóir 1.3

An comhar le CEBC agus leis na heagraíochtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta atá rannpháirteach sa táirgeadh sonraí chun críoch staidrimh agus riaracháin a neartú trí chomhthionscadail agus forbairtí comhordaithe. Comhsheasmhacht idir caighdeán an Aontais agus idirnáisiúnta a áirithiú.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas:

- creat coiteann cáilíochta do CSE agus do CEBC a chur chun feidhme;
- an Coimisiún (Eurostat) a bheith rannpháirteach go méadaitheach i ngrúpaí comhairleacha idirnáisiúnta;
- modhanna nua comhair a shainmhíniú agus a chur chun feidhme chun a áirithiú go ndéanfar forbairtí staidrimh a chomhordú i gceart idir eagraíochtaí idirnáisiúnta agus go ndéanfar an obair a leithdháileadh go héifeachtúil; agus
- Córas na gCuntas Náisiúnta nua de chuid na Náisiún Aontaithe, CSE, Córas Cuntas Comhshaoil agus Eacnamaíoch de chuid na Náisiún Aontaithe, Cuntais Eacnamaíocha Eorpacha an Chomhshaoil, agus lámhleabhair um Chomhardú Íocaíochtaí a chur chun feidhme.

Cuspóir 1.4

Gníomhaíochtaí comhairleacha staidrimh agus cúnaimh staidrimh a chur chun cinn i dtíortha lasmuigh den Aontas, i gcomhréir le tosaíochtaí beartas eachtrach an Aontas agus béim ar leith ar mhéadú agus ar Bheartas Comharsanachta na hEorpa.

Déanfar an cuspóir a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas:

- ceannaireacht CSE a fheidhmiú ar bhonn idirnáisiúnta;
- sonraí críocha bheartas eachtrach an Aontais a sholáthar;
- tacaíocht do sheirbhísí de chuid an Choimisiúin chun beartais forbartha agus comhair idirnáisiúnta a chur chun feidhme, ina gcaidreamh le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus in ábhair leasa choitinn maidir le staidreamh le réigiúin nó le tríú tíortha;
- sonraí staidrimh ábhartha chun tacú leis an bpróiseas méadaithe agus leis na caibidlíochtaí a scaipeadh;
- iarrataí ar mhaoluithe ó Bhallstáit nua as a dtiocfadh neamhfháil sonraí a íoslaghdú;
- comhaontuithe agus Meabhráin Chomhthuisceana a bhunú le tríú tíortha;
- cláir um chomhar teicniúil a dhearadh agus a chur chun feidhme;
- cúnaimh teicniúil a dhíríú ar chomhchuíbhiú agus seachadadh sonraí; agus
- gníomhaíochtaí comhair agus comhordaithe a fheabhsú i measc chomhaltáí CSE.

⁽¹⁾ IO L 251, 18.9.2012, lch. 49.

RIALACHÁN (AE) Uimh. 100/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 15 Eanáir 2013

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

- TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,
- Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,
- Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,
- Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,
- Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,
- Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,
- Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,
- De bharr an méid seo a leanas:
- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, a glacadh mar fhreagairt ar theagmhas tancaeir ola “Erika”, bunaíodh Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (an “Gníomhaireacht”) chun leibhéal ard, aonfhoirmeach agus éifeachtach sábháilteachta muirí agus coisc ar thruailliú ó longa a áirithiú.
- (2) Tar éis theagmhas an tancaeir ola “Prestige” in 2002, rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 a mhodhnú chun tuilleadh cúraimí a thabhairt don Ghníomhaireacht i ndáil le freagairt do thruailliú.
- (3) Is gá a shoiléiriú céard iad na cineálacha truaillithe mara a thagann faoi chuimsiú chuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002. Mar sin, ba cheart truailliú mara ar suiteálacha ola agus gáis is cúis léi a thuiscint mar thruailliú d’ola nó d’aon substaint eile nach ola í, ar substaint í, má thugtar isteach sa chomhshaol mara í, gur dócha go gcruthófaí léi guaiseacha do shláinte an duine, dochar a dhéanamh d’acmhainní beo agus do bheathra na mara, dochar a dhéanamh do shaoráidí nó cur isteach ar úsáidí dleathacha eile a bhaint as an muir, mar atá bunaithe ag an bPrótacal um Ullmhacht, Freagracht agus Comhar maidir le Teagmhais Truaillithe de dheasca Substaintí Guaiseacha agus Díobhálacha, 2000.
- (4) Ag gníomhú dó i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002, rinne Bord Riaracháin na Gníomhaireachta (an “Bord Riaracháin”) meastóireacht sheachtrach neamhspleách ar chur chun feidhme an Rialacháin sin a choimisiúnú in 2007. Bunaithe ar an meastóireacht sin, d’eisigh sé moltaí i mí an Mheithimh 2008 maidir le hathruithe ar fheidhmiú na Gníomhaireachta, ar a réimsí inniúlachta agus ar a cleachtais oibre.
- (5) Bunaithe ar thoradh na meastóireachta seachtraí, ar na moltaí, agus ar an straitéis ilbhliantúil, ar straitéis í a ghlac an Bord Riaracháin i mí an Mhárta 2010, ba cheart roinnt forálacha de Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 a shoiléiriú agus a uasdátú. Le linn don Ghníomhaireacht díriú isteach ar a cuid cúraimí tosaíochta i réimse na sábháilteachta muirí, ba cheart roinnt croíchúraimí nua agus roinnt cúraimí coimhdeacha nua a chur uirthi a léiríonn an fhorbairt sa bheartas sábháilteachta muirí ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. I bhfianaise na laincisí buiséadacha atá i ndán don Aontas, tá gá le hiarrachtaí as cuimse scagtha agus ath-implonaithe chun éifeachtúlacht costais agus buiséid a ráthú agus chun aon fhorluí eatarthu a sheachaint. Ba cheart go bhféadfaí an fhoireann is gá le haghaidh na gcroíchúraimí nua agus na gcúraimí nua coimhdeacha a fháil, mar phrionsabal, trí ath-implonú inmheánach ag an nGníomhaireacht. Ag an am céanna, ba cheart go bhfaigheadh an Ghníomhaireacht, i gcás inarb iomchuí, maoiniú ó chodanna eile de bhuiséad an Aontais, go háirithe ó ionstraim Beartais Chomharsanachta na hEorpa. Cuirfidh an Ghníomhaireacht aon chroíchúraimí nua agus aon chúraimí nua coimhdeacha i gcrích laistigh de theorainneacha na Peirspictíochta Airgeadais reatha agus laistigh de theorainneacha bhuiséad na Gníomhaireachta, gan dochar don chaibidlíocht agus do na cinní a dhéanfar ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil a bheidh ann amach anseo. Ós rud é nach cinneadh maoinithe é an Rialachán seo, ba cheart don Údarás Buiséadach cinneadh a dhéanamh ar acmhainní don Ghníomhaireacht faoi chuimsiú an nós imeachta buiséadaigh bhliantúil.
- (6) Ba cheart go ndéanfaí cur síos soiléir agus beacht ar chúraimí na Gníomhaireachta, agus ba cheart aon dúbailt cúraimí a sheachaint.
- (7) Tá sé léirithe ag an nGníomhaireacht gur féidir cúraimí áirithe a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla ar leibhéal na hEorpa, lena bhféadfaí, i gcásanna áirithe, coigilt a dhéanamh ar bhuiséid náisiúnta na mBallstát agus, i gcás ina léireofaí í, breisluach iarbhrí Eorpach a sholáthar.
- (8) Ba cheart roinnt forálacha maidir le gnéithe sonracha de rialachas na Gníomhaireachta a shoiléiriú. Agus an fhreagracht ar leith atá ar an gCoimisiún maidir le cur chun feidhme bheartais an Aontais atá cumhdaithe leis

⁽¹⁾ IO C 107, 6.4.2011, lch. 68.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Nollaig 2011 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 4 Deireadh Fómhair 2012 (IO C 352 E, 16.11.2012, lch. 1). Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Nollaig 2012.

⁽³⁾ IO L 208, 5.8.2002, lch. 1.

- an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh á cur san áireamh, ba cheart don Choimisiún treoir bheartais a thabhairt don Ghníomhaireacht i gcomhlíonadh a cúlaimí agus ag an am céanna stádas dlíthiúil na Gníomhaireachta agus neamhspleáchas a Stiúrtóra Feidhmiúcháin a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 a urramú go hiomlán.
- (9) Agus comhaltaí an Bhoird Riaracháin á gceapadh, agus Cathaoirleach agus Leas-Cathaoirleach an Bhoird Riaracháin á dtoghadh, agus Cinn Roinne á gceapadh, ba cheart a chur san áireamh go hiomlán a thábhachtaí atá sé ionadaíocht chothrom inscne a áirithiú.
- (10) Aon tagairt do ghníomhartha ábhartha dlí de chuid an Aontais, ba cheart go dtuigfí gur tagairt í do ghníomhartha i réimse na sábháilteachta muirí, mar aon le réimse na slándála muirí, réimse an choisc ar thruailliú ó longa agus na freagartha ar an truailliú sin, agus réimse na freagartha ar thruailliú mara a thagann as suiteálacha gáis agus ola.
- (11) Chun críocha an Rialacháin seo, beidh sé le tuiscint le “slándáil mhuirí” – i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le slándáil long agus saoráidí calafoirt a fheabhsú⁽¹⁾ – gurb é atá i gceist na bearta coisctheacha comhcheangailte atá ceaptha le saoráidí loingseoireachta agus calafoirt a chosaint ar bhagairtí ó ghníomhartha neamhdhleathacha a dhéanfaí d’aon turas. Ba cheart an cuspóir slándála a bhaint amach trí bhearta iomchuí a ghlacadh i réimse an bheartais mhuiropair gan dochar do rialacha na mBallstát i réimse na slándála náisiúnta, na cosanta náisiúnta agus na slándála poiblí náisiúnta, agus sa réimse maidir le coireanna airgeadais i gcoinne an Stáit a chomhrac.
- (12) Ba cheart don Ghníomhaireacht gníomhú chun leasanna an Aontais. Ba cheart a áireamh leis sin cás ina gcuirfear de chúram ar an nGníomhaireacht gníomhú lasmuigh de chríoch na mBallstát ina réimsí inniúlachta agus cúnaimh teicniúil a sholáthar do thríú tíortha, agus beartas sábháilteachta muirí an Aontais á chur chun cinn.
- (13) Ba cheart don Ghníomhaireacht cúnaimh teicniúil a thabhairt do na Ballstáit agus ba cheart go bhféadfaí leis sin an acmhainneacht náisiúnta is gá a bhunú d’fhonn *acquis* an Aontais a chur chun feidhme.
- (14) Ba cheart don Ghníomhaireacht cúnaimh oibríochtúil a chur ar fáil do na Ballstáit agus don Choimisiún. Ba cheart seirbhísí amháil Córas an Aontais um Malartú Faisnéise Muirí, (SafeSeaNet), Seirbhís faireachán satailíte Eorpach Ola (CleanSeaNet), Lárionad Sonraí maidir le hAithint agus Rianú Fadraoin Long an AE (Lárionad Sonraí LRIT AE) agus bunachar sonraí AE chun Rialú ag Stát an Chalafoirt a chur chun feidhme (Thetis) a áireamh leis sin.
- (15) Ba cheart saineolas na Gníomhaireachta i dtarchur sonraí leictreonacha agus i gcórais malartaíthe faisnéise mhuiropair a úsáid chun foirmiúlachtaí tuairiscithe a shimpliú do longa d’fhonn bacainní ar mhuiropair a dhíchur agus d’fhonn Spás Eorpach Muiropair gan Bhacainní a bhunú. Go háirithe, ba cheart don Ghníomhaireacht tacaíocht a thabhairt do Bhallstáit agus Treoir 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón
- gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le foirmiúlachtaí tuairiscithe le haghaidh long atá ag teacht isteach i gcalafoirt na mBallstát agus/nó ag imeacht ó chalafoirt na mBallstát á cur chun feidhme⁽²⁾.
- (16) Ba cheart don Ghníomhaireacht a cúnaimh don Choimisiún a fheabhsú maidir le gníomhaíochtaí taighde a bhaineann lena réimsí inniúlachta. Ba cheart a sheachaint, áfach, go ndéanfaí dúbláil i dtaca leis an obair a dhéantar faoi chlár réime taighde an Aontais atá ann cheana. Go háirithe, níor cheart don Ghníomhaireacht a bheith i bhfeighil ar bhainistiú tionscadal taighde.
- (17) I bhfianaise go bhfuil feidhmchláir agus seirbhísí nua nuálacha á bhforbairt agus go bhfuil na feidhmchláir agus seirbhísí atá cheana ann á bhfeabhsú agus d’fhonn Spás Eorpach Muiropair gan Bhacainní a chur chun feidhme, ba cheart don Ghníomhaireacht lán-úsáid a bhaint as an bhféidearthacht atá á cur ar fáil ag na cláir Eorpacha um loingseoireacht satailíte (EGNOS agus Gailileo) agus ag an gclár um Faireachán Domhanda don Chomhshaoil agus don tSlándáil (GMES).
- (18) Ar dhul in éag do chreat an Aontais um chomhar i réimse an truaillithe mara de thaisme nó d’aon ghnó a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 2850/2000/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽³⁾, ba cheart don Ghníomhaireacht leanúint de chuid de na gníomhaíochtaí a dhéantaí roimhe sin faoin gcreat sin, go háirithe trí leas a bhaint as saineolas an Ghrúpa Theicniúil Comhairliúcháin um Ullmhacht agus Fhreagairt i gcás Truaillithe Mara. Níor cheart, le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta sa réimse sin, na Stáit chósta a scaoileadh óna ndualgas maidir le sásraí iomchuí a chur ar bun chun freagairt don truailliú agus ba cheart, leis na gníomhaíochtaí sin, na socrúithe comhair atá ann idir na Ballstáit nó idir grúpaí Ballstát a urramú.
- (19) Arna iarraidh sin, tugann an Ghníomhaireacht faisnéis mhionsonraithe do na Ballstáit faoi chásanna ionchasacha truaillithe ó longa trí CleanSeaNet ionas go mbeidh ar chumas na mBallstát a gcuid freagrachtaí faoi Threoir 2005/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le truailliú ó longa agus pionóis ar shárúithe a thabhairt isteach⁽⁴⁾ a chomhlíonadh. Tá éagsúlacht mhór, áfach, in éifeachtacht an fhorfheidhmithe in ainneoin go bhféadfadh sé gur in uiscí náisiúnta eile a chríochnódh truailliú den sórt sin. Ina chéad tuarascáil eile faoi Airteagal 12 den Treoir sin, ba cheart don Choimisiún dá bhrí sin faisnéis a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le héifeachtacht agus le comhsheasmhacht fhorfheidhmiú na Treorach sin agus ba cheart dó faisnéis ábhartha eile maidir lena chur i bhfeidhm a chur ar fáil freisin.
- (20) Ba cheart go rachadh iarrataí ó Bhallstáit lena mbaineann go ndéanadh an Ghníomhaireacht gníomhaíochtaí frith-thruaillithe trí Shásra an AE um Chosaint Shíbhialta arna bunú le Cinneadh 2007/779/CE, Euratom ón gComhairle⁽⁵⁾. D’fhéadfadh an Coimisiún áfach a mheas, i gcásanna seachas iad sin ina mbeadh iarrataí á

(1) IO L 129, 29.4.2004, lch. 6.

(2) IO L 283, 29.10.2010, lch. 1.

(3) IO L 332, 28.12.2000, lch. 1.

(4) IO L 255, 30.9.2005, lch. 11.

(5) IO L 314, 1.12.2007, lch. 9.

gcur isteach go ndéanfaí longa cúltaca frith-thruaillithe agus trealamh cúltaca frith-thruaillithe a shlógadh, go bhféadfadh sé go mbeadh meáin eile cumarsáide ina mbainfí úsáid as ardteicneolaíocht faisnéise níos iomchuí agus féadfaidh sé, ar an gcaoi sin, an méid sin a chur in iúl don Bhallstát a rinne an t-iarraitas.

- (21) De dhroim imeachtaí a thit amach le déanaí, aibhsíodh na rioscaí do mhuiriompar agus don timpeallacht mhuirí a bhaineann le taiscéalaíocht agus táirgeadh ola agus gáis amach ón gcósta. Ba cheart cumais freagartha na Gníomhaireachta maidir le truailliú ola agus a saineolas i réimse an truaillithe ó shubstaintí guaiseacha agus díobhálacha a úsáid chun freagairt ar thruailliú a chumhdach a eascraíonn as na gníomhaíochtaí sin, arna iarraidh sin do stát lena mbaineann.
- (22) Ba cheart don Ghníomhaireacht, go háirithe, CleanSeaNet, atá in úsáid faoi láthair chun fianaise a sholáthar ar dhoirteadh ola ó longa, a úsáid chun doirteadh ola ó shuiteálacha cósta agus ó shuiteálacha amach ón gcósta a bhrath agus a thuairisciú, gan aon díobháil a dhéanamh don tseirbhís a sholáthraítear do mhuiriompar.
- (23) Tá saineolas fiúntach agus uirlisí fiúntacha bunaithe agus aitheanta ag an nGníomhaireacht i réimse na sábháilteachta muirí, na slándála muirí, an choisc ar thruailliú ó longa agus na freagartha ar an truailliú sin. D'fhéadfadh an saineolas agus na huirlisí sin a bheith ábhartha do gníomhaíochtaí eile de chuid an Aontais a bhaineann le beartas muiriompar an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart don Ghníomhaireacht cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit arna iarraidh sin dóibh maidir le forbairt agus cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin de chuid an Aontais ar choinníoll go mbeidh sé sin ceadaithe ag an mBord Riaracháin i gcomhthéacs chlár oibre bliantúil na Gníomhaireachta. Ba cheart don chúnamh sin a bheith faoi réir anailíse costais agus tairbhe agus níor cheart dó cur as do chroíchúraimí na Gníomhaireachta.
- (24) Trí bhíthin an chúnamh theicniúil a chuireann sí ar fáil, cuireann an Ghníomhaireacht le muiriompar atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a fhorbairt.
- (25) Maidir le comhlachtaí aicmiúcháin, bíonn formhór na gcomhlachtaí aicmiúcháin ag plé le soithí muirí agus le soithí uiscebhealaí intíre araon. Bunaithe ar an taithí atá ag an nGníomhaireacht maidir le comhlachtaí aicmiúcháin i gcás soithí muirí, d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht faisnéis ábhartha a chur ar fáil don Choimisiún i ndáil le comhlachtaí aicmiúcháin i gcás soithí uiscebhealaí intíre, rud a chumasódh méadú na héifeachtúlachta ar an gcaoi sin.
- (26) Maidir leis an gcomhéadan idir chórais fhaisnéise iompair, ba cheart don Ghníomhaireacht a bheith de chúnamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit trí fhéachaint, i gcomhar leis na húdaráis inniúla do Chóras na Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann, an bhféadfaí faisnéis a roinnt idir na córais sin.
- (27) Gan dochar do fhreagracht na n-údarás inniúla, ba cheart don Ghníomhaireacht a bheith de chúnamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit maidir le forbairt agus cur chun feidhme thionscnamh "e-Maritime" a bheidh ann amach anseo, arb é is aidhm dó feabhas a chur ar éifeachtúlacht na hearnála Eorpaí um iompar muirí trí úsáid ardteicneolaíochtaí faisnéise a éascú.
- (28) D'fhonn an margadh aonair agus Spás Eorpach Muiriompair gan Bhacainní a bhaint amach, ba cheart an t-ualach riaracháin ar loingseoireacht a laghdú, agus loingseoireacht ghearrthuras *inter alia* a spreagadh ar an gcaoi sin. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfaí coincheap "An Crios Gorm" agus e-Maritime a úsáid chun laghdú a dhéanamh ar na foirmiúlachtaí tuairiscithe a cheanglaítear ar longa tráchtála ar dhul isteach i gcalafoirt dóibh nó ar chalafoirt a fhágáil dóibh sna Ballstáit.
- (29) Meabhraítear nach bhféadtar an chumhacht a thabhairt do Ghníomhaireacht cinní a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh, de réir chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus d'fhonn prionsabal na cothromaíochta institiúidí a urramú.
- (30) Gan dochar do na cuspóirí agus do na cúraimí atá leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002, ba cheart don Choimisiún, laistigh de bhliain amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, staidéar féidearthachta a ullmhú agus a thíolacadh d'fhonn meastóireacht a dhéanamh ar na féidearthachtaí, agus na féidearthachtaí a shainiú, maidir le comhar feabhsaithe agus comhordú feabhsaithe feidhmeanna éagsúla garda cósta. Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa staidéar sin an creat dlíthiúil agus na moltaí ábhartha ó na fóraim iomchuí de chuid an Aontais maraon le forbairt reatha na Timpeallachta Comónta um Chomhroinnt Faisnéise, agus ba cheart go ndéanfaí prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a urramú go hiomlán leis, agus na costais agus na tairbhí á ndéanamh soiléir do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.
- (31) Maraithe Eorpacha a bhfuil dea-oiliúint orthu a mhealladh, is rud tábhachtach é sin d'iomáiochas braislí muirí an Aontais. Dá bhrí sin, agus ag féachaint don éileamh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann as seo amach ar mharaithé ardcháilithe san Aontas, ba cheart don Ghníomhaireacht, i gcás inarb iomchuí, tacaíocht a thabhairt do Bhallstáit agus don Choimisiún chun oiliúint mhuirí a chur chun cinn trí mhalartú deonach na gcleachtas is fearr a éascú agus trí fhaisnéis a sholáthar maidir le cláir malartaithe Aontais um oiliúint mhuirí. D'fhéadfaí a áireamh ann cúnamh a thabhairt do gheallsealbhóirí Eorpacha inniúla chun barr feabhais a bhaint amach san oideachas muirí agus san oiliúint mhuirí ar bhonn deonach, agus freagracht na mBallstát i dtaobh ábhar agus eagrú na hoiliúna muirí á hurráim go hiomlán san am céanna.
- (32) Chun frithghníomhú in aghaidh riosca méadaitheach na píoráideachta, ba cheart don Ghníomhaireacht leanúint den fhaisnéis mhionsonraithe a chur chuig na húdaráis náisiúnta inniúla, i gcás inarb iomchuí, agus chuig comhlachtaí ábhartha eile, lena n-áirítear oibríochtaí amhail oibríocht Atalanta Fhórsa Cabhlaigh an AE, ar fhaisnéis mhionsonraithe í faoi log na soithí faoi bhratach na mBallstát atá ag dul trí na limistéir sin, atá aicmithe mar limistéir an-chontúirteach. Thairis sin, tá modhanna ag an nGníomhaireacht a d'fhéadfadh a bheith úsáideach, go háirithe maidir le TCCF. Tá sé iomchuí dá bhrí sin go soláthróidh an Ghníomhaireacht, arna iarraidh sin, sonraí ábhartha suiteála soitheach agus bhreathnadóireacht na Cruinne chuig na húdaráis inniúla

- náisiúnta agus chuig comhlachtaí an Aontais, amháil Frontex agus Europol, chun bearta coiscitheacha a éascú i gcoinne gníomhartha neamhdhleathacha a dhéanfaí d'aon turas mar a thuigtear i ndlí ábhartha an Aontais gan dochar do chearta agus d'oibleagáidí na mBallstát agus i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta agus le dlí an Aontais is infheidhme, go háirithe maidir leis na comhlachtaí sin a lorgaíonn sonraí. Ba cheart go mbeadh soláthar sonraí maidir le hAithint agus Rianú Fadraoin Long (LRIT) faoi réir thoiliú an Bhreatstáit lena mbaineann, i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá le bunú ag an mBord Riaracháin.
- (33) Agus faisnéis á foilsiú acu i gcomhréir le Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 i ndáil le Rialú ag Stát an Chalafoirt ⁽¹⁾, ba cheart don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht cur leis an saineolas agus leis an taithí a fuarthas faoi Mheabhrán Tuisceana Pháras i ndáil le Rialú ag Stát an Chalafoirt (“MT Pháras”) chun an chomhsheasmhacht a áirithiú.
- (34) Ba cheart go mbeadh an cúnamh a thugann an Ghníomhaireacht do na Ballstáit agus don Choimisiún, maidir le hobair ábhartha eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí réigiúnacha gan dochar don ghaol atá idir na heagraíochtaí sin agus na Ballstáit ar gaol é atá mar thoradh ar bhallaíocht na mBallstát sna heagraíochtaí sin.
- (35) Tá an tAontas tar éis aontú do na hionstraimí seo a leanas lena mbunaítear eagraíochtaí réigiúnacha, a bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí cumhdaithe freisin le cuspóirí na Ghníomhaireachta: don Choinbhinsiún um Chosaint Mhuirthimpeallacht Limistéar Mhuir Bhailt (Coinbhinsiún Heilsincí mar a athbhreithníodh sa bhliain 1992 é) ⁽²⁾; don Choinbhinsiún chun an Mheánmhuir a Chosaint ar Thruaillí (Coinbhinsiún Barcelona) ⁽³⁾, agus don athbhreithniú a rinneadh air sa bhliain 1995 ⁽⁴⁾ agus do roinnt de na prótacail a ghabhann leis; don Chomhaontú le haghaidh comhair i ndáil le tabhairt faoi thruaillí na Mara Thuaidh ag ola agus ag substaintí díobhálacha eile (Comhaontú Bonn) ⁽⁵⁾; don Choinbhinsiún um chosaint mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir-Thuaidh (Coinbhinsiún OSPAR) ⁽⁶⁾; don Chomhaontú um Chomhar maidir le cóstaí agus uisce an Atlantaigh Thoir-Thuaidh a chosaint ar thruaillí, arna shíniú an 17 Deireadh Fómhair 1990 (Comhaontú Liospóin) ⁽⁷⁾, agus don Phrótacal Forlíontach a ghabhann leis, arna shíniú an 20 Bealtaine 2008, ar comhaontú é agus ar prótacal é nach bhfuil tagtha i bhfeidhm go fóill ⁽⁸⁾. Tá idirbheartaíocht ar siúl ag an Aontas freisin i ndáil le haontachas don Choinbhinsiún um Mhuir Bhailt a Chosaint i gCoinne an Truaillithe, arna shíniú i mí Aibreáin 1992 (Coinbhinsiún Bhúcairist). Ba cheart don Ghníomhaireacht, mar sin, cúnamh teicniúil a sholáthar do na Ballstáit agus don Choimisiún agus iad ag glacadh páirte in obair ábhartha na gcomhlachtaí réigiúnacha sin.
- (36) Maidir le freagairt do thruaillí, tá roinnt socrúithe eile réigiúnacha, fo-réigiúnacha agus déthaobhacha comhordaithe agus comhair ann chomh maith leis na heagraíochtaí réigiúnacha sin. Agus cúnamh á sholáthar maidir le freagairt do thruaillí a thabhairt do thríú tíortha a roinneann imchuach réigiúnach farraige leis an Aontas, ba cheart don Ghníomhaireacht gníomhú, agus na socrúithe sin á gcur san áireamh aici.
- (37) Comhroinneann an tAontas imchuacha réigiúnacha farraige na Meánmhara, na Mara Duibhe agus Mhuir Bhailt le tíortha máguaird. Arna iarraidh sin don Choimisiún uirthi, ba cheart don Ghníomhaireacht cúnamh a sholáthar maidir le freagairt do thruaillí a thabhairt do na tíortha sin.
- (38) Ar mhaithe le héifeachtúlacht a uasmhéadú, ba cheart don Ghníomhaireacht comhoibriú chomh dlúth agus is féidir le MT Pháras. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit féachaint i gcónaí ar na roghanna chun níos mó a dhéanamh chun cur leis an éifeachtúlacht, arbh fhéidir féachaint orthu faoi chuimsiú MT Pháras.
- (39) Ba cheart don Ghníomhaireacht a bheith de chúnamh ag an gCoimisiún trí chuartheanna a thabhairt ar na Ballstáit d'fhonn a áirithiú go bhfuil gníomhartha an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí i réimse na sábháilteachta muirí agus an choisc ar thruaillí ó longa á gcur chun feidhme i gceart go hiarbhrí. Ba cheart go ligfí don Ghníomhaireacht, leis na cuairteanna sin ar na rialtais náisiúnta, an fhaisnéis riachtanach uile a bhailiú chun tuarascáil chuimsitheach a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ar tuarascáil í a dhéanfaidh seisean a mheasúnú tuilleadh. Ba cheart go gcuirfí na cuairteanna i gcrích i spiorad na bprionsabal dá dtagraítear in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus ba cheart iad a chur i gcrích ar dhóigh ina ndéanfar ualach riaracháin na rialtais muirí náisiúnta a íosláhdhú. Thairis sin, ba cheart na cuairteanna a chur i gcrích i gcomhréir le nós imeachta socraithe lena n-áirítear modheolaíocht chaighdeánach arna glacadh ag an mBord Riaracháin.
- (40) Ba cheart don Ghníomhaireacht a bheith de chúnamh ag an gCoimisiún trí chigireachtaí ar eagraíochtaí aitheanta a chur i gcrích i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge ⁽⁹⁾. D'fhéadfaí an chigireacht sin a dhéanamh i dtríú tíortha freisin. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht a áirithiú go gcuirfear na Ballstáit lena mbaineann ar an eolas go cuí. Ina theannta sin, ba cheart don Ghníomhaireacht cúraimí cigireachta a chur i gcrích maidir le maraithe i dtríú tíortha a oiliúint agus a dheimhniú de bhun Threoir 2008/106/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le híosleibhéal traenála maraithe ⁽¹⁰⁾, atá tarmilgthe ag an gCoimisiún chuig an nGníomhaireacht.

⁽¹⁾ IO L 131, 28.5.2009, lch. 57.

⁽²⁾ Cinneadh 94/157/CE ón gComhairle (IO L 73, 16.3.1994, lch. 19).

⁽³⁾ Cinneadh 77/585/CEE ón gComhairle (IO L 240, 19.9.1977, lch. 1).

⁽⁴⁾ Cinneadh 1999/802/CE ón gComhairle (IO L 322, 14.12.1999, lch. 32).

⁽⁵⁾ Cinneadh 84/358/CEE ón gComhairle (IO L 188, 16.7.1984, lch. 7).

⁽⁶⁾ Cinneadh 98/249/CE ón gComhairle (IO L 104, 3.4.1998, lch. 1).

⁽⁷⁾ Cinneadh 93/550/CEE ón gComhairle (IO L 267, 28.10.1993, lch. 20).

⁽⁸⁾ Cinneadh 2010/655/AE ón gComhairle (IO L 285, 30.10.2010, lch. 1).

⁽⁹⁾ IO L 131, 28.5.2009, lch. 11.

⁽¹⁰⁾ IO L 323, 3.12.2008, lch. 33.

Níor cheart sonraí an chúinimh theicniúil a sholáthraíonn an Gníomhaireacht a chumhdach le Rialachán (AE) Uimh. 1406/2002, ar sonraí iad maidir leis an gcigireacht slándála muirí a chuireann an Coimisiún i gcrích i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 324/2008 ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2008 lena leagtar síos nósanna imeachta athbhreithnithe le haghaidh cigireachta a dhéanann an Coimisiún i réimse na slándála muirí⁽¹⁾.

- (41) D'fhonn comhleanúnachas a áirithiú le cuspóirí beartais agus le leagan amach institiúideach an Aontais chomh maith leis na nósanna imeachta riaracháin agus airgeadais is infheidhme, ba cheart don Choimisiún comhairle fhoirmiúil a lorg mar thuairim i scríbhinn maidir le dréacht-straitéis ilbhliantúil na Gníomhaireachta chomh maith leis na dréachtchláir oibre bhliantúla atá aici, ar cheart don Bhord Riaracháin a chur san áireamh sula nglacfaidh sé na doiciméid sin.
- (42) D'fhonn nós imeachta cothrom agus trédhearcach maidir le ceapachán an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a áirithiú, ba cheart go mbeadh an nós imeachta roghnúcháin a leanar i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin maidir le roghnú agus le hainmniú Stiúrthóirí do ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais. Foráiltear leis na treoirlínte sin gur féidir le náisiúnaigh aon Bhallstáit iarratas a chur isteach. Ar na cúiseanna céanna, ba cheart go ndéanfaidh breathnóir ionadaíocht ar son an Bhoird Riaracháin sa choiste réamhroghnúcháin. Ba cheart an breathnóir a choimeád ar an eolas le linn céimeanna an nós imeachta roghnúcháin a thiocfaidh ina dhiaidh sin. Tráth a nglacfaidh an Bord Riaracháin a chinneadh maidir le ceapachán, ba cheart go mbeadh a chomhaltaí in ann ceisteanna maidir leis an nós imeachta roghnúcháin a chur ar an gCoimisiún. Thairis sin, ba cheart go mbeadh an deis ag an mBord Riaracháin agallamh a chur ar na hiarrthóirí gearrliostaithe, i gcomhréir leis an nós imeachta caighdeánach. Ba cheart go ndéanfaidh gach páirtí lena mbainfeadh, ag gach céim den nós imeachta roghnúcháin agus ceapacháin le haghaidh phost Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta, a áirithiú go ndéanfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí Comhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin⁽²⁾.
- (43) Cé go ndéantar an Gníomhaireacht a mhaoiniú den chuid is mó trí bhíthin ranniocaíochta ón Aontas, tá ioncaim aici freisin atá mar thoradh ar tháillí agus ar mhuirir a bhaineann lena cuid seirbhísí. Baineann na táillí agus na muirir sin go háirithe le hoibriú Ionad Sonraí LRIT an AE agus cuirtear i bhfeidhm iad i gcomhréir leis an Rún ón gComhairle a glacadh an 1 agus an 2 Deireadh Fómhair 2007 agus an 9 Nollaig 2008 maidir le hIonad Sonraí LRIT an AE a bhunú agus go háirithe leis na míreanna a bhaineann le maoiniú tuarascálacha de chuid an LRIT.
- (44) Faoi chuimsiú na tuarascála ar dhul chun cinn dá bhforáiltear de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002, ba cheart go scrúdódh an Coimisiún chomh maith an

méid a d'fhéadfadh an Gníomhaireacht cur le gníomh reachtach a chur chun feidhme amach anseo maidir le sábháilteacht gníomhaíochtaí sirtheoireachta, taiscéal-aíochta agus táirgthe ola agus gáis amach ón gcósta, atá á scrúdú faoi láthair ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, i ndáil le cosc ar thruailliú ó shuiteálacha ola agus gáis amach ón gcósta, agus saineolas agus uirlisí bunaithe agus aitheanta na Gníomhaireachta á gcur san áireamh.

- (45) Ba cheart go gcuideodh gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, i gcás inarb iomchuí, le Spás Eorpach Muiriompair gan Bhacainní iarbhair a bhunú.
- (46) Ba cheart go ndéanfaí Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais⁽³⁾, agus go háirithe Airteagal 208 de, a chur san áireamh.
- (47) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 leis seo mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1 go 3:

“Airteagal 1

Cuspóirí

1. Leis an Rialachán seo bunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (“an Gníomhaireacht”) d’fhonn leibhéal ard, aonfhoirmeach agus éifeachtach sábháilteachta muirí, slándála muirí, coisc agus freagartha ar thruailliú ó longa a áirithiú agus chun freagairt den leibhéal sin a áirithiú freisin ar thruailliú mara a thagann as suiteálacha gáis agus ola.

2. Chuige sin, comhoibreoigh an Gníomhaireacht leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún agus déanfaidh sí cúnaimh teicniúil, oibríochtúil agus eolaíoch sna réimsí dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar dóibh laistigh de theorainneacha na gcroíchúraimí a leagtar amach in Airteagal 2 den Airteagal seo agus, de réir mar is iomchuí agus nuair is iomchuí, laistigh de theorainneacha na gcúraimí coimhdeacha atá leagtha amach in Airteagal 2a, go háirithe d’fhonn cabhrú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún gníomhartha ábhartha dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i gceart. Maidir le réimse na freagartha do thruailliú, ní sholáthróidh an Gníomhaireacht cúnaimh oibríochtúil ach arna iarraidh sin don Bhallstát nó do na Ballstáit lena mbaineann.

3. Tríd an gcúnaimh dá dtagraítear i mír 2 a sholáthar, cuideoidh an Gníomhaireacht, i gcás inarb iomchuí, le héifeachtúlacht fhoriomlán maidir le trácht iomlán agus le hiompar muirí mar a leagtar amach é sa Rialachán seo, lena n-éascófar Spás Eorpach Muiriompair gan Bhacainní a bhunú.

⁽¹⁾ IO L 98, 10.4.2008, lch. 5.

⁽²⁾ IO L 8, 12.1.2001, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 298, 26.10.2012, lch. 1.

Airteagal 2

Croíchúraimí na Gníomhaireachta

1. D'fhonn a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 ar bhealach iomchuí, comhlíonfaidh an Gníomhaireacht na croíchúraimí a liostaítear san Airteagal seo.

2. Beidh an Gníomhaireacht de chúnamh ag an gCoimisiún:

(a) san obair ullmhúcháin chun gníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais a uasdátú agus a fhorbairt, go háirithe i gcomhréir le forbairt na reachtaíochta idirnáisiúnta;

(b) i gcur chun feidhme éifeachtach na ngníomhartha ábhartha de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí a chur chun feidhme, go háirithe trí chuairteanna agus trí chigireachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo a chur i gcrích agus trí chúnamh teicniúil a sholáthar don Choimisiún i gcomhlíonadh na gcúraimí cigireachta a shanntar dó de bhun Airteagal 9(4) de Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 (*). Maidir leis sin, féadfaidh sí moltaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le haon fheabhsú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na gníomhartha sin atá ceangailteach ó thaobh dlí de;

(c) san anailís ar thionscadail atá ar siúl agus atá curtha i gcrích ar thionscadail iad atá ábhartha do chuspóirí na Gníomhaireachta; féadfaidh sainaitheant bhearta leantacha mar thoradh ar thionscadail taighde shonracha a áireamh;

(d) i bhfeidhmiú aon chúraim eile a shanntar don Choimisiún i ngníomhartha reachtacha an Aontais maidir le cuspóirí na Gníomhaireachta.

3. Oibreoidh an Gníomhaireacht leis na Ballstáit chun na gríoch seo a leanas:

(a) i gcás inarb iomchuí, gníomhaíochtaí oiliúna ábhartha a eagrú i réimsí a bhfuil na Ballstáit freagrach astu;

(b) réitigh theicniúla a fhorbairt, lena n-áirítear seirbhísí ábhartha oibríochtúla a sholáthar, agus cúnaimh teicniúil a sholáthar i ndáil leis an gcumas náisiúnta is gá a fhorbairt le haghaidh gníomhartha ábhartha dlí an Aontais a chur chun feidhme;

(c) faisnéis iomchuí a sholáthar, arna iarraidh sin do Bhallstát, a thagann as na cigireachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3 d'fhonn tacú leis an bhfaireachán ar eagraíochtaí aitheanta a dhéanann cúraimí deimhniúcháin thar ceann na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir 2009/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge agus maidir le gníomhaíochtaí ábhartha na gcóras riaracháin muirí (***) gan dochar do chearta agus oibleagáidí an bhratstáit;

(d) tacaíocht a thabhairt, ar bhealaí breise atá éifeachtúil ó thaobh costais de, do gníomhaíochtaí freagartha do thruailliú i gcás truaillithe ó longa mar aon le truailliú

mar a thagann as suiteálacha gáis agus ola, tráth a ndéanfaidh Ballstát iarraidh mar sin, ar Ballstát é a bhfuil éifeacht ag an truailliú sin air agus ar faoina údarás a chuirtear na hoibríochtaí glanta i gcrích, gan dochar don fhreagracht atá ar Stáit ar an gcósta sásraí iomchuí chun freagairt ar thruailliú a bheith ar bun acu agus an comhar atá idir na Ballstáit cheana sa réimse seo á n-urramú acu. De réir mar is iomchuí, rachaidh iarrataí ar gníomhaíochtaí frith-thruaillithe a shlógadh trí Shásra an AE um Chosaint Shibhialta arna bunú le Cinneadh 2007/779/CE ón gComhairle, Euratom (***)

4. Éascóidh an Gníomhaireacht an comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún:

(a) i réimse an fhaireacháin tráchta atá cumhdaithe le Treoir 2002/59/CE, cothóidh an Gníomhaireacht, go háirithe, comhar idir bruach-Stáit sna réimsí loingseoireachta lena mbaineann, agus forbróidh sí agus oibreoidh sí Lárionad an Aontais Eorpaigh um Shonraí maidir le hAithint agus Rianú Fadraoin Long (Lárionad Sonraí LRIT Eorpach) agus Córas an Aontais um Malartú Faisnéise Muirí (SafeSeaNet) dá dtagraítear in Airteagal 6b agus in Airteagal 22a den Treoir sin chomh maith le córas malartaithe sonraí faisnéise um Aithint agus Rianú Idirnáisiúnta Fadraoin Long a fhorbairt agus a oibriú i gcomhréir leis an tiomantas a rinneadh ("EMI");

(b) tríd an méid a leanas a sholáthar, arna iarraidh sin agus gan dochar don dlí náisiúnta ná do dhlí an Aontais: sonraí ábhartha suiteála soitheach agus bhreathnadóireacht na Cruinne do na húdaráis inniúla náisiúnta agus do chomhlachtaí ábhartha an Aontais de réir a sainordú, chun cabhrú le bearta i gcoinne bhagairtí na píoráideachta agus bhagairtí ó gníomhartha neamhdhleathacha a dhéanfaí d'aon turas, faoi mar a fhoráiltear dó i ndlí infheidhme an Aontais nó faoi ionstraimí dlí arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta i réimse an iompair mhuirí, faoi réir na rialacha infheidhme maidir le cosaint sonraí agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta riaracháin a bhunóidh Bord Riaracháin nó Grúpa Stiúrtha Ardleibhéil arna mbunú i gcomhréir le Treoir 2002/59/CE, de réir mar is iomchuí. Beidh soláthar sonraí maidir le haithint agus rianú fadraoin long faoi réir thoilíú an Bhratstáit lena mbaineann.

(c) i réimse an imscrúdaithe ar thaismigh agus teagmhais mhuirí i gcomhréir le Treoir 2009/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena mbunaítear na bunphrionsabail a rialaíonn imscrúdú ar thionóiscí in earnáil an mhuiroimpair (****); tabharfaidh an Gníomhaireacht, arna iarraidh sin do na Ballstáit ábhartha agus ag glacadh leis nach dtiocfadh coinbhleacht leasa as, tacaíocht oibríochtúil do na Ballstáit sin i leith imscrúduithe a bhaineann le taismigh thromchúiseacha nó fhíor-thromchúiseacha agus déanfaidh sí anailís ar thuarascálacha imscrúduithe sábháilteacht d'fhonn breisluach ar leibhéal an Aontais a aithint i dtéarmaí aon cheachta ábhartha atá le tarraingt as. Ar bhonn sonraí a sholáthróidh na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 17 den Treoir sin, cuirfidh an Gníomhaireacht tuairisc bhliantúil i dtoll a chéile i ndáil le taismigh agus teagmhais mhuirí;

- (d) agus staidreamh, faisnéis agus sonraí atá oibhachtúil, iontaofa agus inchomparáide á soláthar, lena gcuirfí ar chumas an Choimisiúin agus na mBallstát na bearta is gá a dhéanamh chun a ngníomhaíochtaí a fheabhsú agus chun éifeachtacht agus cost-éifeachtúlacht na mbearta atá ann cheana a mheas. Áireofar sna cúraimí sin sonraí teicniúla a bhailiú agus a thaifeadadh agus meastóireacht a dhéanamh ar na sonraí sin, bunachair shonraí atá ann cheana a shaothrú go córasach, lena n-áirítear a gcrostoirciú, agus, nuair is iomchuí, bunachair shonraí bhreise a fhorbairt. Ar bhonn na sonraí a bhaileofar, beidh an Gníomhaireacht de chúnamh ag an gCoimisiún agus faisnéis i ndáil le longa á foilsíú de bhun Threoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú ag Stát an chalafoirt (****);
- (e) trí shonraí a bhailiú agus a anailísíú a bhaineann le maraithe, ar sonraí iad a sholáthraítear agus a úsáidtear i gcomhréir le Treoir 2008/106/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le híosleibhéal traenála maraithe (*****);
- (f) agus sainaitheint agus tóraíocht long á bhfeabhsú, ar longa iad a dhéanann sceitheadh neamhdhleathach, i gcomhréir le Treoir 2005/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le truailliú ó longa agus pionóis ar sháruithe a thabhairt isteach (*****);
- (g) maidir le truailliú ola mara ó shuiteálacha gáis agus ola, trína Seirbhís Eorpach Faireachán Satailíte Ola (CleanSeaNet) a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar mhéid an truaillithe sin agus ar a thionchar ar an gcomhshaol;
- (h) agus cúnaimh teicniúil á sholáthar do na Ballstáit agus don Choimisiún chun cur le hobairt ábhartha na gcomhlachtaí teicniúla mar an IMO, an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) a mhéid a bhaineann sé le loingseoireacht, agus Meabhrán Tuisceana Pháras i ndáil le Rialú ag Stát an Chalafoirt (“MT Pháras”) agus eagraíochtaí réigiúnacha ábhartha a bhfuil an tAontas aontaithe dóibh, i ndáil le ceisteanna a bhaineann le hinniúlacht an Aontais;
- (i) maidir le cur chun feidhme Treorach 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le foirmiúlachtaí tuairiscithe le haghaidh long atá ag teacht isteach i gcalafoirt na mBallstát agus/nó ag imeacht ó chalafoirt na mBallstát (*****), go háirithe trí tharchur leictreonach na sonraí a éascú trí SafeSeaNet agus trí thacú le forbairt na fuinneoige aonair.

5. Féadfaidh an Gníomhaireacht, arna iarraidh sin don Choimisiún, cúnaimh teicniúil a sholáthar, lena n-áirítear eagrú gníomhaíochtaí oiliúna ábhartha, maidir le gníomhartha dlí ábhartha an Aontais, do Stáit atá ag cur isteach ar aontachas, agus nuair is iomchuí, do thíortha comhpháirtíochta Chomharsanacht na hEorpa agus do thíortha atá páirteach i MT Pháras i ndáil le Rialú ag Stát an Chalafoirt.

Féadfaidh an Gníomhaireacht cúnaimh a sholáthar i gcás truaillithe ó longa chomh maith le truailliú mara a thagann as suiteálacha gáis agus ola a mbíonn iarmhairt acu ar na tríú tíortha sin a roinneann imchuach réigiúnach leis an

Aontas, i gcomhréir le Sásra an AE um Chosaint Shibhialta arna bunú le Cinneadh 2007/779/CE, Euratom, ón gComhairle trí analaí leis na coinníollacha is infheidhme maidir le Ballstáit dá dtagraítear i mír 3(d) den Airteagal seo. Déanfar na cúraimí sin a chomhordú leis na socrúithe comhair réigiúnacha atá ann cheana agus a bhaineann le truailliú muirí.

Airteagal 2a

Cúraimí coimhdeacha na Gníomhaireachta

1. Gan dochar do na croíchúraimí dá dtagraítear in Airteagal 2, beidh an Gníomhaireacht de chúnamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit, de réir mar is iomchuí, agus gníomhaíochtaí an Aontais mar a leagtar amach i mír 2 agus i mír 3 den Airteagal seo a bhaineann le cuspóirí na Gníomhaireachta á bhforbairt agus á gcur chun feidhme, sa mhéid go bhfuil saineolas agus uirlisí bunaithe agus aitheanta ag an nGníomhaireacht. Maidir leis na cúraimí coimhdeacha a leagtar amach san Airteagal seo:

- cruthófar breisluach réasúnaithe leo;
- seachnófar dúbláil iarrachtaí leo;
- is ar mhaithe le beartas muiroiompair an Aontais a bheidh siad;
- ní bheidh siad díobhálach do chroíchúraimí na Gníomhaireachta agus
- ní sháróidh siad cearta agus oibleagáidí na mBallstát, go háirithe mar Bhratstáit, Stáit an chalafoirt agus Stáit chósta.

2. Beidh an Gníomhaireacht de chúnamh ag an gCoimisiún:

- i gcomhthéacs chur chun feidhme Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (*****), trí rannchuidiú leis an gCuspóir chun dea-riocht comhshaoil d'uisce mara a bhaint amach, le heilimintí na teorach a bhaineann le loingseoireacht agus trí thorthaí na n-uirlisí atá ann cheana amhail SafeSeaNet agus CleanSeaNet a shaothrú;
- chun cúnaimh teicniúil a sholáthar maidir le hastaíochtaí gáis cheaptha teasa ó longa, go háirithe agus forbairtí idirnáisiúnta leanúnacha á leanúint;
- faoi mar a bhaineann sé le clár an Fhaireacháin Dhomhanda don Chomhshaol agus don tSlándáil (GMES), agus úsáid sonraí agus seirbhísí GMES chun críocha muirí á gcur chun cinn, laistigh de chreat rialachais an GMES;
- agus Timpeallacht Chomónta um Chomhroinnt Faisnéise á forbairt i réimse muirí AE;
- i ndáil le suiteálacha soghluaiste ola agus gáis amach ón gcósta, agus riachtanais IMO á n-imscrúdú, agus faisnéis bhunúsach á bailiú faoi bhagairtí a d'fhéadfaidh a bheith ann don mhuiroiompar agus don chomhshaol muirí;
- trí fhaisnéis ábhartha a sholáthar i ndáil le comhlachtaí aicmiúcháin le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre i gcomhréir le Treoir 2006/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 lena

leagtar síos riachtanais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre (*****). Beidh an fhaisnéis sin mar chuid de na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 3(4) agus (5) den Rialachán seo chomh maith.

3. Beidh an Gníomhaireacht de chúnamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit:

- (a) trí indéantacht agus cur chun feidhme na mbeartas agus na dtionscadal lena dtacaítear bunú an Spáis Eorpaigh Muiriompair gan Bhacainní, amháil coincheap an Crios Gorm agus e-Maritime, chomh maith le Mótarbhealaí na Farraige. Déanfar sin go háirithe trí fheachaint le feidhmiúlachtaí breise a chur le SafeSeaNet, gan dochar do ról an Ghrúpa Stiúrtha Ardleibhéil a bunaíodh i gcomhréir le Treoir 2002/59/CE;
- (b) trí fheachaint, i gcomhar leis na húdaráis inniúla do Chóras na Seirbhísí Faisnéise Abhann, an bhféadfaí faisnéis a roinnt idir an córas sin agus córais faisnéise mhuirompair ar bhonn na tuarascála dá dtagraítear in Airteagal 15 de Threoir 2010/65/AE.
- (c) trí idirmhalartú deonach na ndeachleachtas a éascú san oiliúint mhuirí agus san oideachas muirí san Aontas agus trí fhaisnéis a sholáthar maidir le clár mhalartaithe an Aontais atá ábhartha maidir leis an oiliúint mhuirí, agus Airteagal 166 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) á urramú ina iomláine aici ag an am céanna.

Airteagal 3

Cuairteanna ar Bhallstáit agus cigireachtaí

1. D'fhonn na cúraimí a shanntar di a chomhlíonadh agus chun cuidiú leis an gCoimisiún i gcomhlíonadh a dhualgas faoi CFAE, agus go háirithe cur chun feidhme éifeachtach dhlí ábhartha an Aontais a mheasúnú, déanfaidh an Gníomhaireacht cuairteanna a thabhairt ar na Ballstáit i gcomhréir leis an modheolaíocht arna bunú ag an mBord Riaracháin.

2. Cuirfidh an Gníomhaireacht an Ballstát lena mbaineann ar an eolas in am tráthúil faoin gcuairt phleanáilte, faoi ainm na n-oifigeach údraithe, agus faoin dáta ar a dtosóidh an chuairt agus an fad a mhairfidh sí. Maidir leis na hoifigigh atá tarmligthe chun cuairteanna mar sin a thabhairt, déanfaidh siad é ach cinneadh i scríbhinn a fháil ó Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta lena sonrúfáir cuspóir agus aidhmeanna a misin.

3. Déanfaidh an Gníomhaireacht cigireachtaí thar ceann an Choimisiúin mar a cheanglófar le gníomhartha an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir le heagraíochtaí a aithníonn an tAontas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha agus caighdeáin choitianta le haghaidh cigireacht a dhéanamh ar longa agus maidir le heagraíochtaí suirbhéireacht (*****), agus maidir le maraithe i dtríú tíortha a oiliúint agus a dheimhniú i gcomhréir le Treoir 2008/106/CE.

4. Ag deireadh gach cuairte nó gach cigireachta, déanfaidh an Gníomhaireacht tuarascáil a tharraingt suas agus a chur chuig an gCoimisiún i agus chuig an mBallstát lena mbaineann.

5. I gcás inarb iomchuí, agus in aon chás ina gcuirfeadh timthriall cigireachtaí nó cuairteanna i gcrích, déanfaidh an Gníomhaireacht anailís ar thuarascálacha ón timthriall sin d'fhonn torthaí cothrománacha agus conclúidí ginearálta ar éifeachtacht agus ar chostas-éifeachtúlacht na mbeart atá ar bun a aithint. Cuirfidh an Gníomhaireacht an anailís seo faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh tuilleadh plé leis na Ballstáit chun aon cheacht ábhartha a tharraingt as agus chun scaipeadh na ndea-chleachtas oibre a éascú.

(*) IO L 129, 29.4.2004, lch. 6.

(**) IO L 131, 28.5.2009, lch. 47.

(***) IO L 314, 1.12.2007, lch. 9.

(****) IO L 131, 28.5.2009, lch. 114.

(*****) IO L 131, 28.5.2009, lch. 57.

(******) IO L 323, 3.12.2008, lch. 33.

(******) IO L 255, 30.9.2005, lch. 11.

(******) IO L 283, 29.10.2010, lch. 1.

(******) IO L 164, 25.6.2008, lch. 19.

(******) IO L 389, 30.12.2006, lch. 1.

(******) IO L 131, 28.5.2009, lch. 11.;

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3 agus mhír 4:

"3. Glacfaidh an Bord Riaracháin na socruithe praiticiúla chun mír 1 agus mír 2 a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, socruithe maidir le dul i gcomhairle leis na Ballstáit sula bhfoilseofar an fhaisnéis.

4. An fhaisnéis a bhaileoidh agus a phróiseálfadh an Coimisiún agus an Gníomhaireacht i gcomhréir leis an Rialachán seo, beidh sí faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (*) agus déanfaidh an Gníomhaireacht na bearta is gá leo chun láimhseáil agus próiseáil shábháilte na faisnéise rúnda a áirithiú.

(*) IO L 8, 12.1.2001, lch. 1.;

(3) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Arna iarraidh sin don Choimisiún, féadfaidh an Bord Riaracháin a chinneadh, le comhaontú na mBallstát lena mbaineann, agus i gcomhar leo, agus an aire iomchuí á tabhairt ar impleachtaí buiséadacha, lena n-áirítear an méid a chuirfidh na Ballstáit lena mbaineann ar fáil, na lárionaid réigiúnacha is gá a bhunú d'fhonn cuid de chúraimí na Gníomhaireachta a chomhlíonadh ar an mbealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí agus is féidir. Agus cinneadh mar sin á dhéanamh, saineoidh an Bord Riaracháin scóp beacht gníomhaíochtaí an lárionaid réigiúnaigh agus seachnófar aon chostais airgeadais neamhriachtanacha agus cuirfeadh leis an gcomhar leis na líonraí réigiúnacha agus náisiúnta arbh ann dóibh cheana.;"

(4) in Airteagal 10, leasaítear mír 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) glacfaidh sé an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta agus cuirfidh sé ar aghaidh í gach bliain faoin 15 Meitheamh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an gCúirt Iníúcháir agus chuig na Ballstáit.

Cuirfidh an Gníomhaireacht ar aghaidh chuig an údarás buiséadach, ar bhonn bliantúil, an fhaisnéis uile a bhaineann le toradh na nósanna imeachta meastóireachta;”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) iarrataí ar chúnamh a dhéantar chuig an gCoimisiún, dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(d), iarrataí ar chúnamh teicniúil ó Bhallstáit, dá dtagraítear in Airteagal 2(3), agus iarrataí ar chúnamh teicniúil, dá dtagraítear in Airteagal 2(5) mar aon le hiarrataí ar chúnamh dá dtagraítear in Airteagal 2a a scrúdú agus a fhorfhéas, faoi chuimsiú an ullmhúcháin a dhéantar don chlár oibre;

(ca) straitéis ilbhliantúil a scrúdú agus a ghlacadh le haghaidh thréimhse cúig bliana agus lena gcuirfean an tuairim scríofa ón gCoimisiún san áireamh;

(cb) plean beartais foirne ilbhliantúil na Gníomhaireachta a scrúdú agus a ghlacadh;

(cc) machnamh a dhéanamh ar dhréachtsoicruithe riaracháin, dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(ba);”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

“(g) modheolaíocht a shainiú do na cuairteanna a dhéanfar de bhua Airteagal 3. I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún in iúl, laistigh de 15 lá ón dáta a nglacfar an mhodheolaíocht, nach n-aontaíonn sé léi, déanfaidh an Bord Riaracháin an mhodheolaíocht a athscrúdú agus a ghlacadh, agus leasú a bheith déanta uirthi más iomchuí, ar an dara léamh trí thiomlath dhá thrian, lena n-áirítear ionadaithe an Choimisiúin, nó d’aon toil ionadaithe na mBallstáit;”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

“(h) a chuid cúraimí i ndáil le buiséad na Gníomhaireachta de bhun Airteagal 18, Airteagal 19 agus Airteagal 21 a dhéanamh agus faireachán a dhéanamh ar bhearta leantacha, mar aon le bearta leantacha dóthanacha a áirithiú, i dtaobh chinntí agus moltaí a eascraíonn as tuarascálacha agus meastóireachtaí éagsúla iniúcháireachta, bíodh siad inmheánach nó seachtrach;”;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

“(i) údarás araíonachta a fheidhmiú ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus ar na Cinn Roinne dá dtagraítear in Airteagal 16;”;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (l):

“(l) athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú airgeadais an phlean mhionsonraithe dá dtagraítear i bpointe (k) den mhír seo agus ar na ceangaltais bhuiséadacha dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 2038/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le maoiniú ilbhliantúil do ghníomhaíocht na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí i réimse na freagartha do thruaillíú ó longa (*);”;

(*) IO L 394, 30.12.2006, lch. 1.”.

(g) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

“(m) breathnóir a cheapadh as measc a comhaltaí chun go leanfadh sé nós imeachta roghnúcháin an Choimisiúin chun Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh.”;

(5) leasaítear Airteagal 11 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír de mhír 1:

“Déanfar comhaltaí an Bhoird Riaracháin a cheapadh ar bhonn an méid taithí agus saeolais ábhartha atá acu sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún, araon a ndícheall le go mbeidh ionadaíocht chothrom ar fhir agus ar mhná ar an mBord Riaracháin.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Ceithre bliana a bheidh i ré an téarma oifige. Féadfar an téarma oifige a athnuachan.”;

(6) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Nuair atá ceist rúndachta nó coinbhleachta leas ann, féadfaidh an Bord Riaracháin cinneadh a dhéanamh na hábhair sonracha ar a chlár oibre a scrúdú gan na comhaltaí lena mbaineann bheith i láthair. Leagfar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm na forála seo sna rialacha an nós imeachta.”;

(7) leasaítear Airteagal 15 mar seo a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) agus phointe (b):

“(a) ullmhóidh sé/sí straitéis ilbhliantúil na Gníomhaireachta agus cuirfidh sé/sí í faoi bhráid an Bhoird Riaracháin tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún ar a laghad ocht seachtaine roimh chruinniú ábhartha an Bhoird Riaracháin, agus na barúlacha agus na moltaí a rinne comhaltaí an Bhoird Riaracháin a gcur san áireamh;

(aa) ullmhóidh sé/sí plean beartais foirne ilbhliantúil na Gníomhaireachta agus cuirfidh sé/sí é faoi bhráid an Bhoird Riaracháin tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún ar a laghad ceithre seachtaine roimh chruinniú ábhartha an Bhoird Riaracháin;

- (ab) ullmhóidh sé/sí an clár oibre bliantúil, ina dtabharfar le fios na hacmhainní ionchasacha daonna agus airgeadais a chionroinnfear ar gach gníomhaíocht, agus an plean mionsonraithe i gcomhair gníomhaíochtaí ullmhachta agus freagartha na Gníomhaireachta i gcás truaillithe, agus cuirfidh sé faoi bhráid an Bhoird Riaracháin iad tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún ar a laghad ocht seachtaine roimh an gcuinniú ábhartha Boird. Déanfaidh sé/sí na bearta is gá chun iad a chur chun feidhme. Freagróidh sé/sí aon iarrataí ar chúnamh ó Bhallstát i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(c);
- (b) cinntíonn sé/sí na cuairteanna agus na cigireachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 3 a dhéanamh, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus de réir an bheartais do chuireanna a bhunaigh an Bord Riaracháin i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(g);
- (ba) féadfaidh sé/sí dul i mbun socrúithe riaracháin le comhlachtaí eile atá ag obair i réimse gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ar choinníoll gur cuireadh an dréachtsochrú faoi bhráid an Bhoird Riaracháin le haghaidh comhairliúcháin agus ar choinníoll nach ndéanfaidh an Bord Riaracháin agóid laistigh de cheithre seachtaine.”;
- (b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):
- “(d) eagróidh sé/sí córas faireacháin éifeachtach ionas go mbeidh sé/sí in ann na spriocanna atá bainte amach ag an nGníomhaireacht a chur i gcomparáid lena cuspóirí agus lena cúraimí mar atá leagtha síos sa Rialachán seo. Chun na críche sin, bunóidh sé/sí, i gcomhaontú leis an gCoimisiún, táscairí feidhmíochta sainoiriúnaithe lena bhféadfar measúnú éifeachtach a dhéanamh ar na torthaí atá bainte amach. Áiritheoidh sé/sí go ndéanfar struchtúr éagrúcháin na Gníomhaireachta a oiriúnú go rialta do na hathruithe a thiocfaidh ar na riachtanais agus é sin laistigh de na hacmhainní airgeadais agus daonna atá ar fáil. Ar an mbonn sin, ullmhóidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin dréacht-tuarascáil ghinearálta gach bliain agus cuirfidh sé faoi bhráid an Bhoird Riaracháin í chun machnamh a dhéanamh uirthi. Beidh roinn ar leith sa tuarascáil i ndáil le feidhmiú airgeadais an phlean mhionsonraithe i gcomhair gníomhaíochtaí ullmhachta agus freagartha na Gníomhaireachta i gcás truaillithe agus tabharfar tuairisc chun dáta ar stádas na ngníomhaíochtaí ar fad atá cistithe faoin bplean sin. Bunóidh sé/sí nósanna imeachta le haghaidh meastóireachta rialta a chomhlíonfaidh caighdeán ghairmiúla aitheanta.”;
- (c) i mír 2, scriostar pointe (g);
- (d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3 Tabharfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tuairisc ar chomhlíonadh a thascanna nó a cúraimí do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle, dé réir mar is iomchuí.

Go háirithe, cuirfidh sé/sí i láthair an staid reatha maidir le hullmhú na straitéise ilbhliantúla agus maidir leis an gclár oibre bliantúil.”;

- (8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16:

“Airteagal 16

Ceapachán agus dífhostú an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus na gCeann Roinne

1. Is é an Bord Riaracháin a cheapfaidh agus a dhífhostóidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Ceapfar duine ar feadh thréimhse cúig bliana agus ar bhonn tuillteanais agus inniúlachta riaracháin agus bainistithe doiciméadaithe, mar aon le taithí doiciméadaithe sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1 tar éis tuairim an bhreathnóra dá dtagraítear in Airteagal 10 a fháil. Ceapfar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ó liosta ar a mbeidh trí iarrthóir ar a laghad a mholfaidh an Coimisiún tar éis comórtais oscailte i ndiaidh cuireadh ar léirithe spéise a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus in áiteanna eile. Féadfar iarraidh ar an iarrthóir a roghnaítear ráiteas a thabhairt os comhair an choiste inniúil de chuid Parlaimint na hEorpa agus ceisteanna chomhaltaí an choiste a fhreagairt. Déanfaidh an Bord Riaracháin plé ar dhífhostú arna iarraidh sin ag an gCoimisiún nó ag aon trian dá chomhaltaí. Déanfaidh an Bord Riaracháin cinntí ar cheapachán nó ar dhífhostú trí throllach ceithre chúigiú de na comhaltaí uile a bhfuil ceart vótála acu.

2. Féadfaidh an Bord Riaracháin, ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún, agus an tuarascáil meastóireachta á cur san áireamh, téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a fhadú, aon uair amháin, ar feadh ceithre bliana ar a mhéid. Déanfaidh an Bord Riaracháin cinneadh trí throllach ceithre chúigiú de na comhaltaí uile a bhfuil ceart vótála acu. Cuirfidh an Bord Riaracháin Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis an rún atá aige téarma oifige an Stiúrthóra a fhadú. Laistigh de mhí sula bhfadófar a théarma/a téarma oifige, féadfar cuireadh a thabhairt don Stiúrthóir Feidhmiúcháin ráiteas a dhéanamh os comhair choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa agus ceisteanna arna gcur ag comhaltaí an choiste a fhreagairt. I gcás nach bhfadáitear an téarma oifige, fanfaidh an Stiúrthóir in oifig go dtí go gceapfar a chomharba/a comharba.

3. Féadfaidh Ceann Roinne amháin nó níos mó cúnamh a thabhairt don Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Má bhíonn an Stiúrthóir Feidhmiúcháin as láthair nó mura mbeidh sé nó sí ar fáil, glacfaidh duine de na Cinn Roinne a ionad/a hionad.

4. Ceapfar na Cinn Roinne ar bhonn tuillteanais agus scileanna riaracháin agus bainistithe doiciméadaithe, agus ar bhonn inniúlachta gairmiúla agus taithí sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1. Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapfaidh agus a dhífhostóidh na Cinn Roinne tar éis tuairim dhearfach a fháil ón mBord Riaracháin.”;

- (9) leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

- (a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) táillí agus muirir ar fhoilseacháin, ar oiliúint agus/nó ar aon seirbhísí eile a sholáthraíonn an Gníomhaireacht.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Tarraingeoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin suas dréachtráiteas ar na meastacháin ar ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta don bhliain dár gcionn, ar bhonn buiséadaithe ghníomhaíocht-bhunaithe, agus déanfaidh sé an dréachtráiteas sin, mar aon le dréachtphlean bunaíochta, a chur ar aghaidh chuig an mBord Riaracháin.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7 agus mhír 8:

“7. Cuirfidh an Coimisiún an ráiteas ar na meastacháin ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (“an t-údarás buiséadach”) mar aon le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

8. Ar bhonn an ráitis ar mheastacháin, déanfaidh an Coimisiún na meastacháin a mheasann sé a bheith riachtanach don phlean bunaíochta, mar aon le méid an fhóirdheontais a bheidh le muirearú ar an mbuiséad ginearálta, a thaifeadadh i ndréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, a chuirfidh sé faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh i gcomhréir le hAirteagal 314 CFAE, in éineacht le tuairisc ar aon difríocht idir ráiteas meastacháin na Gníomhaireachta agus an fóirdheontas a bheidh le muirearú ar an mbuiséad ginearálta, chomh maith le bonn cirt do na difríochtaí sin.”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

“10. Glacfaidh an Bord Riaracháin an buiséad. Tiocfaidh sé chun bheith críochnaitheach tar éis ghlacadh críochnaitheach bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. I gcás inarb iomchuí, déanfar é, in éineacht leis an gclár oibre bliantúil, a choigeartú dá réir sin.”;

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 22:

“Airteagal 22

Meastóireacht

1. Go tráthrialta agus ar a laghad gach cúig bliana, déanfaidh an Bord Riaracháin meastóireacht sheachtrach

neamhspleách a choimisiúint ar chur chun feidhme an Rialacháin seo. Déanfaidh an Coimisiún aon fhaisnéis a mheasann an Gníomhaireacht a bheith ábhartha don mheastóireacht sin a chur ar fáil di.

2. Déanfar measúnú ar thionchar an Rialacháin seo sa mheastóireacht, agus ar fhóntas, ar ábharthacht agus ar éifeachtúlacht na Gníomhaireachta agus a cleachtais oibre. Cuirfear tuairimí geallsealbhóirí san áireamh sa mheastóireacht, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Tabharfaidh sí aghaidh, go háirithe, ar aon ghá a d’fhéadfadh bheith ann maidir le cúraimí na gníomhaireachta a mhodhnú. Eiseoidh an Bord Riaracháin téarmaí tagartha sonracha i gcomhaontú leis an gCoimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe a bheidh i gceist.

3. Gheobhaidh an Bord Riaracháin an mheastóireacht agus seolfaidh sé moltaí chuig an gCoimisiún maidir le hathruithe ar an Rialachán seo, ar an nGníomhaireacht agus ar a cleachtais oibre. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na meastóireachta mar aon leis na moltaí a eascróidh aisti ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle agus poibleofar iad. Beidh plean gníomhaíochta agus clár ama san áireamh, más iomchuí.”;

(11) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 22a

Tuarascáil ar an dul chun cinn

Faoin 2 Márta 2018, agus an tuarascáil meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 22 á cur san áireamh, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena leagfar amach conas a thug an Gníomhaireacht faoi na cúraimí breise a tugadh di faoin Rialachán seo d’fhonn aon bhreiséifeachtúlacht a baineadh amach a shainaithint agus, más gá, cás a leagan amach faoina cuid cuspóirí agus cúraimí a mhodhnú.”;

(12) Scriostar Airteagal 23.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 15 Eanáir 2013.

Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
L. CREIGHTON

COSTAS SÍNTIÚIS 2013 (gan cáin bhreisluacha, ar chostas caighdeánach seachadta)

Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla de chuid an AE	EUR 1 300 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir + DVD bliantúil	22 teanga oifigiúla de chuid an AE	EUR 1 420 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla de chuid an AE	EUR 910 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, DVD míosúil (carnach)	22 teanga oifigiúla de chuid an AE	EUR 100 sa bhliain
Forlónadh don Iris Oifigiúil (sraith S), soláthairtí poiblí agus dámhachtainí, DVD, eagrán amháin sa tseachtain	Ilteangach: 23 teanga oifigiúla an AE	EUR 200 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith C — comórtais earcaíochta	Teanga(cha) de réir comórtais(as)	EUR 50 sa bhliain

Tá an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a thagann amach i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, ar fáil sna 22 teanga. Dhá shraith atá san Iris Oifigiúil, L (Reachtaíocht) agus C (Faisnéis agus Fógraí).

Ní mór síntiús ar leith do gach teanga.

I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle, a foilsíodh in Iris Oifigiúil L 156 an 18 Meitheamh 2005, níl ceangal ar Institiúidí an Aontais Eorpaigh, faoi láthair, na gníomhartha go léir a tharraingt suas as Gaeilge ná iad a fhoilsiú sa teanga sin. Dá bhrí sin, déantar na heagrán Gaeilge den Iris Oifigiúil a dhíol astu féin leis an bpobal.

Is éard atá san Fhorlónadh ar an Iris Oifigiúil (Sraith S soláthairtí poiblí agus dámhachtainí) ná na 23 leagan oifigiúla ina n-iomlán ar DVD ilteangach amháin.

Má tá síntiús agat do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá sé de cheart agat larscríbhinní éagsúla na hIrise Oifigiúla a fháil ach iad a iarraidh. Cuirtear síntiúsóirí ar an eolas faoi larscríbhinní trí fhógraí a chuirtear isteach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Díolacháin agus síntiúis

Na síntiúis do thréimhseacháin éagsúla a gcaithfear íoc astu, amhail an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá siad ar fáil ónár n-oifigí díolacháin. Tá liosta de na hoifigí díolachán sin ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige:

http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm

Tairiscíonn EUR-Lex (<http://eur-lex.europa.eu>) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an cásdlí agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: <http://europa.eu>

